Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# PÁIPÉAR BÁN AR CHOSAINT

# UASDÁTÚ 2019

# Clár na nÁbhar


**Achoimre Fheidhmeach ..... 1**

**1. Réamhrá ..... 8**

1.1 Cúlra ..... 8

1.2 Cur chuige maidir le struchtúr an Pháipéir Bháin ..... 8

1.3 Uasdátú an Pháipéir Bháin ..... 10

1.4 Forléargas ar phróiseas an Uasdátaithe ..... 10

1.5 Achoimre na gCaibidlí ..... 11

**2. Forbairtí ar phríomhghnéithe na Timpeallachta Slándála ó eisíodh an Páipéar Bán um Chosaint ..... 13**

2.1 Réamhrá ..... 13

2.2 Forbairtí ar an Timpeallacht Slándála Dhomhanda agus Réigiúnach ..... 14

2.3 Forbairbí sa Timpeallacht Gheopholaitiúil ..... 30

2.4 Forbairtí sa Timpeallacht Slándála Intíre ..... 33

2.5 Impleachtaí ar Pholasaí ..... 39

**3. Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin ..... 40**

3.1 Forléargas ar an gcur chuige i ndáil le cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin ..... 40

3.2 Forléargas ar an gcur chuige maidir leis an athbhreithniú ar thionscadail an Pháipéir Bháin 42

3.3 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 3: Slándáil Náisiúnta – Freagairt an Bheartais Chosanta ..... 44

3.4 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 4: Ceanglais Bheartais Eile ..... 45

3.5 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 6: Ceanglais Chumais ..... 46

3.6 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 7: Acmhainní Daonna na Cosanta ..... 49

3.7 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 8: Na hÓglaigh Cúltaca ..... 51

3.8 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 9: An Chosaint Shibhialta ..... 52

3.9 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 10: Cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin ..... 53

**4. Comhairliúcháin leis an gComhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil, agus Cosaint - An Máirt, 5 Márta 2019 ..... 56**

4.1 Liosta Thionscadail an Pháipéir Bháin ..... 56

4.2 Comhairliúchán ..... 57

4.3 Athruithe bunúsacha ar bheartais, agus reachtaíocht ..... 59

4.4 Na hÓglaigh Cúltaca ..... 60

4.5 Baill Foirne na Roinne Cosanta ..... 61

4.6 Achoimre ar an gcomhairliúchán ..... 63

5. Dul chun cinn ó foilsíodh an Pháipéir Bháin .................................................................. 65
5.1 Suirbhé maidir leis an Timpeallacht Oibre in Óglaigh na hÉireann ....................................... 65
5.2 Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 .................................................... 66
5.3 Earcaíocht agus Coinneáil Foirne ....................................................................................... 66
5.4 Comhionannas agus Éagsúlacht ......................................................................................... 68
5.5 Oiliúint agus Oideachas ..................................................................................................... 68
5.6 Athbhreithniú ar an Scéim Idir-réitigh agus Eadrána ........................................................... 68
5.7 Ombudsman Nua d'Óglaigh na hÉireann ............................................................................. 69
5.8 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 .................................................................................. 69
5.9 Iarshaighdiúirí .................................................................................................................. 69
5.10 Clár Do Rialtas Comhpháirtíochta ...................................................................................... 70
5.11 Ráiteas Stráitéise 2017-2020 ............................................................................................. 71
5.12 Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO) .................................................................................. 71
5.13 An Ciste Eorpach Cosanta .................................................................................................. 72
5.14 Comhaontuithe maidir le Stádas na bhFórsaí ....................................................................... 73
5.15 Breatimeacht .................................................................................................................... 73
5.16 Bainistiú Slándála Náisiúnta ............................................................................................... 74
5.17 Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála (BSÉ): Struchtúir agus Creat Náisiúnta ....................... 74
5.18 Forbairt Inniúlachta– Trealamh agus Bonneagar ................................................................. 75
5.19 Oibríochtaí Thar Lear ........................................................................................................ 76
5.20 Comóradh ......................................................................................................................... 78
6. Uasdátú 2019 ar an bPáipéar Bán - Conclúidí ................................................................... 79
6.1 Réamhrá ........................................................................................................................... 79
6.2 Uasdátú – príomhchonclúidí ............................................................................................... 79
6.3 Tátail maidir le Próiseas an Uasdátaithe ............................................................................. 90
6.4 An tAm atá le Teacht ......................................................................................................... 92

Aguisíní ................................................................................................................................ 93
A. Tras-scríbhinn ó chruinniú Choiste an Oireachtais ................................................................ 94
B Cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin – na staitisticí is deireanaí ................................................ 109
C: Liosta Thionscadail an Pháipéir Bháin ................................................................................. 110
D Tuarascáil an athbhreithnithe ar chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin .................................... 120
E. Clár do Rialtas Comhpháirtíochta – Gealltanais faoi cheannas na Roinne Cosanta ................. 133

# Achoimre Fheidhmeach

Tá an-tábhacht fós ag baint leis an gcosaint don Stát seo, agus é ina ghné riachtanach den pholasaí slándála foriomlán, a sholáthraíonn dúshraith na seasmhachta agus an rathúnais thar réimsí polaitíochta, sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil.

D'fhaomh an Rialtas an Páipéar Bán ar Chosaint i mí Iúil 2015, a sholáthraíonn creatlach straitéiseach cuimsitheach don bheartas cosanta le linn na tréimhse suas go dtí 2025. Forbraíodh é i ndiaidh phróiseas fada comhairliúcháin a raibh comhairliúchán leathan ann leis na páirtithe leasmhara. Cé gur fhaomh an Rialtas é i ndeireadh na dála, agus an tuiscint ann go bhfuil freagrachtaí príomhúla ag baint le réimse ranna rialtais agus ghníomhaireachtaí stáit maidir le cosaint an Stáit agus cosaint a shaoránach, bhí an tAire Cosanta ag ceann fhorbairt an Pháipéir Bháin agus thacaigh Grúpa Stiúrtha ardleibhéil sibhialta-míleata leis.

Ar cheann de na gealltanais is suntasaí a rinne an Rialtas sa Pháipéar Bán ná cinntiú go gcoinneofaí an beartas cosanta cothrom le dáta agus chun cinnteacht agus rialtacht a thabhairt do phróiseas phleanáil agus ullmhacht fhoriomlán na cosanta. Tá sé seo á bhaint amach trí thimthriall nua seasta d'athbhreithnithe cosanta a thabhairt isteach, a dhéanfar gach trí bliana. An chéad athbhreithniú dá short sin ná an tUasdátú seo ar an bPáipéar Bán, mar aon leis an gcéad leagan eile faoin dtimthriall, Athbhreithniú níos cuimsithí ar an gCosaint Straitéiseach. Mionsonraíonn an Páipéar Bán gur chóir go gcuimseodh na hathbhreithnithe seo measúnacht lán-uasdátaithe ar an gcomhshaol slándála agus machnamh úr ar na himpleachtaí a bhaineann le riachtanais beartas, tascanna comhlachaithe, forbairt chumais agus acmhainní foriomlána. Amach anseo, imeascfar na hathbhreithnithe timthrialla tráthrialta leis na measúnachtaí slándála a dhéanfaidh an tIonad nuabhunaithe um Anailís Slándála Náisiúnta.

Beidh saintréithe an bheartas Cosanta mar a bhí riamh, mar a fheictear thíos:

- beartas neodrachta gníomhaí míleata;
- cur chuige ardghníomhach agus rannpháirteach go idirnáisiúnta, tríd na Náisiúin Aontaithe (NA) agus an Aontas Eorpach (AE), ach go háirithe;

- tiomantas i leith forálacha cosanta a thagann le riachtanais reatha agus teagmhais;
- rannpháirtíocht chomhaltaí aonair agus coiteanna de chuid na Fórsaí Cosanta a aithint agus an dualgas chun na tréithe seo a mheas mar tréithe riachtanacha do státacht na hÉireann.

Ó thús Páipéir Bháin 2015 leagtar measúnacht chuimsitheach agus cheannródaíoch amach ar an gcomhshaol slándála dinimiciúil. Soláthraíonn sé seo comhthéacs fhreagra an Rialtais i leith an bheartas cosanta agus an rannpháirtíocht chosanta i leith slándála, lena n-áirítear an Stát a chosaint ó ionsaí armtha agus an rannpháirtíocht chosanta don slándáil intíre trí réimse leathan tacaíochtaí laethúla a sholáthar don Gharda Síochána. Ar a bharr sin, agus iarracht á dhéanamh luach saothair a uasmhéadú maidir le caiteachas na cosanta, i dtaobh leas níos leithne an Stáit, déanann an Páipéar Bán foráil do riachtanais beartas, nach mbaineann leis an slándáil, leis an bhforáil chomhlachaithe do réimse seirbhísí do ranna agus do ghníomhaireachtaí eile. Feictear na riachtanais seo are fad sna páirteanna éagsúla a shann an Rialtas do na Fórsaí Cosanta sa Pháipéar Bán.

Túsphointe an Uasdátaithe seo ná uasdátú an mheasúnacht ar an gcomhshaol slándála ó Pháipéar Bán 2015. Críochnaigh grúpa ardléibhéil idir-rannach/idir-ghníomhaireachta faoi stiúir na Roinne Cosanta an t-athbhreithniú seo. Bhí ionadaíocht shinsearach ó na Fórsaí Cosanta ann chomh maith le ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla eile a bhfuil cúraimí slándála acu, lena n-áirítear An Roinn Dlí is Cirt agus Comhionannais agus An Garda Síochána. Cinneann an t-athbhreithniú, cé nach bhfuil athrú i ndiaidh teacht ar bhunleibhéal comhiomlán bagartha an Stáit seo a thabharfadh údar leis an léibhéal foriomlán bagartha a ardú, go bhfuil na cuinsí i ndiaidh forbairt agus athrú le linn na tréimhse ó bhí 2015 ann. Bíonn tionchar ag imeachtaí idirnáisiúnta ar ár bhfolláine pholaitiúil, shóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil i slite agus i bpátrúin níos casta ná riamh. Meastar go bhfuil na bagairtí sa chibirfhearann agus ón spiaireacht ag méadú ó bhí 2015 ann agus go bhfuil an comhshaol polaitiúil domhanda níos casta agus éiginnte anois.

Mar gheall ar an measúnacht uasdátaithe ar an gcomhshaol slándála atá ag éirí níos dinimiciúla, ní mholann an Rialtas aon athrú ar bheartas ina chur chuige foriomlán maidir leis an gCosaint lena n-áirítear rólanna na bhFórsaí Cosanta mar a leagtar amach sa Pháipéar Bán.

Go bunúsach, deimhníonn an tUasdátú bunghnéithe chur chuige an Pháipéir Bháin fad agus a aithníonn sé go bhfuil dúshláin ann a dteastóidh fócas leanúnach gan staonadh uathu. Tá suntas ag baint le roinnt acu seo, ar nós réimse na n-acmhainní daonna agus i sainréimsí áirithe eile. Díol suntais is ea é go bhfuil luas méadaithe ar oibríochtaí thar lear ó bhí 2015 ann, fad is a thagtar le tacaíochtaí criticiúla laethúla An Garda Síochána ag caighdeán fíor-ard mar a leantar ar aghaidh. Ina ainneoin sin, tá difríocht aitheanta idir gealltanais a bhaint amach laistigh de pharaiméadair seirbhísí, mar a leagtar amach sna Comhaontuithe ar Léibhéal na Seirbhíse mar shampla, agus an léibhéal a bhfuiltear ag iarraidh maidir leis an aschur agus an teagmhas má bhítear ag oibriú le teaghlachas nach mór lán de 9,500 pearsanra de chuid na Buan-Óglaigh (BO). Tá na Fórsaí Cosanta faoi bhun a dteaghlachais, díth shuntasach i gcás an Aerchóir agus na Seirbhíse Cabhlaigh, agus is príomhthosaíocht é an taoide a chasadh air seo.

Tá athbhreithniú déanta ag an Uasdátú seo ar na príomhthosaíochtaí cumais mar a leagtar amach sa Pháipéar Bán. Is cuid lárnach den chumas iad Acmhainní Daonna agus leagann an Páipéar Bán clár cuimsitheach síos d'fhorbairt AD. Aithníonn an tUasdátú seo gur easpa cumais is ea bearna reatha nirt faoi bhun theaghlachas na BO. Tá an t-easnamh reatha le sonrú i sainréimsí ach go háirithe, a mbíonn líonta beaga níos leochailí i leith mbearnaí. Gan slándáil a chur i mbaol, an toradh a bhíonn ar thionchar an easnaimh seo ná níos mó brú ar chomhaltaí aonair agus aonaid; imríodh tionchar chomh maith ar scóip oibríochtaí de chuid an Aerchóir agus na Seirbhíse Cabhlaigh agus ar infhaighteacht oibríochta roinnt aerárthaí agus líon foriomlán na long a chaifear a bhainistiú go cúramach. Beidh tús áite i gcónaí ag na beartais atá ar bun chun dul i ngleic leis na dúshláin seo, cé go n-aithníonn an tUasdátú an fhéidearthacht a bhaineann le gá na breisiúlachta i réimsí áirithe lena n-áirítear na fórsaí speisialta, cibear, bainistiú slándála, ceanncheathruithe (forbairt cumais agus comhoibríochtaí san áireamh) agus sainrólanna eile.

Tharla críoch an Uasdátaithe seo ag an am céanna le foilsiú an Triú Tuarascáil de chuid Choimisiún Pá na Seirbhíse Poiblí (CPSP), a rinne imscrúdú cuimsitheach ar earcaíocht agus ar fhadhbanna coinneála sa Rannóg Cosanta. Tá Plean Feidhmithe Ardleibhéil curtha i bhfeidhm an ag Rialtas a chlúdaíonn réimsí feabhsúchán i luachanna saothair, chomh maith leis an mbunús le haghaidh tionscnamh tábhachtach sa todhchaí. Tá Oifig Bainistíochta Cláir (OBC)

chomhpháirteach shibhialta-mhíleata nua curtha ar bun chun an Plean a chur chun feidhme ina iomláine. An toradh a bheidh ar an bPlean nua, atá bunaithe ar mholtaí an CPSP, ná roinnt de na tionscnaimh reatha a bhaineann le hacmhainní daonna sa Pháipéar Bán a chur in ord tosaíochta arís. Déanfaidh an OBC nua cinnte de, faoi stiúir an Aire, go gcomhshamhlófar tionscadail reatha ar shlí éifeachtach sa chlár oibre nua. Cuirfidh an OBC tacaíocht foirne ar fáil d'urraitheoirí tionscadail agus déanfaidh an oifig comhordú dlúth leis na rannpháirtithe, nach den Roinn Cosanta iad, a éascú, is iad sin Roinn an Taoisigh agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An toradh a bhí ar an athbhreithniú ar thionscnaimh de chuid an Pháipéir Bháin, a rinneadh mar chuid den Uasdátú seo, ná go ndearnadh cinntí tábhachtacha a mbeidh tionchar acu ar an tosaíocht fhoriomlán agus ar sheicheamhú tionscnamh. Áirítear leis seo iad siúd atá ar bun faoi láthair agus iad sin a chomharthaítear le tosú chomh luath agus is féidir laistigh de chreatlach an chláir fhoriomláin feidhmithe deich mbliana (2015 go 2025). Tugadh an tábhacht a bhaineann le tionscnaimh a dhéanfadh anailís ar easpa scileanna laistigh de na BO agus cur chun cinn an Feidhm um Fhorbairt Cumais chun solais mar bunriachtanais. Is cuid lárnach de thús tionscnamh áirithe eile é an tionscnamh maidir le hanailís ar bhearnaí, a aithneoidh méid an bhearna maidir le scileanna agus beartais chuí chun dul i ngleic leo. I measc na tionscnamh eile seo ná cinn a bhaineann leis na hÓglaigh Cúltaca (OC). Cuireadh béim ar a thábhacht tríd an bhfócas ar phleanáil an lucht saothair sa Phlean Ardleibhéil chun Tuarascáil an CPSP a chur i bhfeidhm. Tugtar aird chomh maith ar sheicheamhú tionscnamh áirithe agus a gcríochnú i gceist sula gcríochnófaí an tAthbhreithniú Stráitéiseach Cosanta atá le teacht. Ina theannta sin, tá sé tugtha faoi deara ag an Ard-Rúnaí agus ag an gCeann Fuirinne, ar comhthionscanóirí iad i dtaobh an athbhreithnithe ar an tionscnamh maidir le ceannas agus le smacht ardléibhéil, go bhfuil an-suntas ag baint leis an tionscnamh seo.

Maidir le maoiniúchán, tá sé curtha in iúl ag an Uasdátú seo go bhfuil an clár caipitil ilbhliantúil, a sheoladh mar *Project Ireland 2040*, i ndiaidh leibhéal foriomlán infheistíochta a mhéadú agus suim iomlán de €541 milliún ann don Chosaint go dtí 2022. Cuireadh tosaíochtaí móra infheistíochta chun cinn lena n-áirítear clár uasghrádaithe chabhlach an Airm de 80 Iompróir Armúrtha Pearsanra, seachadadh ceithre Árthach nua Patróil amach ón gCósta don

tSeirbhís Chabhlaigh, agus trí aerárthach nua PC12, le cumais fheabhsuithe, á dtógáil faoi láthair don Aerchóir.

Chun tacú leis seo, tá pleananna cuimsitheacha á bhforbairt chun tosaíochtaí an tionscnaimh maidir le trealamh agus bonneagar a threorú thar an bPáipéar Bán bunaithe ar an imchlúdach maoiniúcháin atá ar fáil.

Tá pleanáil ar bun freisin maidir le héadáil Árthach Ilról le cur in ionad long cheannais na Seirbhíse Cabhlaigh, LÉ Eithne, agus cuireadh tús le Clár um Meánaois a Shíniú do dhá árthach P50. Mar thoradh ar chomórtas ar thairiscintí, aithníodh an rogha tairgeora le déanaí, agus tá idirbheartaíocht ar siúl, le cur in ionad an dá Aerárthach Mhuirí CASA de chuid an Aerchóir.

Lena linn sin, infheistíodh breis agus €30m i réimse thionscnaimh bonneagair thar na heagair uile ó bhí 2016 ann. Mar sin féin, ag aithint go raibh an infheistíocht srianta, tá deiseanna leanúnacha ann maidir le hinfheistíocht in áiseanna míleata a fheabhsú. I láthair na huaire, tá tionscnaimh forbartha bonneagair ar luach €37m á gcur i bhfeidhm ar chéimeanna éagsúla. I measc na dtionscnamh, tá uasghrádú agus nuachóiriú áiseanna an Airm, an Aerchóir agus na Seirbhíse Cabhlaigh. Seolfar clár infheistíochta dírithe cúig bliana, a bhainfidh úsáid as an infheistíocht dá foráiltear i d*Tionscadal Éireann 2040*, in Eanáir 2020.

Cé gur forbairtí dearfacha iad na tionscadail trealaimh agus bonneagair sin astu féin, a léiríonn comhoibriú leanúnach idir pearsanra sibhialta agus míleata laistigh den Roinn Cosanta, agus leis na heagair éagsúla mhíleata, sonraíonn an tUasdátú seo go bhfuil acmhainneacht leanúnach ann maidir le hinfheistíocht bhreise i dtionscadail chaipitiúla. Níl mar thoradh ar leibhéil mhaoiniúcháin reatha ach athsholáthair ardáin mhóra trealaimh ar bhonn seicheamhach nó thar thréimhsí éadála atá sínte amach. Fanann sé mar atá nach féidir réimse riachtanais trealaimh a aithnítear sa Pháipéar Bán a chur chun cinn ar feadh tamaill shuntasaigh nó go bhfanfaidh siad go mbeidh infheistíocht sa bhreis ar fáil. Dá réir sin, don am i láthair, ní bhaineann na riachtanais seo lenar féidir a chur i dtús áite laistigh de na buiséid atá ann. Lena linn sin, cuireann na héilimh ar chumas, atá ag éirí níos sofaisticiúla agus níos dinimiciúla, chomh maith leis an ngá atá ann dul i ngleic le cuspóirí maidir le hathrú aeráide, cuireann siad seo in iúl na riachtanais leanúnacha maidir le infheistíocht bhreisithe.

Sa réimse domhanda neartaíonn an tUasdátú seo cur chuige gníomhach na hÉireann maidir leis an gcoinne idirnáisiúnta mar ollriachtanas sa comhshaol slándála san aimsir láithreach agus sa todhchaí. Cuireann sé béim chomh maith ar an tslí nach bhfuil beartas cosanta na hÉireann, beartas neodrachta míleata, aonaránach agus nach féidir leis maolán cosanta a sholáthar i gcoinne eachtraí domhanda nó forbairtí sa chomhshaol slándála a mbeidh tionchar acu ar an tír seo. Is codanna lárnacha den bheartas slándála é ghníomhaíocht an-ghníomhach Éireann sna NA, san AE, i gComhpháirtíocht na Síochána (CnS) de chuid Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) toisc gurb ionann an ghníomhaíocht seo agus an phríomhshlí is féidir linn múnlú a dhéanamh ar imeachtaí nó beartais aonaracha Stáit, nó i dteannta a chéile, a bhféadfadh tionchar bheith acu anseo.

Maidir leis na OC, tá an Páipéar Bán soiléir go bhfuil gá leanúnach ann chun na OC a choinneáil agus a chothabháil. Aithníonn an tUasdátú seo gur dúshlán lárnach é pearsanra dóthanach a earcú, a thraenáil agus a choinneáil chun an teaghlachas Cúltaca, mar a leagtar síos sa Pháipéar Bán, a bhaint amach. Mar sin féin, tá gá chomh maith le cothromaíocht éigin a fháil maidir leis na tacaíochtaí a dteastaítear chun earcú BO agus OC a bhaint amach agus le blianta beaga anuas cuireadh an bhéim ar earcú na OC mar ba ghá.

I dtaobh na Cosanta Sibhialta, aithníonn an tUasdátú seo na tacaíochtaí riachtanacha a chuireann oibrithe deonacha ar fáil agus an dul chun cinn atá déanta maidir le gealltanas an Rialtais maidir le forbairt leanúnach na Cosanta Sibhialta bunaithe ar a chuspóir lárnach stráitéiseach a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do na Gníomhaireachtaí Príomhaí Freagartha i suíomhanna éagsúla éigeandála agus neamhéigeandála.

I ndeireadh na dála, maidir leis an mBreatimeacht, cuireadh tús leis an Uasdátú seo, agus cuireadh i gcrích é, fad is atá an Breatimeacht ag forbairt. Tá sé deacair fós na himpleachtaí beachta slándála a bheidh ag Brexit a thuar, bíodh is go bhféadfaí drochthionchar a bheith ar an timpeallacht iomlán a bhfuil slándáil ann. Ina aineoinn sin, cuireann an tUasdátú seo in iúl go bhfuil na suimeanna céanna slándála agus cosanta ag an AE agus an RA agus go bhfuil an ceachtar acu tiomanta chun na córais riachtanacha a chur ar bun chun oibriú go dlúth lena chéile i ndiaidh don RA an AE a fhágáil. Lena linn sin, tá an Eagraíocht um Chosaint fós ag

pleanáil le haghaidh an Bhreatimeachta chun dul i ngleic le dúshláin arbh fhéidir leo teacht chun cinn agus neartaíonn cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin ullmhacht an Stáit sa réimse cosanta.

# 1 Réamhrá

## 1.1 Cúlra

Soláthraíonn an Páipéar Bán reatha, ar fhaomh an Rialtas i mí Iúil 2015, an creatlach do bheartas cosanta stráitéiseach agus cuimsitheach don tréimhse suas go dtí 2025.

Ba é an Páipéar Bán ar Chosaint roimhe seo, a foilsíodh in 2000, an chéad pháipéar bán dá leithéid i stair an Stáit. In 2013, le himeacht aimsire agus mar gheall ar na hathruithe suntasacha sa timpeallacht slándála a raibh teacht chun cinn bagairtí nua casta trasnáisiúnta ann, chuir an Rialtas tús le Páipéar Bán nua a ullmhú tríd an gcéad Pháipéar Glas ar Chosaint a fhoilsiú. Leag sé seo síos réimse ceisteanna maidir le beartas agus d'iarr sé aighneachtaí maidir le riachtanais i dtaobh bheartas cosanta na hÉireann sa todhchaí.

I dteannta na 122 aighneacht a fuarthas mar fhreagra ar an bPáipéar Glas a mheas, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin fhorleathain agus an Páipéar Bán reatha á fhorbairt. Reachtáladh cainteanna le réimse ranna rialtais agus ghníomhaireachtaí stáit mar gheall ar shaincheisteanna leathana maidir le beartas. Fuarthas tuairimí eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus fócas sonrach ar threochtaí dóchúla amach anseo a bhaineann le hoibríochtaí um síocháin idirnáisiúnta a chaomhnú. D'óstáil an tAire Cosanta siompóisiam ar an bPáipéar Bán i mí Bealtaine 2015 agus sholáthair é seo, chomh maith le ráitis sa Dáil i mí Meithimh 2015, sholáthair siad seo deis deiridh le haghaidh ionchur ó pháirtithe leasmhara, sula gcríochnófaí an Páipéar Bán. Tá an Páipéar Bán foilsithe ar láithreán gréasáin an Roinne Cosanta ag www.defence.ie.

## 1.2 Cur chuige maidir le struchtúr an Pháipéir Bháin

Toisc go n-aithníonn an Páipéar Bán gurb í an slándáil bunchloch ar a dtógtar gradaim an tsochaí, leagann sé síos measúnacht chuimsitheach réamhbhreathnaitheach ar an gcomhshaol dinimiciúil slándála ar dtús. Tugann sé seo comhthéacs maidir le freagra an Rialtais maidir le beartas cosanta agus suíonn sé an rannpháirtíocht chosanta i leith chúrsaí slándála.

Cé go bhfuil freagracht ag réimse ranna rialtais agus ghníomhaireachtaí stáit as an bhfreagra ar bhagairtí a aithnítear sa mheasúnacht slándála a threorú agus a phleanáil, soláthraíonn an Páipéar Bán creatlach beartas maidir leis an stát a chosaint ó ionsaitheacht armtha, maidir le rannpháirtíocht chosanta i gcúrsaí slándála intíre, lena n-áirítear réimse leathan tacaíochtaí laethúla do An Garda Síochána, agus rannpháirtíocht chosanta i leith síochána agus slándála idirnáisiúnta. Ina theannta sin, leagtar síos an rannpháirtíocht chosanta i leith cibearshlándála, ag tacú leis An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, chomh maith le rannpháirtíocht chosanta eile i leith éigeandála agus géarchéimeanna eile, lena n-áirítear obair an Oifig Pleanála Éigeandála. Déanann an Páipéar Bán socrú freisin do riachtanais beartas "neamh-slándála" eile, a uasmhéadaíonn úsáid sócmhainní cosanta atá ar fáil agus luach foriomlán saothair a bhaintear amach maidir le caiteachas cosanta ar son leasa níos leithne an Stáit. Léirítear na riachtanais seo ar fad sna rólanna a shannaigh an Rialtas do na Fórsaí Cosanta sa Pháipéar Bán.

Geallann an Páipéar Bán go gcaomhnódh sé tacaíocht na hÉireann do na Náisiúin Aontaithe (NA) agus go n-oibreoidh sé go dlúth le comhpháirtithe Eorpacha i bhforbairt leanúnach Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CSC) de chuid an Aontais Eorpaigh (AE). Luaitear ann freisin go leanfaidh Éire ar aghaidh ag glacadh páirte i gComhpháirtíocht na Síochána (CnS) de chuid Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), atá ríthábhachtach i bhforbairt na hidir-inoibritheachta atá riachtanach chun oibriú gan dua i dteannta comhoibrithe ar oibríochtaí thar lear maidir le tacaíocht síochána agus bainistiú géarchéime. Ní athraíonn an Páipéar Bán beartas traidisiúnta na hÉireann de neodracht mhíleata nó na riachtanais dlí a rialaíonn imlonnú chomhaltaí na bhFórsaí Cosanta thar lear.

Leagann an Páipéar Bán príomhchinntí cumais chomh maith. Déantar machnamh ar riachtanais chumais agus tosaíochtaí comhlachaithe sa todhchaí, agus béim ar na cineálacha oibríochtaí a bhfhéadfadh na Fórsaí Cosanta tabhairt fúthu sna blianta amach romhainn. Is cur chuige réadúil é forbairt chumais míleata solúbtha oiriúnaitheacha chun éiginnteacht sa todhchaí a láimhseáil agus na rólanna a shannfar. Tugann an Páipéar Bán faoi réimse saincheisteanna cumais ar nós “jointness” agus maidir le trealamh, aithníonn sé mórthosaíochtaí a bhaineann lena athsholáthair. Aithnítear Acmhainní Daonna mar chuid lárnach den chumas agus leagann an Páipéar Bán plean cuimsitheach síos maidir le forbairt

AD. Sa Pháipéar Bán tá caibidlí ar leith a phléann na hÓglaigh Cúltaca (OC) agus an Chosaint Shibhialta araon agus a bhfuil gealltanais áirithe ann maidir leis an dá cheann acu. Tugann an Páipéar Bán líon moltaí nua isteach, ar nós fhorbairt scéim um thacú le cúrsaí fostaíochta, agus áirítear leis sin rannán a phléann Athlaochra agus an tacaíocht a fhaigheann na hEagraíochtaí Athlaochra ón Roinn Cosanta agus ó na Fórsaí Cosanta.

## 1.3 Uasdátú an Pháipéir Bháin

Ar cheann de na mórthograí nua sa Pháipéar Bán tá gealltanas ag an Rialtas chun timthriall nua tráthrialta le haghaidh athbhreithnithe cosanta a chur ar bun, a dhéanfar ar thimthriall trí bliana. Is éard atá i gceist leis na hathbhreithnithe seo, atá coitianta go hidirnáisiúnta, ná le cinntiú go mbeidh an beartas cosanta i gcónaí cothrom le dáta agus chun cinnteacht agus rialtacht a thabhairt chuig próiseas phleanáil agus ullmhacht fhoriomlán na cosanta. An chéad cheann de na hathbhreithnithe seo ná an tUasdátú Páipéir Bháin seo, agus de réir an Pháipéir Bháin, leanfaidh Athbhreithniú ar Chosaint Straitéiseach níos cuimsithí é.

Soláthraíonn an Páipéar Bán go ndéanfaidh na hathbhreithnithe seo machnamh ar an dul chun cinn atá déanta agus ar aon athcheartú atá ag teastáil. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh measúnacht lán-uasdátaithe ar an gcomhshaol slándála mar chuid de na hathbhreithnithe seo le machnamh úr ar na himpleachtaí maidir le riachtanais fhoriomlána beartas, tascanna comhlachaithe, forbairt cumais agus earcaíocht. Thug an Rialtas freisin, tríd an bPáipéar Bán, go mbeidh seasamh nua ag na próisis athbhreithnithe seo i dtaobh bainistíochta poblí agus go dtarlódh na comhairliúcháin ar fad, mar aon le machnamh a dhéanamh ar na hathbhreithnithe seo a chur ar bhonn reachtúil.

## 1.4 Forléargas ar phróiseas an Uasdátaithe

Bhí an tUasdátú faoi stiúir an Aire a bhfuil freagracht aige as an gCosaint agus bhainistigh Grúpa Stiúrtha ardléibhéil sibhialta-míleata an próiseas. Faoi seo bhí Grúpa Oibre, a raibh ionadaithe sibhialta agus míleata mar chuid de, a d'oibrigh chun tacaíocht a thabhairt don Ghrúpa Stiúrtha.

Dhírigh an próiseas chun an tUasdátú a chur i gcrích ar trí ghné leathana:

1. An Comhshaol Slándála a mheasúnú
2. An tAthbhreithniú ar an bPáipéar Bán a chur i bhfeidhm
3. Comhairliúchán leis an gComhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus um Chosaint

Is cuid ar leith den Chaibidil iad gach ceann de na gnéithe seo san Uasdátú seo agus clúdaítear níos mionsonraithe iad i gCreatlach an chéad Chaibidil eile.

## 1.5 Achoimre na gCaibidlí

**Caibidil 2 - Forbairtí i bpríomhghnéithe an Chomhshaoil Slándála ón bPáipéar Bán ar Chosaint**

Sa Pháipéar Bán ar Chosaint 2015 (Caibidil 2) tá measúnacht ar an gcomhshaol slándála a rinne machnamh ar réimse leathan bagairtí ar shlándáil don Stát. Rinneadh é seo chun freagra an bheartais chosanta a chur sa chomhthéacs cuí maidir le rólanna treoraithe nó tacaíochta a bhíonn ag an gcosaint. Rinne grúpa ardléibhéil idir-ranna/idir-ghníomhaireachtaí an mheasúnacht uasdátaithe ar an gcomhshaol slándála. Bhí an grúpa faoi stiúir, ag léibhéal an Rúnaí Chúnta, an Roinn Cosanta agus bhí ionadaithe ann ó Roinn an Taoisigh, ón Roinn Dlí is Cirt agus Comhionannais, ón Roinn Ghnóthaí Eachtracha agus Trádála, ó na Fórsaí Cosanta, ón Garda Síochána agus ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Briseann an Chaibidil seo síos an mheasúnacht uasdátaithe ar an gcomhshaol slándála ina bhforbairtí sa chomhshaol slándála réigiúnda agus domhanda, sa chomhshaol geopholaitiúil agus sa chomhshaol slándála intíre. Agus an obair seo á cur i gcrích, d'fhéach an Roinn Cosanta ar obair an Choiste Comh-Aireachta um Shlándáil agus tá sé tugtha faoi deara go bhfuil forbairtí ag eascairt ó Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, a foilsíodh in 2018. Sa chomhthéacs seo tá na céimeanna a glacadh chun Ionad um Anailís Slándála Náisiúnta a chur ar bun ábhartha.

**Caibidil 3 - Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin**

Ó foilsíodh an Páipéar Bán, aithníodh 95 tionscnamh éagsúla ar féidir iad a chur i gcrích thar tréimhse deich mbliana. Bhí cur chuige comhpháirteach um bainistíocht tionscadal mar chuid de phróiseas chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin.

Áirítear leis an Uasdátú seo tá athbhreithniú ar an dul chun cinn foriomlán ar na 95 tionscnamh a bhaineann le cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin agus iad dealaithe síos de réir caibidle sa Pháipéar Bán agus rangaithe de réir a saolré, ó 'tosaithe' go 'dúnta'. D'úsáid an t-athbhreithniú seo próiseas ordaithe ceithre chéim chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh, idir cruinnithe le hurraitheoirí tionscnamh agus tuarasacáil a ghabhann toradh gach céime.

**Caibidil 4 - Comhairliúchán leis an Oireachtas**

Bhuail an tAire, ar a bhfuil freagrachtaí i leith Cosanta, le baill an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus um Chosaint ar 5ú Márta 2019 maidir le hUasdátú an Pháipéir Bháin agus an próiseas a bhaineann le timthriall tráthrialta d'athbhreithnithe cosanta a chur ar bun. Leagann an Chaibidil seo síos na príomhshaincheisteanna a ardaíodh agus tá trasscríbhinn iomlán den chruinniú in Aguisín A.

**Caibidil 5 - Forbairtí ó Pháipéar Bán 2015 i leith**

Cuimsíonn an Chaibidil seo na saincheisteanna agus na himeachtaí a tharla ó foilsíodh an Páipéar Bán ar Chosaint in 2015.

**Caibidil 6 - Conclúidí**

Sa Chaibidil seo tá conclúidí a rinneadh maidir leis na príomhshaincheisteanna a eascraíonn ón Uasdátú seo agus ón bpróiseas é féin.

# 2. Forbairtí ar phríomhghnéithe na Timpeallachta Slándála ó eisíodh an Páipéar Bán um Chosaint

## 2.1 Réamhrá

Cuimsíodh sa Páipéar Bán um Chosaint 2015 measúnú ar an Timpeallacht Slándála, a sholáthair an comhthéacs don chur chuige beartais a leagadh amach. Mar chuid den Nuashonrú seo ar an bPáipéar Bán, nuashonraíodh an Timpeallacht Slándála chun léargas ginearálta a sholáthar ar phríomhfhorbairtí agus, ach go háirithe, chun athruithe a thabhairt faoi deara a tharla ó foilsíodh an Páipéar Bán.

In 2015, sainaithníodh sa Pháipéar Bán na teorainneacha a bhí ag éirí bí ba dhoiléire i gcónaí idir slándáil inmheánach agus sheachtrach agus tugadh chun solais ann gur féidir le himeachtaí i dtíortha eile iarmhairtí suntasacha a bheith acu in Éirinn. Dá bharr, glacadh le dearcadh ní b’fhairsinge den tslándáil náisiúnta sa mheasúnú a rinneadh ar an Timpeallacht Slándála agus níor tháinig athrú ar bith ar chúrsaí i dturas an ama a chruthódh údar chun an dearcadh seo a chúngú ar bith. Dá réir, rinneadh athmheas ar na bagairtí fairsinge slándála atá ar an Stát san athbhreithniú seo, ar príomhghné é den Nuashonrú seo ar an bPáipéar Bán, i gcomhthéacs athruithe agus forbairtí ó bhí an bhliain 2015 ann, go hidirnáisiúnta agus go hintíre, a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar fhreagairt an bheartais chosanta sna blianta amach romhainn. Mar chur chuige uile-rialtais, cuirtear ar fáil san athbhreithniú seo peirspictíocht choiteann do gach gné den rialtas a bhaineann le slándáil an Stáit.

Tacaíonn eolas, faisnéis oibríochtúil agus feasacht staide ina measc leis an athbhreithniú seo ar mheasúnú 2015, atá ag réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais a bhfuil príomhfhreagrachtaí orthu i limistéir na slándála náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí baint lárnach ag anailís chuimsitheach trasearnála ar eolas fíriciúil, ábhartha agus iontaofa nuair a bhí an t-athbhreithniú seo á chur le chéile agus measúnú amháin nuashonraithe iomlán á dhéanamh de ar an timpeallacht slándála reatha agus amach anseo. Bunaithe ar eolas atá ar fáil, ba ghá na limistéir siúd a shainaithint a dteastaíonn aird leanúnach uathu agus iad siúd a shainaithint a bhféadfadh tábhacht níos mó nó tábhacht laghdaithe baint leo ar chúiseanna éagsúla.

Cruthaíonn measúnú slándála an riosca go ndéanfar tábhacht tosca ar leith a rómheas nó a ghannmheas. Anuas air sin, ní bhíonn nascacht bhagairtí nó imeachtaí éagsúla le himeacht ama neamhchasta i gcónaí. Déanann iompar daoine ar leibhéal idirstáit, gníomhaireacht stáit agus duine aonair, i dteannta a chéile, an domhan ina mairimid a mhúnlú. Cuirtear fíorbhagairtí a bhraitear, anuas ar bhagairtí féideartha nó bagairtí a mheastar i dteannta a chéile chun an íomhá ar an iomlán a chruthú. Beidh sé dúshlánach de shíor chun an íomhá an-chasta seo a chruthú nuair a chuirtear san áireamh go mbeidh méid áirithe de shuibiachtúlacht i gceist. Ar a bharr sin, faoi mar a tugadh faoi deara in 2015, ní féidir an timpeallacht slándála amach anseo a thuar le cinnteacht agus beidh bagairtí amach anseo i gcónaí ann nach eol iad. D'fhéadfadh an méid sin a mheastar atá fánach inniu teacht chun cinn go tapa mar bhagairt láithreach ar shlándáil an Stáit agus ar a leasanna slándála agus, dá bharr, is minic gur féidir le bearnaí inár n-eolas teacht chun solais i bhfoirm suaite straitéisigh a imríonn tionchar ar fud an chórais nó trasnáisiúnta. Is tábhachtach, ar an ábhar sin, go ndéantar breithniú ar an measúnú nuashonraithe seo ar an timpeallacht slándála agus réadúlacht na héiginnteachta sin curtha san áireamh.

## 2.2 Forbairtí ar an Timpeallacht Slándála Dhomhanda agus Réigiúnach

### *2.2.1 Cineál Uileghabhálach na Coimhlinte*

Is soiléir go leanann cineál na coimhlinte ag teacht chun cinn, ach go bhfuil sé éirithe níos casta, chomh maith. Ní thugann sin le fios go bhfuil méid leibhéal na bagartha atá orainn anseo in Éirinn, ar an iomlán, níos mó ná an leibhéal a bhí i gceist in 2015 ach is soiléir go bhfuil dúshláin nua, dúshláin nach raibh coinne leo ina measc, ag teacht chun cinn go domhanda agus go bhfuil fianaise mhéadaitheach ann go bhfuiltear ag glacadh le cur chuige neamhghnásach, agus ar leibhéal stáit ach go háirithe. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht slándála, ar an ábhar sin, i gcomhthéacs a leibhéil chobhsaíochta agus an bealach athraitheach is féidir le bagairtí teacht chun solais. Leanann iad seo ag teacht chun cinn agus gné den íomhá shlándála is ea leochaileacht a shainaithint laistigh den íomhá seo atá ag teacht chun cinn. Mar shampla, tá cogaíocht hibrideach ina sainghné go coitianta den cheangal atá ag éirí níos scaoilte idir coimhlint idirstáit, an sceimhlitheoireacht agus gníomhaíocht choiriúil, go háirithe sa chibear-réimse, inar féidir le gníomhairí stáit agus neamhstáit úsáid a bhaint as gnáthmhodhanna agus modhanna ardleibhéil neamhshiméadracha i gcomhthráth i measc na réimsí seo a leanas: talamh, farraige, aer, cibear-réimse agus spás.

In 2015, tugadh faoi deara go gcothaítear an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas agus coireacht eagraithe trasteorann i gcriosanna coimhlinte agus stáit leochaileacha. Leanann éagobhsaíocht mar thoradh ar stáit leochaileacha a bheith in ann coimhlintí níos fairsinge a spreagadh agus imríonn an cás geopholaitiúil san Eoraip agus timpeall na hEorpa tionchar ar an tírdhreach coireachta eagraithe san AE. Tá an tionchar a imríonn coimhlintí ar fhorimeall an AE sa Libia, an tSiria agus an Úcráin ar thromchoireacht agus coireacht eagraithe san AE tugtha faoi deara cheana féin.

Leanann réimse rannpháirtithe trasnáisiúnta, stáit, grúpa agus aonair a bheith bainteach i gcoimhlint a oibríonn ar leibhéal domhanda, réigiúnach agus áitiúil i dteannta a chéile agus ar bhonn aonair. Maidir le roinnt coimhlintí, bíonn foréigean, sceimhlitheoireacht, ceannairc agus coiriúlacht idirphobail ann. Le blianta beaga anuas, go háirithe sa tSiria agus Éimin, maraíodh líonta ollmhóra de shibhialtaigh agus thit géarchéimeanna tubaisteacha daonnúla amach mar thoradh ar choimhlintí. Ón mbliain 2015 ar aghaidh, dúshlán atá ag dul i méid is ea an úsáid a bhaineann gníomhairí stáit agus neamhstáit as airm phléascacha i gceantair a bhfuil daonra iontu. Is soiléir gur baineadh úsáid as na hairm siúd i gceantair a bhfuil daonra iontu sa tSiria agus in Éimin chun láithreacha nach féidir cónaí iontu a dhéanamh de láithreacha áirithe uirbeacha. Ní bhaineann an éifeacht mhillteanach atá aige seo ar shibhialtaigh ach amháin leis an tionchar láithreach a imríonn bombardú marthanach ag airm phléascacha, ach baineann na héifeachtaí níos fadtéarmaí agus tánaisteacha leis a chruthaíonn milleadh príomhbhonneagair agus seirbhísí ríthábhachtacha. Cuireann na leibhéil siúd de mhilleadh bac ar fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus comhshaoil tíortha a n-imrítear tionchar orthu, i bhfad i ndiaidh go bhfuil an choimhlint thart.

Dá bharr, is ionann seo agus toise bhreise sa bhagairt mhéadaitheach a chruthaíonn éagobhsaíocht réigiúnach leanúnach i limistéir a ndéantar difear dóibh. Imríonn seo tionchar ar oibríochtaí idirnáisiúnta bainistíochta géarchéime, rannpháirtíocht na hÉireann i misin na Náisiún Aontaithe ina measc a oibríonn sna réigiúin seo, agus ar chumas na bhfórsaí coimeádta síochána chun tabhairt faoin sainordú a sannadh dóibh. Imríonn sé drochthionchar, chomh maith, ar oibriú eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), gníomhaireachtaí forbartha agus oibrithe daonnúla sna criosanna coimhlinte seo.

### *2.2.2 An Sféar Hibrideach*

Ábhar ar leith buartha ar Éirinn is ea an chaoi go bhfuil gné shuntasach déanta anois de na gníomhaíochtaí hibrideacha den timpeallacht slándála Eorpach. Mar gheall go bhfuil foirmeacha neamhghnásacha á ndéanamh níos minice de na bagairtí a bhíonn i gceist, cruthaíonn sé dúshlán mór slándála anois. Ionsaithe faoi stiúir stáit iad seo go minic agus féadfaidh siad a bheith fisiciúil, ar nós foirmeacha nua den sceimhlitheoireacht, digiteach, trí chibearionsaithe casta, nó níos caolchúisí agus dírithe ar bhrú a chur i bhfeidhm go comhéigneach lena lorg chun an bonn a bhaint de chroíluachanna, ar nós dínit dhaonna, saoirse agus daonlathais.

Cé gurb éagsúil na sainmhínithe ar bhagairtí hibrideacha, agus gur gá dóibh bheith solúbtha chun freagairt dá gcineál atá ag teacht chun cinn, cruthaítear sa choincheap an meascán de ghníomhaíocht chomhéigneach agus shuaiteach, gnáthmhodhanna agus modhanna neamhghnácha (i.e. taidhleoireachta, míleata, geilleagrach, teicneolaíochta), ar féidir le gníomhairí stáit nó neamhstáit iad a úsáid ar bhealach comhordaithe chun cuspóirí ar leith a bhaint amach, agus bheith faoi bhun thairseach na cogaíochta a dhearbhaítear go foirmiúil.

Is leathan don réimse de mhodhanna agus gníomhaíochtaí hibrideacha, agus tá buarthaí méadaitheacha ann maidir cur isteach ar thoghcháin, feachtais bhréagaisnéise, ionramháil na meán, cibearghníomhaíochtaí mailíseacha agus déantóirí gníomhartha hibrideacha a dhéanann iarracht chun baill leochaileacha den tsochaí a radacú mar a ngníomhairí athróige. Is iomaí buairt atá ann, chomh maith, faoi ionsaithe faoi stiúir an stáit ar phríomhbhonneagar, dúmhál geilleagrach agus a bhaineann le trádáil, agus an bonn a bhaint d’institiúidí idirnáisiúnta.

Nuair a tharlaíonn an ghníomhaíocht siúd, is gnách go mbíonn béim ar leas a bhaint as leochaileacht na sprice agus ar dhébhrí a ghiniúint chun bac a chur ar phróisis chinnteoireachta. Tá straitéisí hibrideacha comhtháite, sioncronaithe, agus saincheaptha chun éifeacht ar leith a bhaint amach de réir na sprice. Is éard a bhaineann leo ná cur i bhfeidhm láraithe nó comhordú éifeachtach idir leibhéil éagsúla de chinnteoireacht. Is féidir le hionsaithe hibrideacha a bheith inséanta agus úsáideann siad meascán de bhealaí ceilte agus neamhcheilte. Deartar na bearta d’aon turas chun go gcruthaíonn siad mearbhall agus

go ndéanann siad an t-idirdhealú idir an tsíocháin agus cogadh a dhoiléiriú, a chruthaíonn deacracht do na spriocanna chun freagairt ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil.

Is cinnte go bhfuil an leibhéal de ghníomhaíocht hibrideach ag dul i méid, agus is amhlaidh atá freagairt na hÉireann dó. Dá bharr, is tábhachtach a sheachaint aon réchúis fhéideartha faoin mbealach a d'fhéadfadh Éire a bheith mar sprioc na gníomhaíochta sa limistéar seo, nuair a chuirtear san áireamh gur ballstát an AE í Éire, agus go háirithe má bhíonn sé dírithe ar an AE a dhíchobhsú.

### *2.2.3 Cibearshlándáil*

In 2015, tugadh faoi deara sa Pháipéar Bán go leanfaidh dul chun cinn sa teicneolaíocht le deiseanna agus bagairtí araon a chruthú. Braitheann sochaithe níos mó ar an teicneolaíocht a bhuntacaíonn le feidhmiú bunúsach go leor gnéithe de stáit, bonneagar ríthábhachtach náisiúnta ina measc. Chruthaigh ár mbrath méadaithe ar an teicneolaíocht i ngach gné dár saol agus dár bpróisis ghnó leochaileacht fhéideartha ar féidir leo siúd leas a bhaint as a bhfuil na bealaí agus an t-eolas acu chun amhlaidh a dhéanamh. Dá bharr, tá buairt atá ag éirí níos príomhshruthaithe á déanamh de chibearshlándáil le roinnt blianta beaga anuas mar gheall ar roinnt teagmhais an-phoiblí. Mheabhraigh na teagmhais seo ar bhealach an-fheiceálach an méid a bhraitheann sochaithe agus geilleagair nua-aimseartha ar chórais líonra agus eolais, cianbhainistíocht ina measc, agus a leochailí atá iad seo d'ionsaí ag réimse fairsing gníomhairí bagartha, idir stáit agus coirpigh ar scálaí éagsúla. Lorgaíonn iad seo chun dul i bhfeidhm ar na córais seo agus iad a ionramháil i dtreo a spriocanna féin agus chun sonraí íogaire a bhailiú. Ar a bharr sin, léirigh cineál éagsúil na dteagmhas conas is féidir le gníomhairí sa spás seo ionsaithe a úsáid agus a fhorbairt i dteannta uirlisí eile, fórsa míleata, bréageolas agus bealaí geilleagracha ina measc – a ndéantar cur síos orthu thuas mar ghníomhaíocht hibrideach. Dá bharr, tá cineál casta agus dinimiciúil bagairtí slándála, leochaileachta agus iarmhairtí sa chibearlimistéar ag éirí níos soiléire i gcónaí - tagann rioscaí chun solais gan aon aird ar thíreolaíocht, agus ar bhealaí a chuireann dúshlán roimh chumas stát chun iad a bhrath agus freagairt dóibh go cuí.

Tá baint lárnach anois ag cibearshlándáil maidir leis an timpeallacht slándála domhanda, agus chruthaigh sé sraith éagsúil freagairtí ó stáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Leagann go leor

díobh seo an bhéim ar an ngá atá le hathléimneacht níos fearr i measc córais ríthábhachtacha, chomh maith le malartú slán agus mear eolais faoi leochaileacht agus bagairt. Baineann an gá atá le hacmhainneacht freagartha chomhordaithe náisiúnta teagmhais agus iarrachtaí feabhsaithe idirnáisiúnta leis seo chun tús a chur le noirm nua d'iompar stáit ar líne, agus chun dul i ngleic le cibearchoireacht.

Gnéithe nár cheart a fhágáil ar lár nuair a bhíonn an anailís seo á déanamh iad forbairtí i limistéar na hintleachta saorga agus an chaoi go bhfuil áis thábhachtach á déanamh de dhul chun cinn teicneolaíochta, ar leibhéal stáit, i measc eagraíochtaí míleata, i dtaobh ceannas agus rialú éifeachtach, agus i measc údaráis forfheidhmithe sa chomhrac in aghaidh tromchoireachta agus coireacht eagraithe. Áirítear leis seo úsáid a bhaint as arduirlisí fóiréinsice digití.

### *2.2.4 Sceimhlitheoireacht*

Tá sceimhlitheoireacht ar cheann de na dúshláin is tromchúisí in aimsir ár linne, ach is casta sainmhíniú a thabhairt ar sceimhlitheoireacht mar gheall nach bhfuil aon sainmhíniú aonair amháin ann air a nglactar go hidirnáisiúnta leis. Tugann údair an Bhunachair Shonraí Dhomhanda Sceimhlitheoireachta de chuid Ollscoil Maryland sainmhíniú ar sceimhlitheoireacht, áfach, mar "úsáid faoi bhagairt nó úsáid iarbhír a bhaint as fórsa agus foréigean neamhdhleathach ag gníomhaire neamhstáit chun sprioc pholaitiúil, gheilleagrach, reiligiúnach, nó shóisialta a bhaint amach trí eagla, comhéigean, nó imeaglú."[1]

Níl tír ar bith saor ó bhagairt na sceimhlitheoireachta, agus ní féidir le tír ar bith dul i ngleic leis an dúshlán leo féin. Mar phríomhtháscaire bunúsach na treochta i dtaobh teagmhais sceimhlitheoireachta a cuireadh i gcuntas ar fud an domhain, tharla 10,900 teagmhas ar leith, ar an iomlán, in 2017, i gcomparáid le 13,587 in 2016 agus 14,965 in 2015. I dtaobh na hEorpa, tháinig laghdú ar an líon teagmhas siúd anuas go dtí 401 in 2017, anuas ó 407 in 2016 agus 1,017 in 2015.[2]

[1] Global Terrorism Database Codebook: Inclusion Criteria and Variables'), Ollscoil Maryland, 2018.
[2] An Bunachar Sonraí Domhanda Sceimhlitheoireachta, Ollscoil Maryland, 2018.

In ainneoin na treochta anuas foriomláine seo ar an líon teagmhas, dhírigh ionsaithe leanúnacha sceimhle ar bhallstáit an AE ón mbliain 2015. In 2018, thug naoi mballstát an AE 129 ionsaí a sáraíodh, ar theip orthu agus a tugadh chun críche, ar an iomlán, le fios agus maraíodh 13 íospartach mar thoradh orthu seo. B'ionann an líon ionsaithe agus laghdú i gcomparáid le 2017 (205 ionsaí sceimhlitheoireachta ag cruthú 68 bás) agus tá sé ar aon dul le treocht anuas, ar an iomlán, a thosaigh sa bhliain 2014, gan méadú géar in 2017 a chur san áireamh. Cé gurb iad "eitneanáisiúnaithe" agus "scarúnaithe" a dhéanann an chuid is mó de na hionsaithe go fóill, ba "ionsaithe sceimhlitheoireachta jiohádacha", faoi mar a dtugtar orthu, ba chúis le gach ceann de na 13 bhás. Sa Tuarascáil is déanaí ar Chás agus Treocht Sceimhlitheoireachta an AE (2019) a d'fhoilsigh Europol, tugadh faoi deara go ndearna daoine aonair na hionsaithe go léir siúd in 2018 a ghníomhaigh ina n-aonar agus a dhírigh ar shibhialtaigh agus siombailí údaráis. Luaigh EUROPOL gur mhinic nach soiléir go fóill spreagadh an déantóra agus na ceangail a bhí ag an spreagadh sin le daoine aonair eile radacaithe nó grúpaí sceimhlitheoireachta eile agus, lena chois sin, chuir saincheisteanna meabhairshláinte le castacht an fheiniméin.[3]

De réir Tuarascáil Aibreán 2018 Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar Ghníomhaíochtaí chóras na NA chun an Straitéis Frithsceimhlitheoireachta Dhomhanda a chur i bhfeidhm: "Tá céim nua á hiontráil ag an gcomhrac domhanda in aghaidh na sceimhlitheoireachta faoi láthair ina bhfuil ar an bpobal idirnáisiúnta aghaidh a thabhairt ar roinnt líonraí comhthreomhara agus idirnasctha sceimhle domhanda." Deimhníodh i ndiaidh go ndearnadh imscrúduithe ar na hionsaithe sceimhlitheoireachta i bPáras agus an Bhruiséil, i Samhain 2015 agus Márta 2016, faoi seach, go raibh baint ag roinnt de na déantóirí i saghsanna éagsúla de thromchoireacht agus coireacht eagraithe, drugaí agus gáinneáil ar airm thine ina measc. Níl cineál na ngníomhaíochtaí coireachta eagraithe atá dírithe ar bhrabús a dhéanamh neamh-chomhoiriúnach, in go leor cásanna, do ghníomhartha sceimhlitheoireachta, nuair a chuirtear san áireamh an aird a thugtar do na déantóirí sna meáin agus i gcúrsaí forfheidhmithe dlí ina ndiaidh. Ábhar méadaitheach buartha, áfach, í an chosúlacht atá idir sceimhlitheoireacht agus coireacht eagraithe, nuair a chuirtear san áireamh luas tapa an radacaithe, teacht ar lóistíocht agus bonneagar a bhaineann le coireacht eagraithe, agus an úsáid a bhaintear as modhanna

[3] EUROPOL, Tuarascáil ar Chás agus Treocht Sceimhlitheoireachta an AE, 2019.

coireachta eagraithe mar bhealach chun gníomhaíochtaí a bhaineann le sceimhlitheoireacht a mhaoiniú.

I ndiaidh theacht i réim an Stáit Ioslamaigh san Iaráic agus na Leiveainte (ISIL) i ndiaidh na bliana 2014, tá tírdhreach sceimhlitheoireachta domhanda atá ag athrú ó bhonn á thabhairt faoi deara i gcónaí ag an bpobal idirnáisiúnta. Cuireann forbairtí meara ar theicneolaíochtaí cumarsáide iata leis na dúshláin atá roimh aghaidh a thabhairt ar an sceimhlitheoireacht fad a théann grúpaí sceimhlitheoireachta in oiriúint go tapa agus fad a bhaineann siad úsáid as na forbairtí seo chun a maoiniú, a n-earcaíocht agus a mbolscaireacht a éascú. Chomh maith leis sin, tá sé tugtha le fios go dtí seo gur féidir le gníomhartha "gníomhairí aonair" líon mór daoine a mharú agus a ghortú agus úsáid á baint acu as bealaí bunúsacha. Ní bhíonn baint ag déantóirí na n-ionsaithe siúd go minic le líonra sceimhlitheoireachta, ach rinneadh iad a fhéinradacú trí bholscaireacht atá bunaithe ar an idirlíon agus sna meáin shóisialta atá dírithe orthu siúd atá leochaileach chun tionchar a imirt orthu mar thoradh ar chiníochas, eisiamh sóisialta, deacrachtaí meabhairshláinte agus geilleagracha.

### *2.2.5 Leathadh Arm*

Leanann dáileadh neamhdhleathach agus neamhrialaithe gnátharm, airm bheaga ina measc, le coimhlintí a dhéanamh níos measa in go leor réigiún sa domhan, an Afraic ina measc. Cumasaíonn na hairm siúd ceannaircigh, antoiscigh, bradaithe agus dronganna coiriúla, ar féidir leo, ar a uain sin, an bonn a bhaint de struchtúir rialachais stát leochaileach. Sainaithníodh é seo mar shaincheist in 2015 agus príomhdhúshlán slándála é go fóill.

Táthar buartha, chomh maith, faoi leathadh airm ollscriosta agus teicneolaíocht diúracáin. Tá na mílte de na hairm siúd ann agus téann na rioscaí i méid nuair a thagann an fhéidearthacht chun solais go bhféadfadh na húdaráis stáit smacht a chailleadh ar chodanna dá n-armlann diúracán agus mhuinisean.

Téann an bhuairt seo i méid nuair a d'fhéadfadh grúpaí sceimhlitheoireachta airm Cheimiceacha, Bhitheolaíocha, Raideolaíocha agus Núicléacha (CBRN) a fháil. Príomhshaincheist slándála is ea teacht ar ábhair agus teicneolaíocht a rialú, óna bhféadfaí na hairm siúd a dhéantúsú. Tugadh méadú suntasach faoi deara le blianta beaga anuas ar an líon

teagmhas inar úsáideadh airm cheimiceacha, go háirithe ón mbliain 2012 ar aghaidh. Bagraíonn an úsáid a bhaintear astu go mór ar an mbonn a bhaint de dhianchosc uilíoch a chur ar úsáid arm ceimiceach.

De bhreis air sin, léirigh an úsáid a bhaintear as airm cheimiceacha, i gcomhthéacs iomlán sibhialtach, sa Ríocht Aontaithe anuraidh, a gcineál marfach, anuas ar an ngá atá le córas láidir bunaithe ar rialacha a neartú a fheidhmíonn mar dhíspreagadh ar stát ar bith a d'fhéadfadh an úsáid a bhaintear as foirm chomh marfach sin de theicneolaíocht mhíleata a éascú nó a chur ina aghaidh go rúnda. Thug freagairt láidir agus aontaithe an phobail idirnáisiúnta, Éire ina measc, le fios go tábhachtach agus go soiléir an leibhéal de chomhghráin a bhraitear in aghaidh úsáid a bhaint as na hairm cheimiceacha siúd faoi na cúinsí siúd agus faoi chúinsí eile.

Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn mear á dhéanamh ag teicneolaíocht Aerfheithicle gan Fhoireann (AFGF) agus tá leathadh níos mó tagtha ar an úsáid a bhaintear as AFGFanna armtha nó atá cumasaithe i dtaobh ionsaí. Tá borradh tagtha, chomh maith, ar fhorbairt agus úsáid Córais Arm Féinrialaitheach Marfach i roinnt stát, a bhfuil acmhainní suntasacha á gcaitheamh acu ar an teicneolaíocht seo. Cruthaíonn forbairt na gcóras seo toise nua i limistéar leata na n-arm agus san úsáid a d'fhéadfaí a bhaint astu.

### *2.2.6 Spiaireacht*

Tá fianaise mhéadaitheach ann go hidirnáisiúnta i leith na bagartha a chruthaíonn spiaireacht do cheannas, slándáil náisiúnta agus d'fholláine gheilleagrach stát. D'fhéadfadh láithreacht ghníomhairí agus athróg a oibríonn i spriocstát nó in aghaidh spriocstáit a bheith i gceist le spiaireacht, saoránaigh ina measc nach bhfuil cur amach acu ar fhíorchuspóir na gníomhaíochta agus a ról ann. Bíonn sé fite fuaite níos minice, chomh maith leis sin, le gníomhaíocht sna limistéir hibrideacha agus sna cibearlimistéir. Féadtar a chuimsiú ann seo iarrachtaí chun tionchar a imirt ar bheartas ar mhaithe leis an spriocstát a chur faoi mhíbhuntáiste, chun rúin thionsclaíocha rúnda agus maoin intleachtúil a fháil, agus chun teicneolaíocht a fhoinsiú (a d'fhéadfaí a úsáid ar mhaithe le cuspóirí míleata), anuas ar "earraí dé-úsáide" a fháil amach is amach.[4] Bíonn na hiarrachtaí a dhéanann stáit chun ábhair nó

[4] Ábhair a bhfuil feidhm neamhurchóideach acu ach a bhféadfaí úsáid mhíleata a bhaint astu.

eolas srianta a fháil sách-sofaisticiúil, agus is minic go mbíonn roinnt sraitheanna de dhallamullóg i gceist leo chun an t-úsáideoir agus an cuspóir deiridh a bheartaítear a cheilt, agus gabháil thart ar rialuithe ar nós smachtbhannaí, conarthaí, agus prótacail idirnáisiúnta.

I nDeireadh Fómhair 2018, chuir Rialtas na hÍsiltíre sonraí ar fáil go poiblí faoi iarracht ar chibearionsaí, in Aibreán 2018, a rinne GRU na Rúise[5] ar an Eagraíocht Airm Cheimiceacha a Chosc (OPCW) atá bunaithe sa Háig. Chuir údaráis na hÍsiltíre sonraí sonracha ar fáil faoin oibríocht faoinar tugadh agus deimhníodh an ceathrar daoine aonair a bhí bainteach a sainaithníodh mar oifigigh GRU agus fuarthas eolas tacaíochta ó ghutháin agus rinneadh ríomhaire glúine a urghabháil. D'iontráil an ceathrar ón Ísiltír agus úsáid á baint acu as pasanna taidhleoireachta na Rúise. Ag tráth na hiarrachta ar ionsaí, bhí nimhiú Sergei Skripal agus a iníne in Salisbury (an Ríocht Aontaithe) á fhiosrú ag an OPCW. Bhí scrúdú á dhéanamh aige, chomh maith, ar ionsaí ceimiceach sa tSiria a rinne fórsaí na Siria le tacaíocht ón Rúis. Séanann údaráis na Rúise go bhfuil eolas ar bith acu ná go raibh baint ar bith acu leis.

### *2.2.7 Coireacht Eagraithe Thrasnáisiúnta*

Cuireann Coinbhinsiún na NA in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta sainmhíniú a úsáidtear go hidirnáisiúnta ar fáil ar ghrúpa coireachta eagraithe mar "grúpa ina bhfuil triúr daoine nó níos mó arb ann dó i gcaitheamh tréimhse ama a ghníomhaíonn i gcomhar lena chéile agus é mar aidhm acu coireanna a dhéanamh ar mhaithe le tairbhe airgeadais nó ábhartha." Is minice nach bhfuil teorainn á cur ag an tíreolaíocht a thuilleadh, áfach, i dtimpeallacht slándála an lae inniu agus tá líonraí coireachta eagraithe ag oibriú ar bhonn trasnáisiúnta agus leas á bhaint acu as saorghluaiseacht, criosanna saorthrádála agus bonneagar dea-fhorbartha iompair san AE. Tuigtear go bhfuil breis agus 5,000 de na grúpaí siúd ann anois atá ag oibriú go hidirnáisiúnta agus atá á n-imscrúdú san AE. Tá a bhformhór gníomhach i mbreis agus trí thír agus bíonn baint ag líon méadaitheach díobh i mbreis agus gníomhaíocht choiriúil amháin. I measc na ngníomhaíochtaí siúd, tá smugláil drugaí, smugláil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, sciúradh airgid agus cibearchoireacht anuas ar ghníomhaíochtaí góchumtha. Faoi mar a tugadh faoi deara in 2015, cé gur bagairt dhomhanda

[5] In ainneoin gur athraíodh a n-ainm in 2010, tugtar an t-acrainm GRU ar sheirbhís faisnéise arm na Rúise go minic go fóill (a chiallaíonn an Phríomh-Stiúrthóireacht Faisnéise).

í an choireacht eagraithe, is féidir a héifeachtaí a thabhairt faoi deara go háitiúil agus bíonn siad mar chúis le fulaingt ar fud an domhain, in Éirinn ina measc.

### *2.2.8 Athrú Aeráide*

Ní féidir a shéanadh go bhfuil an córas aeráide ag téamh. Baineadh an tátal as i gcúigiú tuarascáil mheasúnaithe Painéal Idir-Rialtasach na NA ar an Athrú Aeráide (an PIRAA, 2013) go bhfuil dóchúlacht 95% ann, ar a laghad, go bhfuil an téamh domhanda a tugadh faoi deara le 50 bliain anuas mar thoradh ar ghníomhaíocht dhaonna. Leagadh dualgas i gComhaontú Pháras Nollaig 2015 ar 195 tír chun an sprioc a bhaint amach chun teorainn go mór faoi bhun 2°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha a chur ar an méadú ar theocht dhomhanda. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go leanfaidh tionchar an athraithe aeráide a bheith á imirt sna blianta amach romhainn, áfach, fiú má bhaintear an sprioc seo amach, mar gheall ar an tionchar moillithe a d'imir astaíochtaí roimhe seo agus astaíochtaí reatha.

Measann an PIRAA go mbeidh na teochtaí is teo ann níos minice agus nach mbeidh na teochtaí is fuaire ann chomh minic céanna i bhformhór na gceantar talún. De réir an PIRAA, i measc an tionchair a imreoidh athrú aeráide, beidh riosca níos airde ann i leith tuile agus athruithe ar thorthaí bairr. Meastar go leanfaidh meánleibhéal na farraige domhanda ag dul in airde i rith na 21ú haoise mar gheall ar aigéin mhéadaithe agus caillteanas méadaithe maise ó oighearshruthanna agus oighearchlúideacha a chuirfidh le treochtaí aníos i measc leibhéil uisce cósta an-arda amach anseo.

Is dóchúil go mbeidh patrúin aimsire a leanfaidh ag éirí níos foréigní i gcónaí, triomach agus tubaistí nádúrtha a bheith mar thoradh ar athrú aeráide. D'fhéadfadh seo an scéal a dhéanamh níos measa maidir le ganntanais uisce agus bhia agus d'fhéadfadh sé cur leis an dóchúlacht go mbeimis thíos le héagobhsaíocht réigiúnach, agus go dtitfeadh géarchéimeanna daonnúla agus geilleagracha amach dá bharr. Imreoidh éifeachtaí an athraithe aeráide tionchar ar fhás an daonra agus ar shreafaí imirce, chomh maith. Go domhanda, eascróidh iomaíocht mhéadaithe i leith acmhainní ganna as athrú aeráide agus d'fhéadfadh sé iarmhairtí millteanacha a chruthú don iomaí stát ar fhorimeall na hEorpa. San Eoraip, de réir na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (an GEC), is féidir a mheas gurb ionann athrú aeráide agus iolraitheoir bagartha a d'fhéadfadh cur le treochtaí, teannas agus

éagobhsaíocht reatha laistigh den Eoraip agus trasna teorainneacha Eorpacha araon. Tugann an Ghníomhaireacht faoi deara, chomh maith, go dtugann taighde a rinneadh le déanaí le fios gur spreag triomach nach raibh coinne leis sa Mheánmhuir theas, i measc rudaí eile, coimhlintí áitiúla a chuir tús le cogadh cathartha na Siria, ónar eascair an méadú substainteach ar thrácht dídeanaithe go dtí an Eoraip, ar deireadh. Léiríonn an tionchar a imríonn athrú aeráide ar an réigiún Artach an t-idirghníomhú iomadúil idir slándáil dhaonna agus rioscaí geopholaitiúla, fiú cé nach bhfuil baint acu faoi láthair le coimhlintí díreacha geopholaitiúla.[6]

*2.2.9 Imirce*

Cé gur saincheist dhomhanda an imirce le fada an lá, níor éirigh leis clár na NA a bhaint amach ach go dtí le déanaí. B'imeacht suntasach é Clár 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe maidir le "rannchuidiú dearfach imirceach" a aithint agus sprioc shoiléir a leagan amach le haghaidh imirce shábháilte, ordúil agus rialta. I ndiaidh gur éirigh le hÉirinn maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas ónar eascair gur glacadh le Clár 2030 agus leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in 2015, rinne Éire comhéascú ar an idirbheartaíocht ónar eascair comhaontú ar an toradh a bhí ar Chruinniú Mullaigh na NA a cuireadh ar siúl i Meán Fómhair 2016 chun dul i ngleic le gluaiseachtaí móra dídeanaithe agus imirceach. Ag an gCruinniú Mullaigh seo, ghlac rialtais le Dearbhú Nua-Eabhrac maidir le Dídeanaithe agus Imircigh.

Cuimsítear sa Dearbhú seo sraith gealltanas maidir le dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann go sonrach le líonta móra daoine a bhí ag gluaiseacht, Creat Cuimsitheach Freagartha do Dhídeanaithe agus próisis chomhthreomhara a cruthaíodh do dhá Chomhaontú Dhomhanda; comhaontú amháin maidir le Dídeanaithe agus ceann eile maidir le hImirce Shábháilte, Ordúil agus Rialta.

Tugadh faoi deara i bPáipéar Bán 2015 go bhfuil Éireannaigh ag dul ar imirce le fada an lá agus gur chuir siad go dearfach le borradh agus forbairt go leor tíortha. Leanann Éire, chomh maith leis sin, le tairbhe a bhaint as an rannchuidiú dearfach a dhéanann daoine a thagann chuig an tír ó áiteanna thar lear agus a chuireann fúthu sa Stát seo. Chuir saorghluaiseacht daoine idir ballstáit faoi chonarthaí an AE, chomh maith, go dearfach le forbairt gheilleagrach.

[6] Tuarascáil Uimhir 1/2017 an GEC – Athrú aeráide, tionchair agus leochaileacht san Eoraip 2016 ('Climate change, impacts and vulnerability in Europe 2016').

Tarlaíonn imirce isteach chuig an AE ar chúiseanna éagsúla, mar freagairt do choimhlint pholaitiúil nó do bhrúnna timpeallachta nó geilleagracha ina measc. Cuimsítear sna hathruithe a tugadh faoi deara ó 2015 an chaoi go bhfuil níos lú daoine ag dul ar imirce anois mar thoradh ar choimhlint agus, dá bharr, tá beagán d'athrú tagtha ar an gcomhthéacs. I gcomparáid le 2015, tá laghdú substainteach tagtha ar na líonta imirceach a braitheadh agus an AE á iontráil acu, ach leanfaidh imirce mhórscála, idir imirce rialta agus neamhrialta araon, le dúshláin shubstainteacha a chur roimh thíortha óstaigh agus an AE i gcoitinne. I measc na ndúshlán seo, tá conas dáileadh níos cothroime d'imircigh a chinntiú ar fud an Aontais, conas is féidir leis seo tionchar a imirt ar bheartas agus struchtúir reatha, an Comhchóras Tearmainn Eorpach agus Córas Schengen, buarthaí faoi thionchair gheilleagracha, agus gluaiseachtaí atá go mór ar an eite dheas agus atá in aghaidh inimirce i gcodanna den AE a lorgaíonn chun imní dhíréireach faoin tionchair féideartha a d'fhéadfadh imirce isteach ar shlándáil intíre a ghiniúint agus leas a bhaint as.

Faoi mar a tugadh faoi deara in 2015, gnó an-bhrabúsach é imircigh a smugláil nach bhfuil ach riosca íseal ann go ndéanfar coirpigh a bhrath agus pionós a ghearradh orthu, de réir Oifig na NA um Dhrugaí agus Coireacht.[7] Mar thoradh air sin, tá an choireacht ag éirí níos mealltaí i measc coirpeach agus sindeacáití coireachta eagraithe, ach go háirithe. De bhreis air sin, is minic go mbíonn an t-idirdhealú idir smugláil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine an-chaolchúiseach agus is minic nach féidir idirdhealú ar bith a dhéanamh eatarthu. Mar thoradh ar an ngéarchéim imirce, tá méadú tagtha ar líon íospartaigh fhéideartha na gáinneála ar dhaoine. Le blianta beaga anuas, tá sreafaí iolracha agus éagsúla fud fad an AE tagtha in ionad an tsreabhaidh gháinneála ar dhaoine ó Oirthear na hEorpa go hIarthar na hEorpa a bhí le sonrú riamh anall. Is dóchúil go ndíreoidh gáinneálaithe ar líon méadaitheach daoine fásta leochaileacha agus mionaoisigh neamhthionlactha san AE a oibríonn go dlúth le grúpaí coiriúla eagraithe trasnáisiúnta mar gheall nach bhfuil an rialachas tréan a dhóthain.

### *2.2.10 Domhandú*

Faoi mar a tugadh faoi deara in 2015, mar gheall go bhfuil geilleagar oscailte beag in Éirinn, baintear tairbhe as an domhandú agus tá sé ceangailte níos dlúithe anois le geilleagair eile

[7] http://www.unodc.org/unodc/en/human-trafficking/migrant-smuggling-a-deadly-business.html

agus tá sé níos idirspleáiche ar gheilleagair eile anois ná mar a bhí riamh roimhe seo. Ag an am céanna, luadh go bhfuil Éire nochta do na contúirtí, éiginnteachtaí agus dúshláin uile sa timpeallacht chosanta agus slándála níos fairsinge a bhaineann le domhandú. Ó shin i leith, Tá na dúshláin agus na héiginnteachtaí imithe i méid agus tá siad éirithe níos casta. Tá baol níos mó anois roimh an gcreat comhoibrithe iltaobhaigh agus comhshlándála atá faoi stiúir na NA, go domhanda agus san Eoraip nach raibh roimhe in 2015. Tá impleachtaí aige seo ar fud an speictrim ach go háirithe maidir leis an aeráid, an trádáil agus an rath, agus an tslándáil. Tugtar le fios go bhféadfadh iarmhairtí díobhálacha a bheith ag díospóidí trádála atá i mbun forbartha i dtaobh trádáil dhomhanda agus sreafaí infheistíochta a ndéanann an Eagraíocht Dhomhanda Trádála maoirseacht orthu; a dhéanfaidh díobháil bhreise don mhuinín atá ag stáit eile as comhoibriú agus iltaobhachas domhanda. B'éard a dhéanfadh an polarú sin, dá n-éireodh sé forleathan, ná buarthaí a chruthú faoin tslándáil dhomhanda agus réigiúnach.

Ina ainneoin sin, iarmhairt níos dearfaí a chruthaigh an t-aistriú i measc roinnt díobh ó chomhoibriú iltaobhach agus comhshlándáil ná go ndearnadh an iarracht thar ceann na hÉireann agus tíortha eile a athdhúbailt chun cur chuige i leith comhoibriú idirnáisiúnta a chaomhnú agus, sa chás gur gá, a athchóiriú. Samplaí de seo iad na gealltanais thréana leanúnacha thar ceann an AE agus fhormhór an phobail idirnáisiúnta maidir le Comhaontú Pháras um athrú aeráide agus mhargadh núicléach na hIaráine.

Braitheann Éire go mór ar naisc trádála seachtraí agus braitheann sí ar ghluaiseacht gan srian earraí ar mhaithe lenár bhfolláine gheilleagrach. Ábhar buartha i measc gnólachtaí Éireannacha a lorgaíonn chun margadh nua agus reatha a bhaint amach é aon chur isteach féideartha nó aon athrú ar an bpatrún seo gluaiseachta earraí nó seirbhísí. In 2015, tugadh faoi deara go mbraitheann Éire, mar náisiún oileáin, go mór ar bhealaí iompair farraige, go háirithe tríd an Ríocht Aontaithe, chun earraí a iompórtáil agus a easpórtáil agus ar mhaithe le soláthairtí bunriachtanacha. Cruthaíonn an t-ardbhrath ar na naisc iompair seo leochaileacht fhéideartha ar chuir an cinneadh a rinne an Ríocht Aontaithe chun an AE a fhágáil leis.

### *2.2.11 Straitéis Dhomhanda an AE um an mBeartas Eachtrach agus Slándála*

In 2015, tugadh faoi deara sa Pháipéar Bán go bhféadfadh Straitéis nua Eorpach Beartais Eachtraigh agus Slándála pointí fócais, riachtanais agus freagairtí éagsúla a chruthú, agus go gcuirfidh Éire le forbairt na straitéisí agus an mbeartas seo lena chinntiú go ndéantar breithniú iomlán ar ár luachanna agus leasanna.

Glacadh, ina dhiaidh sin, le Straitéis Dhomhanda an AE um an mBeartas Eachtrach agus Slándála i Meitheamh 2016. Is iad a cúig théama tosaíochta (i) slándáil agus cosaint, (ii) athléimneacht stát agus sochaithe a fhorbairt, (iii) cur chuige comhtháite i leith coimhlintí agus géarchéimeanna, (iv) tacaíocht a thabhairt d’orduithe comhoibritheacha réigiúnacha, agus (v) tacaíocht a thabhairt do rialachas domhanda. Tá díriú dearfach ag an Straitéis ar Phróiseas Síochána an Mheánoirthir, dí-armáil, inscne, na Náisiúin Aontaithe agus tábhacht an iltaobhachais níos ginearálta.

Ó glacadh leis an bpolasaí, is ar an tslándáil agus ar an gcosaint, ar an acmhainneacht agus ar an gcur chuige comhtháite a cuireadh an bhéim maidir leis an gcur i bhfeidhm. Beidh tús áite á thabhairt san am atá ag teacht don obair atá ar siúl ag an AE chun tacú leis an rialachas domhanda, leis an iltaobhachas agus leis na NA. Beifear ag cur le hacmhainní an AE maidir le síochánaíocht agus bainistíocht géarchéime mar pháirt lárnach den Straitéis Dhomhanda, agus tarlóidh seo trí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an CCS, mar atá leagtha síos i gConarthaí an AE. Áirítear leis sin comhoibirú agus comhordú treisithe idir Mhisin agus Oibríochtaí míleata agus sibhialtacha CCS.

### *2.2.12 Forbairtí Eacnamaíocha*

Is léir ón bPáipéar Ban in 2015 go measfar go mbeidh athrú ann i gcothromaíocht na cumhachta eacnamaíochta san caoga bliain atá romhainn agus is iad na tíortha le geilleagar margaidh éiritheach a bheidh taobh thiar de sciar mór den aschur eacnamaíochta, rud a bheidh ag dul i méid i gcónaí. Tá sé tuartha ag an an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), mar thoradh ar an tábhacht atá ag baint leis na margaidh éiritheacha seo i ngeilleagar an domhain, go háirithe an tSín agus an India, ach an Indinéis chomh maith, go mbogfaidh croílár geilleagrach an domhain ó Mheiriceá Thuaidh agus ón Eoraip i dtreo na

hÁise.[8] Mar aon leis an athrú eacnamaíochta seo, ní mór aird a thabhairt ar an méadú atá tagtha ar an tionchar atá ag an Áise, agus go háirithe ag an tSín, ar réigiúin eile. Tá daonra 1.3 billiún sa tSín agus is í an dara geilleagar is mó ar domhan. De réir a chéile tá níos mó agus níos mó tábhacht agus cumhacht ag baint leis an ról atá aici i bhforbairt agus i ngeilleagar an domhain. Is í an tSín an tír is mó a thacaigh leis an mborradh domhanda ó tharla an ghéarchéim airgeadais in 2008.[9]

Leanadh leis an méadú a bhí ann i gcaiteachas ar an gcosaint i roinnt tíortha san Áise, agus tá curtha acusan lena n-acmhainní míleata. Mar a tugadh faoi deara in 2015, mar thoradh ar an athchothromú seo d'fhórsaí míleata an domhain, d'fhéadfadh sé go mbeidh méadú ann ar an mbaol a bhaineann le coimhlint idirstáit, críocha atá ina gcnámh spairne san áireamh. Cé gur nótáil an Páipéar go raibh laghdú tagtha i dtéarmaí réadacha ar chaiteachas cosanta sa tréimhse idir 2006 and 2012 i mballstáit an AE, léiríonn na figiúirí is dearanaí ó Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach (OSCE) go raibh cobhsú ar an treocht seo in 2015, 2016 agus 2017[10]. Maidir leis an treocht seo, braitheann an tslándáil ar eilimintí éagsúla. Agus na bagairtí á gcur san áireamh, luíonn an chomhpháirt cosanta laistigh de chreat idirnáisiúnta ginearálta agus d'fhéadfadh sé a bheith mar aidhm an tslándáil a neartú i gcoitinne agus cur chuige a sheachaint a d'fhéadfadh dul níos faide ná cosaint a thabhairt don chóras idirnáisiúnta agus leasanna a bhaineann le hábhar.

### *2.2.13 Éigeandálaí agus Tubaistí Nádúrtha*

Mar a luadh in 2015, ní bhaineann gach éigeandáil leis an tslándáil náisiúnta agus tá dóthain foráil ina leith déanta laistigh d'fhóraim pleanála d'éigeandálaí. D'fhéadfadh d'éigeandáil tarlú, áfach, a chuirfeadh isteach go mór agus ar feadh i bhfad ar fheidhmiú stáit agus ar shaoránaigh. Ina measc sin tá drochaimsir, paindéim nó tubaistí nádúrtha eile.

Ghlac 187 stát, Éire ina measc, leis an gCreat Sendai um Bhaol ó Thubaistí a Laghdú 2015-2030, ag deireadh an Tríú Comhdháil Dhomhanda NA ar Bhaol ó Thubaistí a Laghdú, i Sendai

[8] ECFE Páipéar Polasaí Eacnamaíoch, 12 Iúil 2018, The Long View: Scenarios for the World Economy to 2060
[9] https://www.worldbank.org/en/country/china/overview#2
[10] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Government_expenditure_on_defence

sa tSeapáin i Márta 2015. Is éard atá sa Chreat Sendai ná treoirphlean domhanda chun baol ó thubaistí a laghdú suas go dtí 2030.

*2.2.14 Slándáil Fuinnimh*

Tháinig méadú ar spleáchas thíortha an AE ar iomportálacha fuinnimh ó 40% den ollidiú fuinnimh sna 1980 go dtí 55.1% in 2017.[11] De réir réamh-mheastacháin, beidh 77% den fhuinneamh a úsáideann sé á iompartáil ag an AE in 2030. Mar sin, beidh an AE ag brath níos mó agus níos mó ar an gcuid eile den domhan le haghaidh a soláthar fuinnimh – agus tiocfaidh an-chuid den íle ón stua éagobhsaíochta mórthimpeall, ón Afraic Thuaidh agus Thiar go dtí an Meánoirthear agus an Eoráise. Mar a tugadh faoi deara in 2015, tá sé ríthábhachtach do slándáil na hÉireann agus an AE go mbeidh soláthar fuinnimh leanúnach ann agus tá gá le soláthróirí seasmhacha a oibríonn go maith. D'fhéadfadh sé go mbeidh gá le cuidiú idirnáisiúnta fadtéarmach chun cobhsaíocht na dtíortha seo a chinntiú. De bharr dinimic dhomhanda fuinnimh atá ag athrú mar aon le bagairtí ar slándáil fuinnimh an AE, tá tuilleadh spreagadh ann anois taidhleoireacht fuinnimh an AE a fhorbairt agus slándáil fuinnimh na hEorpa a neartú. Is céim thábhachtach í foilsiú Straitéise Slándála Fuinnimh an AE i mBealtaine 2014 ina thaobh seo.

*2.2.15 Ganntanas Acmhainní*

Beidh tionchar an easpa slándála sa bhiaslabhra domhanda le brath i ngach stát, agus ní hamháin iad siúd a fhulaingíonn an athrú aeráide go díreach. Beidh gá go dtiocfaidh méadú suas go dtí 70% ar an dtáirgeadh bia domhanda roimh 2050 chun daonra an Domhain a chothú i gcomhthéacs mearuirbiú agus roghanna tomhaltóirí atá ag athrú, agus é sin ag tarlú nuair a bheidh níos lú acmhainní ar fáil agus nuair a bheidh daoine faoi strus ag luaineacht na haeráide. Fiú anois, nuair is leor an táirgeadh bia chun daonra an domhain a chothú, tá beagnach billiún duine ag fulaingt ón ocras agus ón mhíchothú de bharr cúiseanna éagsúla, lena n-áirítear: ioncaim atá easnamhach, slite beatha atá leochaileach, cailltear tuairim is 30-50% den bhia a tháirgítear tríd an mbiaslabhra domhanda, agus dúshláin gheopholaitiúil a bhfuil mar thoradh orthu go ndéantar diansaothrú den táirgeadh bia agus nach ndéantar é a dháileadh i gceart. Ina theannta sin, tá cónaí ar 1.6 billiún duine i dtíortha agus i réigiúin ina

[11] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Energy_production_and_imports#More_than_half_of_EU-28_energy_needs_are_covered_by_imports

bhfuil gantannas iomlán uisce agus meastar go n-ardóidh an uimhir seo go dtí 2.8 billiún duine roimh 2025. Is cúis imní faoi leith í go bhféadfadh sceimhlitheoirí, eagraíochtaí coiriúla idirnáisiúnta agus míleataigh úsáid a bhaint as an nganntanas acmhainní chun a leasa féin a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin, d'fhéadfaí an bonn a bhaint ó rialtais na dtíortha sin.

## 2.3 Forbairbí sa Timpeallacht Gheopholaitiúil

In 2015, luadh sa Pháipéar Bán go raibh coimhlintí nua, tromchúiseacha tar éis briseadh amach cóngarach don AE i ndiaidh tréimhse cobhsaíochta agus go raibh cobhsaíocht an réigiúin Eorpaigh i gcoitinne á ceistiú. Tharla na géarchéimeanna sin chomh tobann sin gur tarraingíodh aird ar dhothuarthacht na timpeallachta slándála agus bhíothas imníoch den chéad uair ó dheireadh an chogaidh fuair. Is cúis imní i gcónaí iad gníomhaíochtaí a bhagraíonn agus a bhfuil tionchar acu ar an tslándáil ag an leibhéal domhanda agus Eorpaigh. D'fhéadfadh timpeallacht domhanda níos aithreachaí nuair nach dtugtar faoi cur chuige iltaobhach ar bhealach seasta, cur leis an neamhchinnteacht agus d'fhéadfaí comhthéacs a chruthú sa timpeallacht slándála ina ligtear d'iompar trodach tarlú gan dúshlán a chur faoi.

Cé go bhfuil coimhlintí agus teannas in Oirthear na hEorpa, sa Mheánoirthear, san Áise, san Afraic agus in áiteanna eile ag cur dúshlán i gcónaí faoin tsíocháin agus faoin tslándáil idirnáisiúnta, ní mór an seans go n-ionsófar Éire ar an ngnáthbhealach. É sin ráite, mar a tharla in 2015, is cúis imní thromchúiseach d'Éirinn iad coimhlintí a bhaineann le ballstáit an AE agus ní féidir a thuar cad a tharlóidh. Is cúis imní i gcónaí í an neamhchinnteacht maidir leis an gcruth a bheidh ar an timpeallacht sheachtrach, timpeallacht ina bhfuil bagairtí hibrideacha, neamhthraidisiúnta ag teacht chun cinn.

Tá athrú tagtha ar dhinimic an AE. Cé go léiríonn an tAE tiomantas daingean os comhair an domhain maidir le luachanna daonlathacha bunaithe ar an iltaobhachas agus gealltanais atá bunaithe ar chonarthaí, caitheann cúrsaí polaitíochta amhras uaireanta ar na buntáistí atá ann do gach duine ón gcur chuige seo. Ós rud é go bhfuil fórsaí polaitiúla antoisceacha ag dul i méid agus go bhfuil roinnt brú eacnamaíoch ann i gcónaí, tá dúshlán curtha faoin AE a láidreacht a léiriú, agus an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chothú agus a chur chun cinn.

Tá teannas le brath sa cheantar seo laistigh de agus idir roinnt stáit a bhíodh ina mbaill den Aontas Sóivéadach. Tá ceangal níos láidre leis an Iarthar ag teastáil ó stáit áirithe agus féachann stáit eile fós i dtreo na Rúise. Tugann an Rúis misneach do na tíortha seo trí bhearta éagsúla, lena n-áirítear modhanna polaitiúla, eacnamaíocha agus slándála. Tá sé soiléir ón gcoimhlint atá ar bun in oirthear na hÚcráine agus an ionghabháil neamhdhleathach a rinne an Rúis ar Phoblacht Féinrialaitheach na Crimé agus ar Chathair Sevastopol go bhfuil baol ann go ngéarófar ar an aighneas míliteach sa réigiún. Mar chomhartha den imní seo, d’aontaigh ballstáit ECAT ag an gcruinniú mullaigh i Vársá in 2016 go neartódh ECAT an láithreacht atá aici in Oirthear na hEorpa trí cheithre chathghrúpa ilnáisiúnta chomh mór le cathláin a chur san Eastóin, i Laitvia, sa Liotuáin agus sa Pholainn.

Ta teannas ann idir an Rúis agus an tSeoirsia maidir leis an Abcáis agus an Oiséit Theas, agus tá aighneas idir an Airméin agus an Asarbaiseáin  maidir le Nagorno-Karabakh. Tá baol ann go mbainfear an bonn faoin tsíocháin agus faoin gcobhsaíocht sa reigiún dá bharr. Sna Balcáin Thiar tá cobhsaíocht leanúnach á cothú ag an bpobal idirnáisiúnta. Tá fadhbanna agus dúshláin soiléire fós ann, áfach, nach mór dul i ngleic leo chun cur leis an tslándáil a baineadh amach go dtí seo.

Maidir leis an mBreatimeacht, tá an leas céanna ó thaobh na slándála agus na cosanta de ag an AE agus an Ríocht Aontaithe, agus tá an bheirt acu tiomanta na meicníochtaí is gá a chruthú chun oibriú go dlúth le chéile nuair a imeoidh an Ríocht Aontaithe ón AE mar atá beartaithe. Tá an Ríocht Aontaithe agus an AE tiomanta go bhfanfaidh an Ríocht Aontaithe mar dhlúthchuid den Eoraip agus go nglacfaidh sí páirt thábhachtach i slándáil an AE ar bhonn cómhalartach.

Meastar go mbeidh cuma mhíshocair ar an Meánoirthear go ceann i bhfad agus tá sé réasúnta talamh slán a dhéanamh de nach réiteofar na coimhlintí atá ann faoi láthair go tapa. Leanfaidh an choimhlint fhadtréimhseach Iosraelach-Palaistíneach uirthi ag cur an-olc ar an réigiún i gcoitinne, agus beidh tionchar ag coimhlintí inmheánacha agus réigiúnacha eile mar aon le hagóidí taidhleoireachta ar an tslandáil sa réigiún agus níos faide fós.

D'ainneoin go bhfuarthas an lámh in uachtar ar SIIS ó thaobh críche de san Iaráic agus sa tSiria, is dócha go mbeidh ról an-tábhachtach ag cúinsí slándála sa tSiria, san Iaráic, in Éimin agus sa Libia mar aon le láidreacht na n-antoiscigh sna tíortha sin, maidir le teacht chun cinn na bagartha sceimhlitheoireachta trasnáisiúnta sna deich mbliana atá romhainn. Toisc go bhfuil líon ard trodaithe eachtrannacha ó gach cearn den domhan gnóthach sa cheantar sin faoi láthair, is dócha go gcruthófar grúpaí nua sceimhlitheoireachta agus líonraí nua. Cruthaíonn na grúpaí seo míshocracht sa réigiún agus is dócha nach n-athróidh an treocht seo. Is údar imní freisin iad na náisiúnaigh ón AE a ghlac páirt sa choimhlint san Iaráic agus sa tSiria, go gcuirfidh siad leis an sceimhlitheoireacht trasnáisiúnta, rud a dhéanan bagairt ar náisiúin an AE. Is cúis imní iad cúinsí slándála san Afganastáin freisin. Is  é an Talaban an bhagairt is mó ach is léir ó ionsaithe le blianta beaga anuas gur bhagairt í SIIS don Afganastáin i gcónaí agus bagairt atá ag dul i méid. Is beag an seans go mbeidh caibidlíocht síochána nithiúil ann sa ghearrthréimhse nó go dtiocfaidh feabhas suntasach ar chúinsí slándála. D'fhéadfadh na bagairtí atá ann faoi láthair maidir leis an gcomhaontú núicléach leis an Iaráin dochar a dhéanamh don chobhsaíocht réigiúinach freisin.

Is dócha go leanfaidh an neamhchobhsaíocht ar feadh tamaill a d'eascair ón éirí amach a tharla i dTuaisceart na hAfraice agus sa Mheánoirthear toisc nár tugadh sásamh don 'ghlúin Earrach na nArabach' agus go bhfuil an ghreim á fháscadh ar spás polaitiúil na sochaí sibhialta agus orthu siúd atá ar son athraithe daonlathaigh. Tiocfaidh méadú dá bharr ar an imirce mar a chonathas le déanaí sa Mheánmhuir agus leis sin, ar an mbaol go n-imeallófaí mionlaigh eitneacha nó reiligiúnacha. Beidh réimse teipeanna rialtais ann freisin a dhéanfaidh an scéal níos measa maidir le saincheisteanna slándála sna blianta atá romhainn, rud a ghéaróidh an baol a bhaineann le spásanna gan rialtas.

Beidh an Afraic fho-Shahárach faoi mhíbhuntáiste i gcónaí de bharr na héifeachta atá ag an neamhchobhsaíocht dhomhain agus leanúnach, mar thoradh ar chliseadh stáit, drochrialachas agus éilliú i dtrí phríomhréigiúin; Corn na hAfaice, réigiún na Saiheile agus réigiún na Lochanna Móra. Áit a bhfuil an Stát lag, is minic a bhíonn nasc idir an choiriúlacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht. Is dócha go bhfeicfear tuilleadh fáis san antoisceachas sna deich mbliana atá le teacht. Tá fadhbanna suntasacha ann cheana féin le grúpaí d'antoiscigh i Mailí, sa tSúdáin, sa Nigéir, sa tSomáil agus i bPoblacht na hAfraice Láir. Is dócha

go leanófar leis an gcoiriúlacht eagraithe  maidir le gáinneáil ar dhaoine agus ar dhrugaí mar aon le póitseáil fiadhúlra.

Tá baol tromchúiseach ann sna blianta atá le teacht go mbeidh míshocracht pholaitiúil agus neamhchobhsaíocht ann mar thoradh ar leibhéal ard dífhostaíochta i measc daoine óga, agus beidh 70% den daonra faoi 35 bliain d'aois sa chuid is mó den Afraic fho-Shahárach. I dócha go ngéarófar an choimhlint réigiúnach i réigiún na Lochanna Móra agus san ilchríoch i gcoitinne mar thoradh ar easpa acmhainní agus iomaíocht idir dhaoine.

Rachaidh an bhagairt ó ghníomhaithe neamhstáit i méid de bharr struchtúir rialachais laga agus beidh an chobhsaíocht i mbaol i roinnt ceantair den Áise Láir agus Theas. Is údar imní í an fhorbairt ar airm núicléacha atá déanta ag an gCóiré Thuaidh, agus an méadú atá tagtha ar chaiteachas míleata mar aon le hagóidí críche.

Tá aird á díriú arís ar an Artach ó thaobh chúrsaí geopholaitiúla, eacnamaíocha, acadúla agus comhshaoil de, toisc go bhfuil an chaidhp pholach ag leá, chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta in acmhainní amach ón gcósta.

## 2.4 Forbairtí sa Timpeallacht Slándála Intíre

### *2.4.1 An Sceimhlitheoireacht Intíre*

Tá Comhaontú Aoine an Chéasta agus comhaontuithe a tharla ina dhiaidh sin mar bhonn agus mar thaca ag an bpróiseas síochána. Tá an próiseas seo seasmhach agus tá an-tacaíocht trasphobail leis, cé go bhfuil sé deacair comhaontú a shocrú idir na páirtithe i dTuaisceart Éireann chun Eeidhmeannas nua a chruthú. É sin ráite, is fíor go bhfuil bagairt sheasmhach ann ó ghrúpaí paraimíleata atá sásta foréigean a úsáid chun cur i gcoinne an daonlathais agus na síochána. Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach agus gníomhach ar leibhéal na bagartha ó na grúpaí seo. Cé go meastar go ginearálta go bhfuil an bhagairt go n-ionsófar an Stát íseal, tá na grúpaí seo i mbun ngníomaíochtaí a bhaineann le hionsaithe i dTuaisceart Éireann a phleanáil agus a ullmhú, áit a mheastar go bhfuil leibhéal na bagartha an-ard. Tá an Stát an-tiomanta cur i gcoinne gníomhaíochtaí mar sin a bheadh mar aidhm acu an bonn a bhaint den tsíocháin agus den rathúnas ar an oileán seo.

Oibríonn na húdaráis anseo agus i dTuaisceart Éireann le chéile agus ina n-aonair chun cur isteach ar ghníomhaíochtaí na ngrúpaí paraimíleata seo, agus tá ciontuithe sna cúirteanna bainte amach acu. Is léir go bhfuil an faicseanú ag dul i méid i measc na ngrúpaí seo le blianta beaga anuas. Dá thoradh, d'fhéadfadh seo na grúpaí a dhéanamh níos laige ach tá an baol ann go n-éireoidh an caidreamh tinneallach laistigh de na grúpaí beaga sin. Ina theannta sin, tá nasc doscaoilte ann idir na grúpaí paraimíleata agus an choiriúlacht eagraithe. Tá dlúthbhaint acu le buíonta coirpeacha i dtrádáil drugaí; bíonn siad gafa le sracaireacht agus le smuigleáil; is eol do na húdaráis go gcuireann siad saineolas agus airm thine ar fáil do bhuíonta coirpeacha.

I gcomhthéacs an Bhreatimeachta, beidh an-tábhacht ag baint leis na gealltanais a rinne na Rialtais in Éirinn agus sa Bhreatain agus san AE, réimse na gceart san áireamh, chun toradh a bhaint amach a choimeádfaidh beo an méid a baineadh amach tríd an bpróiseas síochána agus cinnte a dhéanamh de nach mbeidh buntáistí ann do ghrúpaí paraimíleata a bhfuil aidhmeanna foréigneacha acu ar oileán na hÉireann.

### *2.4.2 An Sceimhlitheoireacht Idirnáisiúnta*

Mar a luadh in 2015, tá athbhreithniú á dhéanamh i gcónaí ar an mbagairt atá ar Éirinn mar thargaid den sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta agus cuirtear san áireamh bagairtí slándála agus comhrioscaí aitheanta atá ann do thíortha daonlathacha an oirthear go ginearálta. Mar is léir ó thíortha Eorpacha eile, is féidir leis an leibhéal bagartha dul in olcas go tapa agus d'fhéadfadh foinse agus déine na bagartha sin a bheith difriúil. D'fhéadfadh bagairt teacht chun cinn go tobann mar thoradh ar chúiseanna nach bhfuil smacht ag an Rialtas orthu. Is cúis imní i gcónaí iad imeachtaí mar seo.

In 2015, aithníodh gur cúis imní iad daoine aonair a bhíonn ag obair leo féin agus a rinne iad féin a radacú – go minic tugtar "gníomhaithe aonair" orthu. Ó foilsíodh an Páipéar Bán in 2015 d'ionsaigh sceimhlitheoirí Páras, an Bhruiséil, Nice, Munich, Berlin, Londain, Stockholm, Manchain agus Barcelona, samplaí crua den bhagairt mharfach atá roimh cathracha Eorpacha agus den bhagairt a fhulaingíonn siad. Is minic gur ionsaithe neamhshofaisticiúla iad na hionsaithe seo, rud a chruthaíonn go leor dúshlán do na húdaráis slándála agus iad ag iarraidh aighníomhartha mar seo a chosc. Lena chois sin, is léir gur féidir le hionsaithe mar seo

"gníomhaithe aonair" eile nó grúpaí an-bheaga de dhaoine a rinneadh radacú orthu, a spreagadh chun tuilleadh ionsaithe a dhéanamh. D'fhéadfadh sé gur tógadh san Eoraip iad agus nach raibh siad riamh i gceantair choimhlinte, agus mar sin nach bhfuil aon cheangal díreach acu le haon líonra sceimhlitheoireachta agus nach eol don lucht faisnéise gurb ann dóibh.

Sa chomhthéacs seo, is cúis imní i gcónaí é an próiseas radacaithe agus na rudaí a bhfuil tionchar acu ar an bpróiseas seo, an t-idirlín san áireamh. Go ginearálta, níl athrú tagtha ar an leibhéal bagartha sa Stát seo ó 2015 cé go bhfuil athrú tagtha ar fhoinse na n-ionsaithe a d'fhéadfadh tarlú. Tá freagracht ag Éirinn a dícheall a dhéanamh cosc a chur ar ghrúpaí sceimhlitheoireachta trasnáisiúnta úsáid a bhaint as an Stát mar thearmann nó mar bhunáit as a d'féadfadh siad a ngíomhaíochtaí a dhíriú i gcoinne targaidí i dtíortha eile.

Mar a luadh in 2015, bhí páirt ghníomhach i gcónaí ag Éirinn, tríd an AE, na NA agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile, sa bhainistíocht géarchéime agus ag déileáil leis na bunchúiseanna a bhaineann leis an neamhchobhsaíocht. Maolaíonn an cur chuige réamhghníomhach seo rioscaí slándála sa timpeallacht idirnáisiúnta, atá ar mhaithe le leas na hÉireann. I measc na n-ionstraimí atá in úsáid ag an bpobal idirnáisiúnta sa chomhfhreagairt slándála, tá misin NA agus misin faoi shainordú na NA, lena n-áirítear misin mhíleata. Ó am go chéile, mar thoradh ar an bpáirt ghníomhach a ghlacann Éire sa fhreagairt choiteann seo, téann an bhagairt slándála don tír seo i méid go díreach nó trí bheith bainteach sa fhreagairt sin. De ghnáth, ní thagann athrú suntasach ag na hamanna sin ar an timpeallacht slándála ina bhfuil Éire.

In éineacht le tíortha daonlathacha eile, is mór ag Éirinn an tsaoirse a bhaineann leis an tsochaí agus is mian léi a chinntiú nach mbeidh sí ag obair i gcoinne cearta a cuid saoránach agus í ag freagairt ar bhagairtí slándála. Mar sin, déantar bagairtí ar shocaí atá daonlathach agus folláin a mheas sa chomhthéacs níos leithne seo, agus cuirtear aidhmeanna na ndaoine atá taobh thiar de bhagairtí den saghas sin san áireamh nuair atá an anailís chuí á meas mar aon leis an bhfreagairt a bheidh ann ar deireadh.

*2.4.3 An Cibearfhearann*

In 2015, tugadh faoi deara sa Pháipéar Bán go bhfuil infreastruchtúr sárfhorbartha ag Éirinn a bhraitheann go minic ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), cosúil leis an gcuid is mó den Eoraip. Braitheann infreastruchtúr critiúil náisiúnta, mar shampla fuinneamh, uisce, leas sóisialta, teileachumarsáid, baincéireacht agus an córas sláinte ar TFC, ní hamháin chun feidhmiú go héifeachtach ach chun feidhmiú ar chor ar bith. Tá baol cibearshlándála ann don rialtas agus d'fhóntais phoiblí chomh maith le d'eintitis tráchtála agus do dhaoine aonair.

Cosúil le go leor tíortha eile, tá an Stát tar éis dul in oiriúint ar na cúinsí seo trí acmhainní agus córais a chruthú a fhreagraíonn ar eachtraí nuair a tharlaíonn siad, agus trí feabhas a chur ar an acmhainneacht atá san infreastruchtúr agus sna seirbhísí criticiúla náisiúnta. Tá an chéad phointe corpraithe sa Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála áit a bhfuil fás agus forbairt ar siúl, agus an dara ceann sna Riachacháin Líonra agus Faisnéise 2018, a chuireann iallach ar Oibritheoirí Infreastruchtúir Náisiúnta Criticiúla céimeanna áirithe a ghlacadh chun a gcórais a chosaint.

Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an teicneolaíocht líonra agus faisnéise chun an timpeallacht slándála domhanda a chosaint, ach leiríonn an líon ard de mhórchomhlachtaí teicneolaíochta atá in Éirinn an tábhacht a bhaineann le córais acmhainneachta comhordaithe chun folláine eacnamaíoch agus shóisialta an Stáit agus a chuid saoránach a chosaint.

*2.4.4 An Choiriúlacht Eagraithe*

Tugadh faoi deara in 2015 an ceangal atá ann idir an choiriúlacht eagraithe agus grúpaí paraimíleata treascracha, go háirithe sa chomhthéacs nuair a úsáideann coirpigh feistí phléascach sheiftithe laistigh den Stát. Mar a luaitear thuas, tá borradh tagtha faoi na ceangail seo le blianta beaga anuas agus tá curtha acu leis an bhfaicseanú atá tar éis tarlú laistigh de ghrúpaí paraimíleata poblachtánacha.

Tá an ceangal idir an choiriúlacht eagraithe intíre agus líonraí san Eoraip agus níos faide ag dul i méid. Tá baint ag na grúpaí seo sa choiriúlacht i gcoitinne, smuigleáil drugaí, sciúradh airgid, caimiléireacht agus gáinneáil ar dhaoine san áireamh. Tríd na ceangail seo, tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-airm thine atá ina seilbh ag grúpaí coiriúlachta eagraithe sa Stát

seo. Leanann Éire uirthi ag gníomhaíocht ar bhonn idirnáisiúnta chun troid i gcoinne na coiriúlachta trasnáisiúnta eagraithe seo. Comhoibríonn an tSeirbhís Chabhlaigh, an Garda Síochána agus na Coimisinéirí Ioncaim i ndíchumasú drugaí ar muir go déthaobhach le stáit chomhpháirtíochta agus trí MAOC-N araon.[12]

### *2.4.5 An Spiaireacht*

Rud atá ag teacht chun cinn sa timpeallacht slandála intíre ná an bhagairt ar an tslándáil náisiúnta agus ar an bhfolláine eacnamaíoch, a thagann ón spiaireacht i bhfoirm gníomhaíochtaí á ndéanamh faoi rún ag stáit naimhdeacha, oifigigh fhaisnéise san áireamh. Is fios go bhfuil na gníomhaíochtaí seo ilghnéitheach agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí foinsí a shaothrú leis an aidhm faisnéis a bhailiú agus faisnéis íogair a fháil atá faoi chosaint agus a bhaineann leis an Stát seo, chomh maith le hinstitiúidí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí seachtracha a bhfuil comhcheangal le hÉirinn leo. Lena chois sin, d'fhéadfadh mar thoradh a bheith ar ghníomhaíochtaí spiaireachta go dtiocfadh lagmhisneach ar chomhlachtaí iasachta a dhéanann infheistíocht dhíreach agus d'fhéadfadh seo cur isteach ar ár bhforbairt eacnamaíoch. Leanfaidh an Stát air céimeanna coisctheacha a ghlacadh chun ár gceannas, ár slándáil náisiúnta agus ár bhfolláine eacnamaíoch a chosaint ó ghníomhaíochtaí spiaireachta nach bhfuil lenár leas.

### *2.4.6 Slándáil Fuinnimh*

Ó tosaíodh leis an táirgeadh ag deireadh 2015 i ngáscheantar na Coiribe atá anois ag obair ar lánacmhainn táirgthe, tháinig laghdú ar spleáchas na hÉireann maidir le hiomportálacha fuinnimh in 2016 ó 90% go dtí 70%, feabhas suntasach inár slándáil fuinnimh. Faoi láthair, freastalaíonn an táirgeadh dúchasach ar bheagnach 60% de riachtanais na tíre ó thaobh an gháis de. Ach tá sé i gceist go stopfaidh Gáscheantar Cionn tSáile (Cionn tSáile, Baile Choitín agus na Seacht gCeanna) ag táirgeadh roimh 2021, agus roimh 2025/26 beidh laghdú tagtha ar an soláthar ó gh※scheantar na Coiribe go dtí níos lú ná 40% den leibhéal buaictháirgeadh a bhí ann ar dtús. Ciallaíonn an laghdú soláthair atáthar ag súil leis sa Choirib agus in Inse go mbeidh na ceangail atá ann le líonraí idirnáisiúnta fíorthábhachtach i dtéarmaí slándáil

[12] Maritime Analysis and Operations Centre – is gníomhaireacht bunaithe i Liospóin í Narcotics (MAOC-N) a bunaíodh chun dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhrugaí trasatlantach, san aer agus ar muir, go dtí an Eoraip agus cósta na hAfraice Thiar. Glacann Éire agus sé bhallstát eile san AE páirt i MAOC-N.

fuinnimh. I ndiaidh Brexit, beidh Éire agus an AE ag brath níos mó agus níos mó ar fhoinsí fuinnimh nach dtagann as an AE (an Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Rúis, an Meánoirthear). Sna deich mbliana atá le teacht is dócha go dtógfar tuilleadh idirnasc leictreachais go dtí an Ríocht Aontaithe agus an Fhrainc. Mar sin, tá slándáil fuinnimh na hÉireann ag brath go mór ar líon measartha beag d'fhearais atá fíor-riachtanach don tír, ar tír agus faoi thoinn. Tá Éire ag déanamh dícharbónú ar a córas leictreachais agus mar sin, déanfar forbairt ar fhearais ghaoithe amach ón gcósta. Ar dtús beidh siad in uiscí eadoimhne i Muir Éireann thart ar 2025 agus bainfear feidhm as teicneolaíochtaí gaoithe ar snámh amach ón gcósta thiar níos deireanaí sna 2020.

*2.4.7 An Fearann Muirí agus an Saothrú neamhdhleathach d'acmhainní nádúrtha agus slándáil infreastruchtúr amach ón gcósta*

Mar a luadh in 2015, ós rud é gur oileán í Éire, baineann go leor de na rioscaí agus na bagairtí atá liostaithe i Straitéis Slándála Muirí an AE le fearann muirí na hÉireann. Áirítear leis seo bagairtí ar acmhainní eacnamaíocha na hÉireann a eascraíonn as an iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialaithe agus atá gan tuairisciú, nó saothrú neamhdhleathach eile ar acmhainní muirí na hÉireann, agus d'fhéadfadh sé tarlú go n-ídeofaí stoc éisc agus go scriosfaí gnáthóga mara.

Mar thoradh ar an bhforbairt a ndéanfar ar an teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, díreofar níos mó ar chórais fuinnimh ar muir sna blianta atá romhainn, agus beidh gá monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt infreastruchtúir amach anseo. Cé go meastar nach bhfuil an bhagairt faoi láthair ard maidir leis an infreastruchtúr atá ann cheana féin, ní mór athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na dúshláin slándála a d'fhéadfadh a bheith ann má thagann athrú ar an measúnú bagartha.

Is gné den timpeallacht slándála níos leithne i gcónaí iad na himpleachtaí a eascraíonn ó ghníomhaíocht mhíleata eachtrach san aer nó ar muir thart timpeall ar Éirinn. Cé nach gá gur bhagairt dhíreach ar an Stát a bheadh i gceist leis seo, d'fhéadfadh a leithéid de ghníomhaíocht cur leis an teannas agus baint den tslándáil i gcoitinne.

#### *2.4.8 Tubaistí Nádúrtha*

In 2015, tugadh faoi deara sa Pháipéar Bán nach bhfuil an baol céanna ann go dtarlóidh tubaistí nádúrtha in Éirinn ná mar atá i go leor tíortha eile de bharr ár suíomh geografach. É sin ráite, mar thoradh ar an athrú aeráide, tá athruithe sna patrúin aimsire ag dul ar aghaidh agus dóchúlacht níos nó ann go bhfeicfí níos mó teagmhas drochaimsire in Éirinn, mar shampla, tuilte.

Is cúis imní i gcónaí é go dtarlóidh paindéimic de bharr an fhliú agus galair eile agus d'fhéadfadh sé cur isteach go mór ar an tsochaí. D'fhéadfadh caillteanas eacnamaíoch suntasach a bheith mar thoradh ar ghalair thógálacha ainmhithe cosúil le an ngalar Crúibe is Béil.

## 2.5 Impleachtaí ar Pholasaí

Beidh freagairt leathan pholasaí ag teastáil chun dul i ngleic leis na bagairtí atá leagtha amach sa mheasúnú nuashonraithe seo den timpeallacht slándála, mar atá leagtha síos i gCaibidil 2 den Pháipéar Bán ar an gCosaint 2015 agus beidh ranna agus gníomhaireachtaí rialtais éagsúla i mbun polasaí a chur i bhfeidhm. Is gné amháin é an polasaí cosanta den fhreagairt pholasaí leathan seo agus cuirfear faoi chaibidil impleachtaí na n-athruithe atá leagtha amach san athbhreithniú seo i gcomhthéacs riachtanais pholasaí cosanta i gcoitinne, agus ag cur san áireamh gnéithe oibre eile a dhéantar mar chuid den Pháipéar Bán Leasaithe chun Dáta.

# 3. Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin

## 3.1 Forléargas ar an gcur chuige i ndáil le cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin

Déantar i bPáipéar Bán 2015 ar an gCosaint clár oibre bheartas na cosanta a leagan amach thar thréimhse phleanála deich mbliana agus clúdaítear ann gach gné den chosaint laistigh den bheartas slándála iomlán. Ina leith sin, áirítear ann an obair go léir a bhítear á déanamh ag an Roinn Cosanta, Óglaigh na hÉireann, Cosaint Shibhialta agus ag eagraíochtaí eile a bhfuil freagrachtaí acu sa réimse seo. Cuimsítear ann beartas an Rialtais ar chosaint an Stáit roimh ionsaí armtha, ionchur na cosanta ar an tslándáil bhaile, ionchur na cosanta ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta agus réimse leathan de róil "nach róil chosanta iad" a cheanglaíonn an Rialtas ar Óglaigh na hÉireann agus ar an gCosaint Shibhialta a ghabháil de láimh. Déantar na cumais chosanta a mheas ann a bheadh ag teastáil ionas go bhféadfaidh Óglaigh na hÉireann na róil atá á sannadh ag an Rialtas dóibh a bhaint amach. Sa deireadh, déantar meastóireacht sa Pháipéar Bán ar chur i bhfeidhm agus na gníomhaíochtaí is gá leo le cinntiú go ndéanfar próisis maidir le pleanáil agus foráil um chosaint a fhorbairt tuilleadh trí phróiseas athbhreithnithe nua ar chosaint a bheidh ag timthriallta seasta chomh maith le staidéar sonrach ar chistiú cosanta.

Le linn do chlár chur i bhfeidhm an Pháipéar Bháin á scóipeáil, sainaithníodh 88 gníomhaíocht nó tionscadal go sonrach chomh maith le seacht bhfothionscadal sa réimse forbartha cumas. Fad a bheidh na tionscadail á gcur i bhfeidhm, féadtar tionscadail a fhoroinnt, a dhéanfaidh an líon a mhéadú. San am i láthair, is 95 an líon atá le cur i bhfeidhm, agus beidh an líon sin faoi réir athrú tuilleadh de réir mar a leanann an próiseas ar aghaidh. Táthar chun na gníomhaíochtaí sonracha sin a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe thar thréimhse deich mbliana go dtí 2025. Tá cur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe riachtanach mar gheall ar ghealltanais a thugtar sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, ar an ngaol atá idir cuid de na tionscadail agus ar impleachtaí acmhainní. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an bpróiseas seo i rith an ama agus beidh sé faoi réir athrú de réir mar a thagann cúrsaí aníos agus de réir mar a éilíonn gnó eile. Tá tábla ar fáil in Aguisín B a thugann staitisticí achoimre a chuireann an stádas reatha in iúl faoi mar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin.

Rinne an tArd-Rúnaí agus Ceann Foirne cinneadh in 2015, le cinntiú go gcuirfear na tionscadail seo i bhfeidhm laistigh den tréimhse deich mbliana, go nglacfaí le cur chuige bainistíochta tionscadal i ndáil leis sin agus go mbunófaí comhfhoirne sibhialta-míleata do gach tionscadal nuair a bheadh an tionscadal á thionscnamh. Go bunúsach, rinneadh próiseas um Bainistiú Athruithe a thionscnamh chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Pháipéir Bháin a chumasú agus chun tacú leis sin.  Bunaíodh Comhfhoireann Shibhialta Mhíleata chun Cur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin a Éascú (Comhfhoireann) chun tacaíocht a thabhairt agus chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun cinn ar na tionscadail sin ón bPáipéar Bán.

Foireann shibhialta-mhíleata is ea an Chomhfhoireann a fheidhmíonn i gcáil mhaoirseachta agus a thugann tacaíocht le foghlaim agus comhroinnt eolais a éascú ar fud na hEagraíochta Cosanta[13] trí fhoirne sibhialta-míleata na dtionscadal. Tuairiscíonn an Chomhfhoireann go míosúil ar an dul chun cinn den chur i bhfeidhm do Choiste Bainistíochta Straitéisí na hEagraíochta mar chuid den chreat rialachais a cuireadh i bhfeidhm chun chur i bhfeidhm a mhaoirsiú agus chun cur chuige Bainistíochta Tionscadal roimh i leith an chuir i bhfeidhm a dhaingniú. D'oibrigh an Chomhfhoireann go dlúth leis an gCoiste Bainistíochta Straitéisí agus leis an bhForas Riaracháin chomh maith i dtaca le doiciméadú agus traenáil shaincheaptha ar Bhainistiú Tionscadal a chruthú agus a chur ar bun don Eagraíocht Chosanta.  Go dtí seo tá an traenáil ar Bhainistiú Tionscadal déanta ag corradh le 150 duine san Eagraíocht, traenáil a sholáthraigh an Foras Riaracháin in éineacht leis an gComhfhoireann. Déantar an clár traenála seo a leathadh amach fós agus tugtar an t-eolas is deireanaí do bhaill foirne na dtionscadal go rialta.

Mar gheall ar an taithí a bhí ag an Eagraíocht Chosanta Bainistiú Tionscadal a thabhairt isteach i dtimpeallacht shibhialta mhíleata, iarradh ar an Eagraíocht ceannasaíocht a thabhairt ar Ghníomh 10 as *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*[14] chun Bainistiú Tionscadal agus Bainistiú Clár a dhaingniú sa tSeirbhís Phoiblí.  Tá Foireann Gníomhaíochta idirghníomhaireachta na seirbhíse poiblí, a dtugann an Eagraíocht Chosanta ceannasaíocht uirthi, gníomhach ó bhí lár 2018 ann,

[13] Tagraíonn an téarma Eagraíocht Chosanta don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann.
[14] Creatlach is ea *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* a chuireann ar bun an straitéis chuimsitheach d'fhorbairt agus do nuálaíocht sa tSeirbhís Phoiblí go dtí 2020 agus ina dhiaidh sin.

agus cumasaíonn an fhoireann comhoibriú agus foghlaim éifeachtach idirghníomhaireachta agus idir-rannach san áiméar don Bhainistiú Clár agus Tionscadal.

Tá tús curtha le 42 tionscadal ar an iomlán ón bPáipéar Bán ó cuireadh tús leis an gclár forfheidhmithe agus cuireadh 15 de na tionscadal sin i gcrích go hiomlán agus tháinig deireadh leo. Tá roinnt eile atá le teacht chun deiridh go gairid.

## 3.2 Forléargas ar an gcur chuige maidir leis an athbhreithniú ar thionscadail an Pháipéir Bháin

Ba é an chúis a bhí leis an gcuid seo den Uasdátú ná an dul chun cinn ar gach ceann de 95 tionscadal an Pháipéir Bháin a mheas.

Chun cur chuige faoi stiúir clár a éascú, rinneadh gach tionscadal a chur i gcatagóir mar chuid den phróiseas athbhreithnithe ar na tionscadail, agus cuireadh iad i gceann de na catagóirí seo a leanas: Gníomhach; Stadta; Tráinse 2[15]; Cumaiscthe; Níor Tionscnaíodh; nó Dúnta. Rinneadh cúrsaí éagsúla a mheas le linn an phróisis athbhreithnithe, ag brath ar stádas an tionscadail.

Comhaontaíodh go leanfar an chuid seo den Uasdátú ar aghaidh sna ceithre chéim seo a leanas, in ord na sraithe.

1. Comhchruinnithe d'Urraitheoirí Tionscadal (baill ábhartha de Bhord Bainistíochta na Roinne agus den Fhoireann Ghinearálta)
2. Comhchruinnithe d'Urraitheoirí Tionscadal le Ceannasaithe Tionscadal
3. Bearta measúnaithe bainteach go sonrach leis na Tionscadail comhaontaithe ag na hUrraitheoirí Tionscadal
4. Tuarascáil a ullmhú ina mbeidh torthaí na measúnuithe sin

[15] Tagraíonn Tráinse 2 don dara grúpa tionscadal a rinne an tAire a raibh freagracht aige nó aici i leith na Cosanta a fhaomhadh le tús a chur leo ó 2018 ar aghaidh.

**Céim 1 - Comhchruinnithe d'Urraitheoirí Tionscadal**

Ba é an chúis a bhí leis na cruinnithe seo ná chun deis a thabhairt do na hurraitheoirí sibhialta is míleata de gach ceann de na 95 tionscadal socruithe a dhéanamh maidir le hobair shonrach le teacht ina dhiaidh, agus chun údarás a thabhairt ina leith sin. Go bunúsach ba é a bhí i gceist ná soiléireacht agus cumarsáid choiteann a chinntiú do na pearsanra foirne sibhialta agus míleata faoi seach. Bhí cruinniú ag na hurraitheoirí de réir chatagóirí na dtionscadal agus tháinig siad ar réamhthuairim ar na tionchair nua a bhain le gach tionscadal agus, nuair ba ghá, rinneadh plé orthu sin leis na Ceannasaithe Tionscadal sa chéad chéim eile den tsraith. I measc na dtionchar sin, bhí tosca sonracha níos leithne timpeallachta ar leith ann do thionscadal faoi leith, forbairtí nua beartais a tháinig chun cinn ó cuireadh tús leis an tionscadal, gnéithe sonracha ó thaobh acmhainní de a tháinig aníos don tionscadal, naisc nó ceangail nua a bheith tagtha chun cinn thar thionscadail agus aon phointí eile a bhí ábhartha de réir na n-urraitheoirí.

**Céim 2 - Comhchruinnithe d'Urraitheoirí Tionscadal le Ceannasaithe Tionscadal**

Ba é a bhí i gceist ag Céim 2 ná cruinnithe idir na hUrraitheoirí agus na Ceannasaithe agus sna chruinnithe sin, i gcás na 18 dtionscadal a roghnaíodh le linn Chéim 1 le tuilleadh plé a dhéanamh orthu, rinneadh gach tionscadal ábhartha a mheas de réir stádas reatha an tionscadail, agus tugadh faoi na tosca tionchair ar ceapadh go raibh siad ábhartha ag cruinnithe Chéim 1.

**Céim 3 - Bearta measúnaithe bainteach go sonrach leis na Tionscadail comhaontaithe ag na hUrraitheoirí Tionscadal**

Sular cuireadh tús le hathbhreithniú na dtionscadal, thángthas ar chomhaontú mar gheall ar an gcéim a chuaigh roimhe, go bhféadfaí go n-iarrfaí ar Cheannasaithe Tionscadal nó ar Fhoirne tabhairt faoi bhearta faoi leith nó tuairisciú a thabhairt ar ghnéithe ar leith faoina dtionscadal féin. De rogha air sin, ag an gcéim seo, d'fhéadfaí go n-iarrfaí ar Chraobh P&O agus SPB ábhair ar leith a mheas in éineacht le foirne aonair na dtionscadal agus i gcásanna áirithe in éineacht le Comhfhoireann na dTionscadal go Léir. Mar a tharla, ag Céim 2, rinne na hurraitheoirí tionscadal a mheas an raibh ábhar ar bith ann ar chóir iad a mheas níos mó ag Céim 3, ach thángthas ar chomhaontú i ngach ceann de na 18 gcás nach raibh aon ghá le hathbhreithniú Chéim 3.

**Céim 4 - Tuarascáil a ullmhú ina mbeidh torthaí na measúnuithe sin**

Sa chéim dheireanach den phróiseas athbhreithnithe, tugadh deis Tuarascáil a ullmhú, i gcomhairle leis na hurraitheoirí, chun torthaí na hoibre a rinneadh a ghabháil faoi cheannteidil áirithe. Comhaontaíodh go raibh an Tuarascáil seo, ó thaobh foirme de, chun glacadh le struchtúr na gcaibidlí sa Pháipéar Bán chomh maith leis an gcatagóiriú a bhí i bhfeidhm sa chéim iomlán seo d'athbhreithniú ar na tionscadail. Tá an Tuarascáil seo ceaptha le comhthéacs agus forléargas comhiomlánaithe a chur ar fáil, le gur féidir gnéithe eile d'Uasdátú an Pháipéir Bháin a mheas (e.g. na torthaí den mheasúnú uasdátaithe ar an timpeallacht slándála) agus gur féidir teacht ar chonclúidí. Déanfaidh an Tuarascáil seo bunús a thabhairt don chéad chéim eile den obair iomlán ina ndéanfar, i measc nithe eile, an cás i bhfách le hathruithe a dhéanamh a chur sa chomhthéacs iomlán a thugann an measúnú uasdátaithe ar an timpeallacht slándála agus tuairimí an Choiste Oireachtais.

In Aguisín C tá liosta iomlán de 95 tionscadal an Pháipéir Bháin agus in Aguisín D tá tuarascáil iomlán, caibidil ar chaibidil, a thugann an toradh a tháinig as an athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm mar a bhain le gach tionscadal. Sna leathanaigh seo a leanas tá achoimre ar thoradh na coda seo d'Uasdátú an Pháipéir Bháin.

## 3.3 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 3: Slándáil Náisiúnta – Freagairt an Bheartais Chosanta

I gCaibidil 3 den Pháipéar Bán déantar riachtanais an bheartais chosanta a mheas ag féachaint don mheasúnú ar an Timpeallacht Slándála a leagtar amach i gcaibidil a dó. Rinneadh aird a dhíriú ar an tábhacht a bhaineann le freagairtí chomhchoiteanna cosanta sa mheasúnú sin agus, ós rud é go bhfuil réimse leathan gníomhaithe beartais sna réimsí slándála baile agus idirnáisiúnta, tá sainghné shuntasach thrasearnála sa chaibidil seo den Pháipéar Bán.

Sa mheasúnú ar an Timpeallacht Slándála rinneadh aird a dhíriú ar an tábhacht a bhaineann le freagairtí comhchoiteanna slándála mar sin le dul i ngleic leis na castachtaí atá i gceist sna bagairtí nua atá ag teacht chun cinn do shíocháin agus do shlándáil idirnáisiúnta. Mar sin, tá gealltanais faoi leith sa chaibidil, agus is iad sin tionscadail an Pháipéir Bháin anois, go rachfaí i dteagmháil ar bhonn réamhghníomhach leis na Náisiúin Aontaithe, leis an Aontas Eorpach

(AE), leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus le Comhpháirtíocht na Síochána Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus stáit eile d'fhonn caidrimh a fhorbairt agus a dhoimhniú chuige sin. San áireamh leis sin togra chun coincheap nua a mheas ina bhféadfaí go ndéanfaí ionad nua a fhorbairt, sin Institiúid nua um Thacaíocht Síochána agus Oiliúint Cheannaireachta a bheadh Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann (tionscadal uimhir 8).

Tugtar gealltanas sa chaibidil chomh maith go gcoinneoidh an Eagraíocht Chosanta uirthi ionchur a sholáthar i dtaca le slándáil bhaile, lena n-áirítear tacaíochtaí a thabhairt don Gharda Síochána agus do ranna agus gníomhaireachtaí eile rialtais i réimsí cuir i gcás cosaint iascaigh agus cibearshlándáil. Maidir leis an gceann deireanach a luadh, bhí comhaontú seirbhíse a fhorbairt ar cheann de a gealltanais a rinneadh sa chaibidil seo, atá curtha i gcrích ó shin, agus sin déanta in éineacht leis An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (tionscadal uimhir 12). Geallann an comhaontú seirbhíse seo tacaíocht a sholáthar don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, faoi mar a cheadaíonn acmhainní.

Rinneadh athbhreithniú ar 12 thionscadal ar an iomlán ón gcaibidil seo mar pháirt den ghné seo den Uasdátú, trí cinn atá dúnta anois san áireamh. Tá níos mó mionsonraí le fáil sa tuarascáil in Aguisín D ach, go hachomair, ní dhearnadh athruithe suntasacha ar bith don chur chuige i dtaca leis an gcur i bhfeidhm mar gheall ar na gealltanais sa chaibidil seo. Rud suntasach, áfach, maidir leis na forbairtí a tháinig as an Tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, a foilsíodh in 2018, agus a d'eascair as na céimeanna a tháinig ina dhiaidh sin Ionad Náisiúnta um Anailís Slándála a bhunú, ná go bhfuil na forbairtí sin an-ábhartha faoi mar a bhaineann leis an ngá maidir le faireachán i rith an ama ar an timpeallacht slándála agus ar shocruithe gaolmhara (tionscadal uimhir 1). Leanfar ar aghaidh le rannpháirtíocht sheachtrach i ndáil leis an gcur chuige atá á fhorbairt i gcónaí chun slándáil agus socruithe gaolmhara a mheas.

## 3.4 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 4: Ceanglais Bheartais Eile

Glactar leis go bhfuil róil slándála mar bhunús *raison d'être* Óglaigh na hÉireann, ach éilíonn an Rialtas ar Óglaigh na hÉireann tabhairt faoi réimse leathan de róil eile chomh maith nach bhfuil baint acu leis an tslándáil. Ciallaíonn sé sin gur féidir a chinntiú nach dtarlaíonn dúbláil

ar sholáthar seirbhísí an Stáit agus go sábhálfar cuid mhór don Státchiste ar bhonn buan. Foráiltear sa chaibidil seo go leanfaidh Óglaigh na hÉireann de thacaíocht a thabhairt do ranna agus do ghníomhaireachtaí eile, thar réimse leathan de róil nach bhfuil baint acu leis an tslándáil. I gcásanna ina dtugtar na tacaíochtaí sin ar bhonn leanúnach, nó i gcásanna ina gcreidtear go mbeidh ról teagmhais faoi leith d'Óglaigh na hÉireann i gcineálacha áirithe éigeandála, leanfaidh an Roinn Cosanta d'iarracht a dhéanamh chomhaontuithe seirbhíse a chomhaontú le ranna agus le gníomhaireachtaí ábhartha le cinntiú go bhfuil soiléireacht ann ar gach taobh maidir leis na róil atá ag gach páirtí agus i dtaca le prótacail glaoch amach.

Rinneadh athbhreithniú ar gach tionscadal a d'eascair as gealltanais déanta sa chaibidil seo mar pháirt den ghné seo den Uasdátú, ina measc siúd ceann atá dúnta anois (uimhir 22). Baineann sin le togra sa Pháipéar Bán rannpháirtíocht dhíreach a bheith ag Óglaigh na hÉireann i scéim tacaíochta fostaíochta a bhí le forbairt idir an Roinn Cosanta, Óglaigh na hÉireann agus an Roinn Coimirce Sóisialaí ón tráth sin. Cuireadh in iúl san athbhreithniú gur moladh mar thoradh ar athbhreithniú (eile) le déanaí den scéim, scéim atá curtha i bhfeidhm go han-rathúil, gur cóir leanúint den scéim ar bhonn aon atriall amháin gach bliain.

Tá níos mó mionsonraí ar fáil sa tuarascáil in Aguisín D ach, i measc na dtionscadal ríthábhachtach a ndearnadh athbhreithniú orthu mar pháirt den ghné seo den Uasdátú, bhí tionscadal arbh aidhm dó beartas a fhorbairt ar chearta maoine intleachtúla agus ar fhormhuiniú (uimhir 19). Dúnadh an tionscadal sin le déanaí agus cuireadh in iúl go mbeifear in ann, mar gheall air, tús a chur le dhá thionscadal ghaolmhara a bhaineann le comhar idir Óglaigh na hÉireann agus fiontar bunaithe in Éirinn (uimhir 17 (cumaiscthe le 21)) agus Tionscnamh na bhFiontar Cosanta (uimhir 18), a bhfuil an dá cheann acu stadta.

## 3.5 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 6: Ceanglais Chumais

Ós rud é go bhfuil neamhchinnteacht ann maidir leis an timpeallacht slándála feasta, agus go bhféadfar go dtiocfaidh athruithe suntasacha ar na cineálacha oibríochtaí a n-éileofar ar Óglaigh na hÉireann tabhairt fúthu de réir mar a thiocfaidh bagairtí nua chun cinn, ní foláir mar sin de cumais a fhorbairt agus a chaomhnú le dul i ngleic leis na dúshláin atá i dtimpeallacht dhinimiciúil slándála. Tugtar faoi chúrsaí cumais sa chaibidil seo den Pháipéar Bán agus san am céanna aithnítear gur gá glacadh le cur chuige solúbtha freagrúil. Leagtar

amach prionsabail ríthábhachtacha a bhaineann le forbairt cumais, comhtháthú san áireamh, agus na tionscadail mhóra trealaimh le cur i bhfeidhm don Arm, don Aerchór agus don tSeirbhís Chabhlaigh, chomh maith le tosaíochtaí má tharlaíonn go mbeidh cistiú breise ar fáil. Déantar an bonneagar a mheas chomh maith sa chaibidil seo, chomh maith le soláthar seirbhísí leighis.

Rinneadh athbhreithniú ar gach tionscadal a d'eascair as gealltanais déanta sa chaibidil seo agus tá mionsonraí le fáil in Aguisín D. Maidir leis an athbhreithniú ar dhul chun chinn ar an tionscadal reatha ardleibhéil Ceannais agus Comhordaithe (uimhir 26), leag an tArd-Rúnaí agus Ceann Foirne béim ar an ríthábhacht a bhaineann leis an tionscadal seo mar gheall ar na himpleachtaí a d'fhéadfaí a bheith ann do thionscadail eile, chomh maith le forbairtí níos leithne beartais, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as an Tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn a chur i bhfeidhm.

Sa chuid seo den Uasdátú, aithníodh gur tionscnamh ríthábhachtach atá i sa Plean Forbartha Cumais (uimhir 31) agus, cé gur tugadh faoi deara go bhfuil obair ar siúl ar an tionscadal agus go bhfuil níos mó ama ag teastáil chun é a chur i gcrích, shocraigh na hurraitheoirí gur gá tús áite a thabhairt dó ós rud é go dtugann an toradh an creat a bheidh ag roinnt tionscadal ríthábhachtacha eile ar gá iad a chur chun cinn. I ndáil leis sin, tá dul chun cinn maith déanta maidir le Plean Trealaimh agus Plean Forbartha Bonneagair (uimhir 33) a fhorbairt. Maidir leis an bPlean Forbartha Bonneagair, tugadh faoi deara go raibh measúnú ar na riachtanais a bheidh ag gach suiteáil mhíleata amach anseo mar chosaint ar ghníomhaíochtaí oibríochta tuartha mar chuid den dul chun cinn atá déanta.

I bplean faoi leith, Plean an Trealaimh, cé nach tionscadal féin atá ann, tugtar an creatlach iomlán do, *inter alia*, an-chuid de na gealltanais maidir le cumas atá sa Pháipéar Bán, lena n-áirítear na cinn sin atá curtha ina dtionscnaimh aonair ó 29A go 29G i gclár curtha i bhfeidhm an Pháipéir Bháin. I ndáil leis seo, tugadh faoi deara san athbhreithniú mar pháirt den ghné seo den Uasdátú an dul chun cinn maith atá déanta i dtaca le clár uasghrádaithe meánaoise do loingeas an Airm 80 iompróir armúrtha pearsanra MOWAG (tionscadal uimhir 29A) a dhéanfaidh áirgiúlacht an loingis a mhéadú agus leibhéil níos airde i gcosaint, i soghluaisteacht agus i gcumhacht lámhaigh a sholáthar. I measc feabhsaithe eile a tharla le déanaí a tugadh

faoi deara mar chuid den athbhreithniú fuarthas deich bhFeithicil Lóistíochta Armúrtha (tionscadal uimhir 29D) a dhéanfaidh cosaint fórsa riachtanach a sholáthar thar lear.

Tugadh faoi deara go ndeachthas chun cinn le hobair shuntasach i dtaca le loingeas aerárthaí an Aerchóir a uasdátú, go háirithe go gairid in 2020 nuair a chuirfear trí aerárthach Pilatus PC 12 sciatháin dhobhogtha atá níos mó agus níos cumasaí in ionad loingeas Cessna atá ann faoi láthair (a d'eascair as tionscadal uimhir 29B), agus táthar chun an na haerárthaí nua sin a threalmhú i gcomhair ISTAR (Faisnéis, Faireachas, Fáil Targaidí agus Taiscéalaíocht). Tá dul chun cinn maith déanta ó thaobh aerárthach Patróil Muirí CASA (uimhir 29C) a athchur agus, i ndiaidh comórtas tairisceana a bheith ann, tá tairgeoir tosaíochta aitheanta agus tá caibidlí conarthacha ar siúl fós.

San athbhreithniú rinneadh plé ar an dul chun cinn suntasach atá déanta ar an gclár chun longa as an tSeirbhís Chabhlaigh a athchur. Mar chuid den chlár sin soláthraíodh ceithre Árthach Patróil amach ón gCósta nua idir 2014 agus 2018, a chuaigh níos faide ná an gealltanas clár de thrí long a chur i gcrích, faoi mar a tugadh sa Pháipéar Bán. Mar gheall ar an dul chun cinn sin, rinneadh cinneadh mar pháirt den chuid seo den Uasdátú go bhfanfadh tionscadal 29F stadta ag feitheamh le go ndéanfar cinntí eile a mbeadh tionchar acu ar an tslí is fearr chun leanúint ar aghaidh. Baineann tionscadal 29F le dhá Árthach Patróil amach ón gCósta agus dhá cheann nua a chur ina n-ionad sin, chomh maith le cumais um fhrithbhearta mianach agus cumais um bearta in aghaidh Feistí Pléascacha Seiftithe. Bainteach leis sin, tugadh faoi deara san athbhreithniú go bhfuil pleanáil ar siúl chun Árthach Ilról a chur in ionad long cheannais reatha na Seirbhíse Cabhlaí, LÉ Eithne (tionscadal uimhir 29E).

Maidir leis na tosaíochtaí éagsúla a aithníodh sa Pháipéar Bán dá dtarlódh cistiú breise a bheith ar fáil (tionscadal uimhir 29G), tugadh faoi deara go ndearnadh 24 feithicil fóntais armúrtha (4x4anna) a chistiú ó shin, rud a chuireann le cosaint na bhfórsaí thar lear. I dtaca leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2018 go 2027, áfach, a sholáthraíonn €541 milliún i gcistiú caipitil le haghaidh na Cosanta thar an tréimhse go dtí 2022, ní fhoráiltear ann d'aon cheann de na tosaíochtaí seirbhís-treoraithe eile. Ina measc siúd bheadh cumas i ndáil le radar faireachais don Aerchór, longa breise don tSeirbhís Chabhlaigh agus feithiclí armúrtha breise agus cumais aerchosanta don Arm. As an gcuid seo den Uasdátú, aithníodh gur gá an Plean

Forbartha Cumais agus Plean an Trealaimh a chur i gcrích ionas gur féidir cinneadh a dhéanamh i ndáil le cén tslí ar chóir leanúint de cheann ar bith de na tosaíochtaí ar leith seo, dá dtarlódh cistiú breise a bheith ar fáil.

Tionscadal tábhachtach eile atá ar siúl faoi láthair, baineann sé leis an ngealltanas sa Pháipéar Bán céimeanna a ghlacadh chun cumais Sciathán Fiannóglaigh an Airm a fheabhsú (tionscadal uimhir 28) agus, mar pháirt den chuid seo den Uasdátú, tugadh faoi deara go raibh sé ag tarraingt ar an am go gcuirfeadh foireann an tionscadail dréacht-tuarascáil faoi bhráid urraitheoirí an tionscadail.

## 3.6 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 7: Acmhainní Daonna na Cosanta

Mar chuid d'oibrithe na Cosanta, tá pearsanra sibhialta agus míleata a bhfuil réimse leathan de thacair scileanna agus taithí acu ar gá dóibh a bheith ag obair le chéile go comhoibritheach d'fhonn torthaí cosanta a sholáthar go sásúil. Tá pearsanra atá an-oilte, dúthrachtach, cumasach agus a bhfuil taithí acu riachtanach d'fhonn torthaí cosanta a sholáthar go sásúil i rith an ama. Aithnítear sa Pháipéar Bán gur gá i gcónaí straitéisí bainistíochta na n-acmhainní daonna maidir le hÓglaigh na hÉireann, foireann státseirbhíse na Roinne agus fostaithe ar sibhialtaigh iad a athbhreithniú agus a uasdátú arís agus arís eile ionas go mbeidh siad in ann dul i ngleic le héilimh eagraíochta a bheidh ag forbairt i rith an ama agus le tionscnaimh an Rialtais. Tugtar gealltanas sa chuid seo den Pháipéar Bán go ndéanfar Buanfhórsa Cosanta a chaomhnú ina mbeidh ar a laghad 9,500 pearsanra. Déantar riachtanais a bheidh ann san am atá le teacht a mheas agus aithnítear réimsí forbartha sna hacmhainní daonna do na blianta atá romhainn.

Rinneadh athbhreithniú ar gach tionscadal a tháinig as gealltanais a rinneadh sa chaibidil seo mar pháirt den chuid seo den Uasdátú seo agus tá mionsonraí breise in Aguisín D. Ina measc siúd bhí sé thionscadal atá curtha i gcrích agus a dúnadh go foirmiúil. Ina measc siúd bhí ceithre thionscadal nasctha (uimhreacha 41, 42, 55 agus 57) a bhain le pleanáil oibrithe Óglaigh na hÉireann chun meascán éifeachtach éifeachtúil oibrithe a sholáthar, leis an ngá d'Óglaigh na hÉireann earcaigh a mhealladh ó gach cúlra agus rannpháirtíocht na mban a mhéadú, agus le Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht a fhorbairt.

Rinneadh athbhreithniú ar thionscadail eile a bhí dúnta mar pháirt den chuid seo den Uasdátú. Orthu siúd bhí scéim d'oifigigh choimisiúnaithe ó chéimeanna liostáilte (uimhir 45), agus tús a chur le clár earcaíochta dírithe le dul i ngleic le dul i ngleic le folúntais tosaíochta i measc Fostaithe ar Sibhialtaigh iad (uimhir 62). Maidir leis an gceann deiridh a luadh, rinneadh cinneadh mar gheall ar an athbhreithniú go bhfuil gá fós le cinntiú go leanfar de thorthaí na tionscadal a chur i bhfeidhm i gcleachtaí oibrithe.

Tá sé ar chonclúid ríthábhachtach a tháinig as an ngné seo den Uasdátú an tábhacht a bhaineann leis an tionscadal a thugann deis anailís a dhéanamh ar bhearnaí i dtacair scileanna laistigh de Bhuanfhórsa Cosanta chun minicíocht na mbearnaí a aimsiú agus chun céimeanna cuí le dul in ngleic leo a aithint uimhir 39). Aithníodh san athbhreithniú go bhfuil an tionscadal sin lárnach maidir le tús a chur le tionscadail áirithe eile, lena n-áirítear gealltanais a bhaineanna leis na hÓglaigh Cúltaca, cuir i gás na gealltanais a bhaineann le Cúltaca na Chéad Líne agus an Cúltaca Speisialtóirí atá beartaithe. Mar thoradh, tá tús áite ag an tionscadal sin (tionscadal 39) agus táthar ag súil le go gcuirfear tús le hobair air go gairid.

Maidir leis an tionscadal atá chun athbhreithniú a dhéanamh ar chonarthaí seirbhíse do gach céim de phearsanra míleata liostáilte d'fhonn na riachtanais ó thaobh cumais de agus na próifíl chuí aoise a bhaineann leo a thuiscint (uimhir 40A), bhí sé mar thoradh ar an athbhreithniú gur comhaontaíodh nach foláir tús áite a thabhairt don tionscadal sin chomh maith, go bhfuil achar gearr ama ag teastáil agus gur féidir cúnamh breise a iarraidh ón bhForas Riaracháin más gá.

Baineann tionscadal tábhachtach sa réimse seo leis an ngealltanas go gcuirfí creat inniúlachtaí Óglaigh na hÉireann ar bun. Úsáidfear é seo faoi mar a bhaineann le hearcaíocht, forbairt, bainistíocht feidhmíocht agus ardú céime in Óglaigh na hÉireann agus beidh gá le córais ardaithe céime a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ngach céim, le cur ar a gcumas ag pearsanra barr a gcumas a bhaint amach agus le cur ar chumas na heagraíochta pleanáil comharbais a dhéanamh do thréimhse iomlán an Pháipéar Bháin. Mar pháirt den ghné seo den Uasdátú, rinne na hurraitheoirí athbhreithniú ar dhul chun cinn leis an tionscadal seo (uimhir 36) (atá cumaiscthe leis an athbhreithniú ar na córais atá ann do bhainistíocht

feidhmíochta Óglaigh na hÉireann agus don bhreithmheas bliantúil (uimhir 44)) agus, nuair a tugadh faoi deara gur cuireadh bac ar dhul chun cinn na treoirscéime mar gheall ar urghaire, comhaontaíodh go leanfaí den tionscadal in dhá chéim – an chéad chéim a bheidh ann ná dul i ngleic le hoifigigh.

## 3.7 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 8: Na hÓglaigh Cúltaca

Aithníonn an Rialtas chomh luachmhar is atá an tseirbhís a thugann baill de Na hÓglaigh Cúltaca agus tugtar deis sa Pháipéar Bán go ndéanfar forbairt san am atá le teacht ar Na hÓglaigh Cúltaca chun inmharthanacht an ghrúpa sin feasta a chinntiú. Déantar i gcaibidil seo an Pháipéir Bháin na torthaí agus na moltaí ó athbhreithniú luach ar airgead 2012 ar Na hÓglaigh Cúltaca a mheas. Leagtar amach freisin na róil atá sannta ag an Rialtas do Na hÓglaigh Cúltaca, chomh maith le struchtúr an fhórsa agus cúrsaí a bhaineann leis na hacmhainní daonna sna hÓglaigh Cúltaca.

Rinneadh athbhreithniú ar gach tionscadal a tháinig as gealltanais a rinneadh sa chaibidil seo mar pháirt den ghné seo den Uasdátú. I measc na gcinntí a glacadh socraíodh gur chóir cuid de na tionscadail a bhain leis Na hÓglaigh Cúltaca a chumasc d'fhonn dúbláil iarrachtaí a sheachaint. Tá mionsonraí thoradh an athbhreithnithe i ndáil le gach tionscadal a bhaineann leis Na hÓglaigh Cúltaca le fáil in Aguisín D.

Aithnítear sa Pháipéar a luachmhaire is a bheadh sé leas a bhaint as na scileanna atá ag iarbhaill de Na hÓglaigh Cúltaca ar mhaithe le tréimhse i seirbhís an Chúltaca. Sa chaoi sin, shocraigh an Rialtas Cúltaca na Chéad Líne a choinneáil ach go ndéanfar athbhreithniú ar na téarmaí agus na coinníollacha ballraíochta agus táthar chun breithniú a dhéanamh ar an gcás maidir leis an aisce faoi láthair. Cé nár cuireadh tús fós leis an tionscadal chun an gealltanas seo a chur i bhfeidhm (uimhir 65), aithníodh san athbhreithniú gur acmhainn fhéideartha atá i gCúltaca na Chéad Líne d'fhonn dul i ngleic le bearnaí san Aerchór agus sa tSeirbhís Chabhlaigh. Thángthas ar chomhaontú gur gá an tionscadal seo a mheas, áfach, i gcomhthéacs níos leithne na nÓglach Cúltaca go ginearálta agus gur chóir é a chumasc le tionscadal uimhir 66 a bhaineann leis an ngealltanas na hathruithe rialála is gá leo, chomh maith le critéir seirbhíse Chúltaca na Chéad Líne, a fhorbairt. Chomh maith leis sin, tugadh aird ann go ndéanfaidh an cumasc sin obair a bhainfeadh leis an tionscadal a tháinig as an

ngealltanas na hAchtanna um Chosaint a athbhreithniú (uimhir 67), i gcomhthéacs eachtraí géarchéime a dtiocfadh a bheith ann inar féidir é a bheith oiriúnach an Cúltaca a fheidhmiú, a chúiteamh Tugadh ar aird an gá a bhaineann le tosaíochtaí sna tionscadail seo, agus iad a chur in ord.

Sa Pháipéar Bán, aithnítear gur féidir go mbeidh scileanna gairmiúla ag baill de na hÓglaigh Cúltaca mar gheall ar a gcuid cáilíochtaí gairmiúla sibhialta nó, i gcás bhaill Chúltaca na Chéad Líne, scileanna gairmiúla míleata, agus go dtarlódh na scileanna sin gan a bheith ar fáil go réidh sa Bhuanfhórsa Cosanta. Sa chomhthéacs seo, shocraigh an Rialtas gur chóir painéal a bhunú ar a mbeadh baill ó na hÓglaigh Cúltaca agus cáilíochta gairmiúla mar sin acu, agus go dtabharfaí an Cúltaca Speisialtóirí air. Dá mbeifí ag dul i ngleic le bearnaí scileanna sa Bhuanfhórsa Cosanta, rogha a bheadh ann na pearsanra seo a fhostú. Tá an tionscadal bainteach (uimhir 70) chun an gealltanas seo a chur i bhfeidhm stadta faoi láthair, agus, tar éis an athbhreithnithe mar pháirt den ghné seo den Uasdátú, socraíodh mar sin a bhfanfadh ag feitheamh leis an toradh ón tionscadal faoi anailís ar bhearnaí sa Bhuanfhórsa Cosanta (uimhir 39), a bhfuiltear ag súil le go gcuirfear tús leis go gairid. Ar an nós céanna, maidir leis na tionscadail nár cuireadh tús leo fós atá ag plé le méadú 100 beartaithe i gCúltaca na Seirbhíse Cabhlaí (uimhir 68), agus maidir le moltaí atá le teacht chun tosaigh chun scéim a gcuirfeadh ar a gcumas do líon beag pearsanra ó na hÓglaigh Cúltaca a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu tabhairt faoi dhualgais oibríochta sa bhaile agus thar lear (uimhir 74), thángthas ar chomhaontú nár chóir tús a chur leis an obair sin go dtí go gcuirfear an tionscadal chun anailís ar bhearnaí a aithint sa Bhuanfhórsa Cosanta i gcrích.

## 3.8 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 9: An Chosaint Shibhialta

Tugann óglaigh na Cosanta Sibhialta tacaíochtaí riachtanacha in am an ghátair agus, sa Pháipéar Bán, thug an Rialtas gealltanas an Chosaint Shibhialta a fhorbairt i rith an ama bunaithe ar an gcuspóir straitéiseach lárnach tacú leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha i gcásanna éagsúla éigeandála agus cásanna nach éigeandálaí iad.

Rinneadh athbhreithniú ar na trí thionscadal ar fad a tháinig as gealltanais déanta sa chaibidil seo mar pháirt den ghné seo den Uasdátú agus tá tuilleadh mionsonraí le fáil in Aguisín D. Gealltanas tábhachtach a rinneadh ná go gcuirfí le hidirchaidreamh faoin gCreatlach do

Bhainistíocht Móréigeandála agus chun forbairt leanúnach na Cosanta Sibhialta a threorú mar fhreagairt ar riachtanais a bheidh ag athrú i rith an ama. I taca leis sin de, tionscnaíodh tionscadal (uimhir 79) ionas go bhféadfaí Foireann Idirghníomhaireachta um Threoir nua a bhunú, a mbeadh an Roinn Cosanta (Brainse na Cosanta Sibhialta) i gceannas uirthi, agus a mbeadh ionadaithe ó na grúpaí seo a leanas uirthi: An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála, An Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chomh maith leis na húdaráis áitiúla, ós rud é go mbeadh Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach agus Cumann Oifigigh na Cosanta Sibhialta. Tugadh ar aird san athbhreithniú gur cuireadh an tionscadal seo i bhfeidhm go rathúil agus go bhfuil sé dúnta anois. Mar gheall ar an bhFoireann Idirghníomhaireachta um Threoir, tá an Roinn Cosanta in ann a chinntiú go bhfanfaidh seirbhísí lárnacha na Cosanta Sibhialta ábhartha i ndáil le riachtanais atá ag athrú ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus le cinntiú go bhfanfaidh an Chosaint Shibhialta ina heagraíocht tacaíochta éigeandála éifeachtach agus atá bunaithe ar óglaigh a fhreastalaíonn ar bhonn deonach.

Maidir leis na dá thionscadal eile de chuid na Cosanta Sibhialta, nár cuireadh tús le ceachtar acu fós, tugadh ar aird san athbhreithniú ó obair atá ar siúl ag leibhéal Aire, gur chóir measúnú a dhéanamh ar an tionscadal ina bhforálfar do reachtaíocht rialála nua don Chosaint Shibhialta (uimhir 78) maidir le tús a chur leis go gairid, agus nár chóir don tionscadal a bhaineann le Comhaontuithe Seirbhíse na Cosanta Sibhialta (uimhir 80) tosú go dtí go gcuirfear críoch le huimhir 78.

## 3.9 Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 10: Cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin

Leagtar amach sa chaibidil seo an cur chuige i ndáil le cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin. Foráiltear ann go bhféachtar go mairfidh an tréimhse pleanála iomlán deich mbliana. Cuireann sé seo leis an gcur chuige a glacadh maidir leis an gcéad Pháipéar Bán ar an gCosaint. Cuirtear san áireamh an gá atá ann go leor seasmhachta a sholáthar do chríocha beartais agus pleanála, de bharr nádúr faoi leith na cosanta. Dá réir sin, tá nuálaíochtaí áirithe suntasacha i gceist leis na socruithe don chur i bhfeidhm agus léirítear iad sin sna tionscadail áirithe a ndearnadh athbhreithniú orthu mar pháirt den ghné seo den Uasdátú, agus tá tuilleadh mionsonraí le fáil in Aguisín D.

Bíodh is go bhfuil cuspóir foriomlán ann go mbeidh cinnteacht agus seasmhacht ann faoi mar a bhaineann le beartas thar thréimhse pleanála chomh fada agus is féidir, aithníodh sa Pháipéar Bán go bhfuil gá le modhanna cuí athbhreithnithe d'fhonn athbhreithniú nó athchalabrú ar bheartas a dhéanamh. I dtaca leis sin de, foráiltear ann go mbunófar timthriall tráthrialta trí bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcosaint. Tá sé mar aidhm ag an Rialtas go ndéanfaidh siad sin fadbhreathnaitheacht, solúbthacht, réidhe agus ullmhacht iomlán i ndáil le pleanáil agus soláthar cosanta a chinntiú. Tá an tUasdátú seo ar an bPáipéar Bán, ar cuireadh tús leis in 2018, ar an gcéad triall sa timthriall seo, agus ina dhiaidh tiocfaidh Athbhreithniú Straitéiseach ar an gCosaint a bheidh níos cuimsithí. Tá tionscadal faoi leith de chuid an Pháipéir Bháin ar siúl (uimhir 86), comhthráthach leis an Uasdátú seo, d'fhonn creatlach a bhunú chun na timthrialla tráthrialta athbhreithnithe seo a dhéanamh. Mar chuid den ullmhúchán don Athbhreithniú Straitéiseach ar an gCosaint, thángthas ar chomhaontú mar chuid den athbhreithniú ar an tionscadal seo gur gá obair ar an tionscadal a chur i gcrích nuair a bheidh an tUasdátú seo curtha chun críche, ag féachaint do na ceachtanna, *inter alia*, a foghlaimíodh as an Uasdátú seo a dhéanamh.

Foráiltear sa Pháipéar Bán chomh maith go ndéanfar staidéar a chur ar bun a bhainfidh go sonrach le cistiú cosanta agus a gheobhaidh amach i slí nua na costais fhadtéarmacha atá tuartha chun dul i ngleic le riachtanais na hÉireann um chosaint. Cé go raibh an tionscadal seo (uimhir 88) le bheith curtha i gcrích faoi dheireadh 2015, tugadh ar aird san athbhreithniú gur sáraíodh an gealltanas seo mar gheall ar fhoilseachán eile, níos déanaí in 2015. An Foilseachán a bhí i gceist ná Plean Infheistíochta Caipitil 2016 go 2021 an Rialtais, agus nithe eile ó shin, ina measc siúd an Plean Forbartha Náisiúnta 2018 go 2027 ina bhforáiltear €541 milliún i gcistiú caipitil don Chosaint i rith na tréimhse go dtí 2022. Ina dhiaidh sin féin, tugadh ar aird san athbhreithniú gur cuireadh tús leis an tionscadal seo ó shin agus táthar ag súil le go gcuirfear i gcrích é sula gcuirfear tús leis an Athbhreithniú Straitéiseach ar an gCosaint.

Tionscadal eile a thagann ó ghealltanas a rinneadh sa Pháipéar Bán, baineann sé leis an gcomhpháirt chosanta de thionscadal na Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais a sholáthar go sásúil. Tá ceannasaíocht tugtha air sin ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cé gur tugadh aird ann san athbhreithniú go raibh athrú tagtha ar na hamlínte chun tús a chur leis na Seirbhísí

Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais, táthar i mbun teagmhála i gcónaí agus i rith an ama i dtaca le dul chun cinn ar an tionscadal faoi mar a bhaineann leis an gcomhpháirt chosanta (uimhir 84), agus leanfar de sin.

# 4. Comhairliúcháin leis an gComhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil, agus Cosaint - An Máirt, 5 Márta 2019

Sular tosaíodh obair ar an Tuairisc Nuashonraithe seo ar an bPáipéar Bán, chinn an tAire atá freagrach as Cosaint gur chóir dul i gcomhairle leis an gComhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil, agus Cosaint mar chuid den phróiseas. Dá réir sin, scríobh an tAire chuig Cathaoirleach an Chomhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil, agus Cosaint ar an 28 Lúnasa 2018 agus é ag iarraidh a bheith i gcomhairle leis na comhaltaí maidir leis an Tuairisc Nuashonraithe ar an bPáipéar Bán agus le tionscadal forfheidhmithe an Pháipéir Bháin ionas gur féidir próiseas a chur ar bun, mar ghné bhuan de chur chuige i leith beartais cosanta amach anseo, ina mbeidh timthriall seasta d'athbhreithnithe cosanta.

I ndáil leis sin, bhuail an tAire leis an gComhchoiste ar an 5 Márta 2019. Roimh an gcruinniú, tugadh ábhar faisnéise cuimsitheach do na comhaltaí maidir leis an Tuairisc Nuashonraithe ar an bPáipéar Bán atá ar siúl faoi láthair agus leis an tionscadal forfheidhmithe a fhéachann le timthriall seasta d'athbhreithnithe cosanta a chur ar bun. [Tá tras-scríbhinn iomlán den chruinniú idir an tAire agus an Comhchoiste le fáil in Aguisín A.]

Is anailís é an méid seo a leanas ar cheisteanna a chuir comhaltaí le linn chruinniú an Aire leis an gComhchoiste.

## 4.1 Liosta Thionscadail an Pháipéir Bháin

I ndiaidh fhoilsiú an Pháipéir Bháin, ainmníodh 95 tionscadal ar leith atá le bheith curtha i gcrích thar thréimhse deich mbliana. Toisc go raibh cur síos ar na tionscadail ina bheart forfheidhmithe de chuid an Pháipéir Bháin, ní raibh liosta na dtionscadal sin ar fáil chun cur leis an bPáipéar Bán foilsithe mar aguisín. Ina theannta sin, bhí roinnt gníomhaíochtaí dá dtagraíodh ann fite fuaite cheana féin i ngnó laethúil na hEagraíochta Cosanta.

Le linn chruinniú an Aire leis an gComhchoiste, áfach, moladh go mbeadh sé áisiúil aguisín nó liosta a bheith ar fáil ina sonraítear na tionscadail go léir a bhaineann leis an bPáipéar Bán, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an bpobal tuiscint a bheith acu ar réimse na dtionscadal sin agus a d'fhéadfadh cabhrú le dul chun cinn an fhorfheidhmithe a mheas chomh maith.

Baineann na tionscadail fhorfheidhmithe a ainmníodh i ndiaidh fhoilsiú an Pháipéir Bháin le gnéithe a bhí ina dtionscnaimh úra agus ina gcinntí cumais a tháinig chun cinn mar gheall ar an bPáipéar Bán agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach an liosta de na tionscadail sin a chur i gcomhthéacs. Baineann an Páipéar Bán le gach gné den bheartas cosanta agus tá trasghearradh mór oibre atá ar siúl faoi láthair nach léireofaí i tionscadail an Pháipéir Bháin. Mar sin, tá baol ann go gceapfaí gur ag cuimsiú gach gné d'aschuir agus torthaí an Pháipéir Bháin agus na hEagraíochta Cosanta atá an liosta foilsithe de na tionscadail agus dá bhrí sin go leagfaí an iomarca béime ar na tionscadail a bhfuil tréimhse forfheidhmithe deich mbliana acu, rud nach léireodh an réimse forleathan oibre ar gá é a chur i bhfeidhm i dteannta le forfheidhmiú an Pháipéir Bháin.

Bíodh sin mar atá, tá fiúntas ag baint leis an moladh sin agus déanta na fírinne is amhlaidh gur fógraíodh liosta de na tionscadail go léir a bhaineann leis an bPáipéar Bán cheana féin mar fhreagairt ar Cheist Dála in 2017. I bhfianaise an méid sin, beartaíodh an liosta reatha de na 95 tionscadal go léir de chuid an Páipéir Bháin a fhoilsiú ina iomláine in Aguisín C den Tuarascáil seo. Cabhróidh sé sin le cinntiú go bhfuil an tráchtaireacht ar an athbhreithniú ar fhorfheidhmiú an Pháipéir Bháin atá le fáil i gCaibidil 3 (agus Aguisín D) níos soiléire do na léitheoirí a thuiscint. Cé gur cinnte gur féidir leis an liosta foilsithe a bheith ina uirlis tagartha áisiúil, is tábhachtach a lua, áfach, nach gcuimsíonn sé sin an t-ualach oibre agus an réimse tosaíochtaí forleathan atá ag an Eagraíocht Chosanta agus atá le fáil sa Pháipéar Bán. Tá léiriú níos forleithne le fáil ar iomláine na hoibre i Ráiteas Straitéise 2017-2020 de chuid na Roinne Cosanta agus Óglach na hÉireann agus i ngach Tuarascáil Bhliantúil de chuid na hEagraíochta.

## 4.2 Comhairliúchán

Ina ráiteas tosaigh leis an gComhchoiste, dúirt an tAire gur cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin cuimsitheach a chur le forbairt an Pháipéar Bháin nuair a foilsíodh an Páipéar Glas ar Chosaint in 2013 a bhí ina bhonn le comhairliúchán poiblí ar fuarthas 122 aighneacht i scríbhinn mar thoradh air.

Tugadh faoi deara gur tháinig a lán de na haighneachtaí sin ón tsochaí shibhialta agus léiríodh tacaíocht le linn Chruinniú an Choiste maidir le tuilleadh caidrimh a dhéanamh leis an tsochaí

shibhialta. Luadh freisin an tábhacht a bhaineann le leas a bhaint as fairsinge an eolais chorparáidigh atá ar fáil.

Meastar go bhfuil sé tábhachtach comhairliúchán a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta chun plé níos forleithne a spreagadh ar cheisteanna cosanta i measc na sochaí agus páirtithe leasmhara ná mar a tharlaíonn de ghnáth. Féachfaidh an Roinn Cosanta ar bhealaí inar féidir a leithéid de chomhairliúchán a fheabhsú agus a stiúradh mar chuid den phróiseas a bhaineann le hathbhreithnithe cosanta amach anseo. Mar gheall ar a dtábhacht náisiúnta, ceapann an Rialtas go mba chóir go meallann ceisteanna cosanta tacaíocht traspháirtí agus aithnítear sa Pháipéar Bán go bhfuil traidisiún láidir i dTithe an Oireachtais maidir le tacaíocht a thabhairt do cheisteanna a bhaineann le leas an náisiúin a chosaint. Den mheon sin, gealladh sa Pháipéar Bán próiseas comhairliúcháin uile-pháirtí a fhéachann le tograí le haghaidh athbhreithnithe cosanta a bhunú ar bhonn comhthola, agus ag brath ar leasú cuí a bheith déanta mar gheall ar na comhairliúcháin sin, déanfar breithniú in am trátha maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe a chur ar bhonn reachtúil. Bhí cruinniú an Aire leis an gComhchoiste ag teacht leis an bpróiseas comhairliúcháin uile-pháirtí a leagadh amach sa Pháipéar Bán agus tá an Rialtas tiomanta chun cinntiú go leanfar de bheith ag dul i gcomhairliúchán le comhaltaí an Oireachtais i gcás aon phróisis comhairliúcháin a tharlóidh i gcomhthéacs athbhreithnithe amach anseo.

Maidir le a fhairsinge agus a bheidh an comhairliúchán a dhéanfar ag gach timthriall athbhreithnithe, díreofar air sin mar chuid de thionscadal an Pháipéir Bháin (uimhir 86) ina bhfuil béim ar bhunú timthriall seasta nua d'athbhreithnithe cosanta. Rachaidh tuairimí an Choiste ar an tábhacht a bhaineann le comhairliúchán i bhfeidhm ar obair na foirne tionscadail. Beidh an leibhéal comhairliúcháin a dhéanfar in athbhreithnithe amach anseo ag brath ar roinnt tosca lena n-áirítear cinntí a bhaineann le gnéithe eile de na timthrialla athbhreithnithe amhail na tréimhsí ama lena mbaineann siad agus na rudaí ar a mbeidh na hathbhreithnithe ag díriú amach anseo. Ón gcomparáid idirnáisiúnta atá déanta go dtí seo mar chuid den tionscadal, is léir go ndéantar comhairliúcháin fhadréimseacha ina lán tíortha nuair atá athbhreithnithe cosanta ar siúl. Tarlaíonn comhairliúcháin fhorleathana leis an bpobal sa Nua-Shéalainn agus i gCeanada araon lena n-áirítear cruinnithe de stíl chruinnithe halla an bhaile chomh maith le caidreamh le saineolaithe agus anailísithe cosanta. De ghnáth,

tarlaíonn an leibhéal sin comhairliúcháin nuair atá doiciméid bheartas bunchloiche á bhforbairt, sa chaoi chéanna ina raibh sé d'aidhm ag an bPáipéar Glas ón mbliain 2013 go ndéanfaí caidreamh leis an bpobal le linn fhorbairt an Pháipéir Bháin in 2015. Ar an taobh eile, tá tíortha ann nach dtéann i dteagmháil leis an bpobal in aon chor maidir le forbairt beartais cosanta.

## 4.3 Athruithe bunúsacha ar bheartais, agus reachtaíocht

Léirítear beartas Cosanta an Rialtais sa Pháipéar Bán agus níl sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú sa Tuairisc Nuashonraithe seo ar bhunphrionsabail an bheartais cosanta a socraíodh nuair a fhormheas an Rialtas an Páipéar Bán in 2015. De réir na mbunphrionsabal sin, beidh Éire ag cloí lena beartas neodrachta míleata. Leagtar amach sa Pháipéar Bán freisin na príomhphrionsabail a bhaineann le forbairt cumais ar forbraíodh pleananna leanúnacha ilbhliantúla trealaimh agus bonneagair dá bharr. Tá forbairtí ag an leibhéal idirnáisiúnta ag réiteach leis an gcur chuige atá sa Pháipéar Bán, agus áirítear leis sin an cinneadh a rinne Rialtas na hÉireann páirt a ghlacadh sa Chomhaontú um Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO) de chuid an Aontais Eorpaigh.  Mar sin, níl sé beartaithe féachaint ar athruithe ar bheartas bunúsach mar chuid den Tuairisc Nuashonraithe seo.

I gcomhthéacs thagairt an Pháipéir Bháin d'fhoráil reachtúil maidir le riaradh timthriall seasta d'athbhreithnithe cosanta, tagadh ábhar imní chun cinn le linn chruinniú an Aire leis an gComhchoiste inar fiafraíodh an mbeadh sé i gceist athruithe a dhéanamh ar choincheap neodrachta na hÉireann, leasú a dhéanamh ar an gcóras glasála faoi thrí agus earnáil chosanta a fhorbairt.  I ndáil leis sin, tá foráil sa Pháipéar Bán chun féachaint ar an "bpróiseas athbhreithnithe a chur ar bhonn reachtúil" ach ní bhaineann an gealltanas sin ach leis an gceist i dtaobh cé acu ar chóir nó nár chóir athbhreithnithe a shainordú go tréimhsiúil de réir an dlí mar a tharlaíonn i dtíortha eile. I dtionscadal 86 an Pháipéir Bháin dírítear ar bhunú an timthrialla sheasta nua d'athbhreithnithe cosanta agus féachfaidh an fhoireann tionscadail ar an gceist seo, ach níl aon cheangal idir an cheist sin agus ceisteanna maidir le neodracht, an ghlasáil faoi thrí agus earnáil chosanta na tíre a fhorbairt.

Tá sé soiléir, áfach, go bhfuil deis ag baint le forbairt timthriall seasta rialta d'athbhreithnithe maidir le díospóireacht níos forleithne a spreagadh faoi bheartas cosanta i gcoitinne. Maidir

le cibé a úsáidfear nó nach úsáidfear na hathbhreithnithe sin amach anseo chun a leithéid de phlé a spreagadh agus conas a úsáidfear iad chomh maith, is ceist í sin a chuirfear faoi chaibidil mar chuid den tionscadal. Is ar éigean is féidir a sheachaint gur i gcás aon díospóireachta a spreagfar amach anseo mar gheall ar na hathbhreithnithe, go léireofar tuairimí contrártha ar bheartas reatha na hÉireann i dtaca le neodracht mhíleata in ainneoin gur mian leis an Rialtas go mbeadh an díospóireacht ag plé le gnéithe áirithe de bheartas cosanta amháin.

Maidir leis an imní go bhfuiltear ag iarraidh earnáil chosanta a fhorbairt in Éirinn, níl aon phleananna ann chun cur chuige na hÉireann a athrú i ndáil leis sin. Bíodh sin mar atá, deirtear sa Pháipéar Bán go raibh Óglaigh na hÉireann rannpháirteach i réimse leathan gníomhaíochtaí le hinstitiúidí bunaithe in Éirinn maidir le forbairt taighde, nuálaíochta, teicneolaíochta agus tionscnamh oideachais/oiliúna a d'fhéadfadh cur le forbairt chumas agus acmhainneachta Óglaigh na hÉireann. Rud atá tábhachtach ná go mbeidh príomhaidhm na ngníomhaíochtaí sin ag réiteach i gcónaí leis an bPáipéar Bán, agus mar sin, féachfar ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt chumas Óglaigh na hÉireann maidir le bainistíocht géarchéime i dteannta le leas a bhaint as deiseanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn chun tacú le nuálaíocht, fás agus poist i dtionscail atá lonnaithe in Éirinn, rud a chuirfidh le forbairt eacnamaíoch.

## 4.4 Na hÓglaigh Cúltaca

Maidir leis na hÓglaigh Cúltaca, tá caidreamh rialta ar siúl idir an Comhchoiste agus an tAire le blianta beaga anuas agus thug an tAire air féin tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcaidreamh sin. Aithníonn an Rialtas an ról tábhachtach atá ag na hÓglaigh Cúltaca maidir le cumas forbartha na hÉireann a chur chun cinn. Tá sé soiléir sa Pháipéar Bán go bhfuil gá leanúnach leis na hÓglaigh Cúltaca a choinneáil agus a fhorbairt agus tá siad ag dul i dtreo na forbartha faoi láthair mar gheall ar ghealltanais a rinneadh sa Pháipéar Bán agus sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta.

Le linn theagmháil an Aire leis an gCoiste, rinneadh an pointe go raibh gá le fuinneamh nua a spreagadh sa Chúltaca. Tá sé soiléir go mbaineann ceann de na príomhdhúshláin le baill foirne nua a earcú, a oiliúint agus a choinneáil chun bunaíocht an Chúltaca dá ndéantar foráil sa Pháipéar Bán a bhaint amach. Tá gá freisin, áfach, le cothromaíocht chuí a aimsiú maidir le hearcú na mBuan-Óglach agus le hearcú na nÓglach Cúltaca leis na héifeachtaí atá ag teastáil

a bhaint amach a chuirfidh ar a gcumas do na hÓglaigh tabhairt faoi na dualgais go léir atá leagtha orthu ag an Rialtas agus a chuirfidh struchtúr an fhórsa aonair ar aghaidh. Is tosaíocht é chun baill foirne nua a earcú isteach sna Buan-Óglaigh le blianta beaga anuas chun freastal ar an riachtanas foirne. Cé go bhfuil an Eagraíocht Chosanta tiomnaithe d'fhorbairt na nÓglach Cúltaca taobh istigh den chreat a leagadh amach sa Pháipéar Bán, caithfear é seo a chur i gcomhthéacs tosaíochtaí eile agus aird a thabhairt ar an timpeallacht slándála agus ar an méid acmhainní atá ar fáil.

I mí Iúil 2018, leag an Ceann Foirne freagracht as ról Stiúrthóir na nÓglach Cúltaca ar Stiúrthóir an Bhrainse Tacaíochta don Chomhrac agus ISTAR. Sa chomhthéacs sin, tá sé i gceist anois treorú a thabhairt do na haonaid agus na heagair go léir a bhfuil sócmhainní de chuid na nÓglach Cúltaca iontu chun a gcuid cumas a fhorbairt i gcomhréir le coincheap an fhórsa aonair mar aon le ról na nÓglach Cúltaca, de réir mar atá leagtha síos ag an Rialtas sa Pháipéar Bán.

Coinneofar caidreamh leis an gCumann Ionadaíochta le haghaidh na nÓglach Cúltaca (RDFRA) maidir le ceisteanna tábhachtacha a bhaineann leo. Ainmníodh RDFRA mar phríomhpháirtí leasmhar i dtionscadail ábhartha an Pháipéir Bháin agus beidh a gcuid tuairimí á lorg maidir le ceisteanna cuí de réir mar a théann na tionscadail chun cinn.

## 4.5 Baill Foirne na Roinne Cosanta

Bhí ceisteanna ag an gCoiste maidir le fadhbanna a bhaineann le bainistíocht cosanta agus le scileanna na mball foirne sa Roinn Cosanta. Le linn an díospóireachta leis an gCoiste, ba chosúil nach raibh sé soiléir do na comhaltaí go bhfuil brainsí sibhialta chomh maith le brainsí míleata ag an Roinn. Déantar foráil dóibh siúd faoi na n-Achtanna Cosanta, 1954-2011. Tá an tArd-Rúnaí i gceannas ar an ngné shibhialta agus tá an Ceann Foirne i gceannas ar an ngné mhíleata ar a dtugtar Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann. Tugann na gnéithe sibhialta agus míleata araon tacaíocht don Aire i mbainistiú cosanta. Is príomhchomhairleoir beartais de chuid an Aire é an tArd-Rúnaí agus is príomhchomhairleoir míleata é an Ceann Foirne. Chuimsigh an díospóireacht leis an gCoiste roinnt ceisteanna straitéiseacha chomh maith le hábhair mhionsonraithe chosanta agus sa chomhthéacs sin níor pléadh ról an Choiste Bainistíochta Straitéisí (CBS) atá ina chomhchoiste sibhialta-míleata a chuireann fóram ar fáil

le haghaidh plé ardleibhéil ar mhórcheisteanna a bhaineann le beartas cosanta. Is iad comhaltaí an CBS ná an tArd-Rúnaí, an Ceann Foirne, an triúr Ard-Rúnaithe Cúnta, an Stiúrthóir, an bheirt Leas-Cheann Foirne agus an Ceann Foirne Cúnta. Bíonn an Ginearáloifigeach i gCeannas an Aerchóir agus an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh i láthair i ndáil le ceisteanna a bhaineann lena gcuid seirbhísí. Is tosaíocht é go mbeadh dlúthchomhar idir na gnéithe sibhialta agus na gnéithe míleata ar gach aon cheist. Buaileann an CBS le chéile gach mí. Anuas air sin, agus i gcomhréir leis an bPáipéar Bán, is féidir leis an Aire cruinnithe de cheannaireacht shibhialta-mhíleata na Roinne a thionóil más gá, agus ba chóir na cruinnithe sin a thionóil uair amháin sa ráithe ar a laghad.

Bhí ceisteanna ag an gCoiste maidir le hoiliúint agus saineolas. Is fiú a thabhairt faoi deara i ndáil leis sin go mbíonn cuid mhaith comhghrúpaí sibhialta-míleata ag feidhmiú faoin CBS agus ar fud na Roinne agus tá socruithe oibre nach bhfuil chomh foirmiúil sin ann ina mbíonn pearsanra sibhialta agus míleata de gach leibhéal ag obair i ndlúthchomhar lena chéile agus iad ag tabhairt aird ar na líne údaráis ar leith a bhaineann le struchtúr na mbrainsí sibhialta agus míleata taobh istigh den Roinn. Tá gealltanas sa Pháipéar Bán chun féachaint ar chineálacha nua oibre sibhialta-míleata agus chun cur le rath na hOifige Pleanála Éigeandála ina bhfuil pearsanra sibhialta agus míleata ag obair le chéile go rathúil in aon bhrainse amháin le breis is deich mbliana.

Tá gealltanas láidir maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach ar an taobh sibhialta den Roinn agus ar fud Óglaigh na Éireann chomh maith lena n-áirítear Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann. Maidir leis sin, tá béim láidir i straitéis pearsanra na Roinne dar teideal "Ag Obair Le Chéile" a foilsíodh le déanaí ar fhorbairt leanúnach phearsanta agus ghairmiúil, cibé i gclár One-Learning a fheidhmíonn ar fud na seirbhíse sibhialta atá sé ar siúl, nó ag leibhéal na roinne le meascán d'fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil atá curtha in oiriúint do riachtanais an duine agus an phoist. Ar an mbealach céanna tá ardmheas ar an gcoincheap "d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil" agus cuirtear an coincheap sin chun cinn i measc ball foirne liostáilte agus oifigeach atá ag déanamh seirbhíse i mbrainsí míleata na Roinne, go príomha tríd an gClár um Staidéar Ceannaireachta, Bainistíochta agus Cosanta (féach ar alt 5.12 le haghaidh tuilleadh sonraí).

Bíonn earcaíocht le haghaidh na Seirbhíse Sibhialta á riaradh go príomha ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí thar ceann na Ranna, agus cuirtear ball foirne de chuid na seirbhíse sibhialta chuig an Roinn Cosanta in ord fiúntais de réir mar a thagann folúntais chun cinn. Tá réimse leathan cáilíochtaí ábhartha ag baill foirne na Seirbhíse Sibhialta sa Roinn Cosanta lena n-áirítear cáilíochtaí suas le leibhéal dochtúireachta a bhaineann le héagsúlacht ábhar amhail dlí, anailís bheartais, eolaíocht pholaitiúil, airgeadas agus an staidéar coinbhleachta. Tugtar tacaíocht do bhaill foirne na Roinne i dtaca le costas táillí leis an Scéim um Aisíoc Táillí má thugann siad faoin gcúrsaí a bhaineann le hobair na Roinne agus áirítear leis sin go hiondúil cúrsaí i gcaidreamh idirnáisiúnta, riarachán poiblí, staidéar straitéiseach agus anailís bheartais.

Nuair a chuirtear baill foirne chuig poist áirithe sa Roinn, cuirtear oiliúint ar fáil dóibh ar bhonn leanúnach atá in oiriúint don post chomh maith le hoiliúint ghinearálta chun a chinntiú go bhfuil sé de chumas acu a gcuid dualgas ar fad a chomhlíonadh. Ina theannta sin, tá cúrsaí de chuid Choláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint á gcur ar fáil do bhaill foirne ar bhonn leanúnach faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh.

Treisíonn an caidreamh leis an gCoiste an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht leanúnach i bhforbairt na n-acmhainní daonna agus le leas a bhaint as saineolas ábhartha sibhialta agus míleata i mbainistíocht cosanta.

## 4.6 Achoimre ar an gcomhairliúchán

Treisíodh an tábhacht a bhaineann le próiseas timthriall seasta d'athbhreithnithe mar gheall ar an gcaidreamh leis an gComhchoiste ag leibhéal aireachta.

I measc rudaí eile, leagadh béim ar thábhacht chur chuige machnamhach i suíomh daonlathach na Dála a nascann forbairt beartais agus forfheidhmiú beartais ar bhealaí a réitíonn leis na hathruithe atá ar siúl sa chomhthéacs slándála. Treisíodh tábhacht an chaidrimh leis an saoránach agus an gá go mbeadh beartas cosanta ag freastal ar riachtanais na sochaí.

Treisíodh freisin an riachtanas maidir lenár gcuid cur chuige féin i leith cosanta a fhorbairt, mar a ndéantar i dtíortha eile, ar bhealach a léiríonn roghanna ár muintire féin agus na beartais bhunúsacha amhail neodracht mhíleata i dteannta le cinntiú gur féidir le hÓglaigh na hÉireann rannchuidiú a dhéanamh agus obair go héifeachtach sa suíomh idirnáisiúnta.

Le linn an chruinnithe leis an gCoiste ba léir go raibh gá le forbairtí sa suíomh idirnáisiúnta a thabhairt faoi deara sa leasú agus san athbhreithniú seo agus sna leasaithe agus sna hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo, agus go háirithe go n-aithneofar go bhfuil ár slándáil faoi thionchar réimse leathan éifeachtaí agus tosca beartais. Caithfear iad sin a chur in iúl ar bhealach atá chomh héifeachtach agus is féidir.

Beidh an cheist maidir le hacmhainní i gcónaí ann mar fhadhb atá le réiteach mar chuid de chinnteoireacht náisiúnta bhuiséadach, ach is féidir leis an timthriall seasta de phróiseas athbhreithnithe leideanna a chur ar fáil dúinn maidir le bearnaí agus leis an tslí ar féidir fadhbanna acmhainní a réiteach amach anseo.

Faoi dheireadh, dearbhaíonn an comhairliúchán leis an gCoiste nach mbíonn aon phointe deiridh nuair atá cosaint i gceist ach go bhfuil an próiseas athbhreithnithe ag féachaint le cur chuige a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil beartais agus cumais chosanta ábhartha againn atá dírithe ar an am amach romhainn seachas ar an am atá thart.

## 5. Dul chun cinn ó foilsíodh an Pháipéir Bháin

Cuimsíonn an chaibidil seo na fadhbanna agus na himeachtaí ata tagtha chun solais ó foilsíodh An Páipéar Bán maidir leis an gCosaint i 2015, nach gcuirtear san áireamh leis an méid atá faoi chaibidil sna caibidlí níos luaithe.  Ar an gcéad dul síos, dírítear ar cheisteanna maidir le hacmhainní daonna atá tagtha chun cinn idir an dá linn. Ina dhiaidh sin, faightear cur síos ar na forbairtí i gcomhthéacs níos leithne agus na forbairtí a n-eascraíonn ón gClár Do Rialtas Comhpháirtíochta san áireamh ach go háirithe chomh maith le slándáil náisiúnta, AE agus i bhfearainn thar lear san áireamh.

### 5.1 Suirbhé maidir leis an Timpeallacht Oibre in Óglaigh na hÉireann

Foilsíodh Suirbhé maidir leis an Timpeallacht Oibre in Óglaigh na hÉireann i 2016 arna choimisiúnú i ndiaidh mholadh a rinneadh sa tríú tuarascáil de chuid an Ghrúpa Faireacháin Neamhspleách (IMG). Rinneadh sampláil ar thart ar 11% den bhfoireann, ar aon dul le suirbhé cosúil leis an gceann sin a rinneadh i 2008.

Chuir taighdeoirí Ollscoil Luimnigh grúpaí fócais ar bun mar chuid de mheasúnú leantach iarchúraim ar thorthaí tosaigh an suirbhé. Foilsíodh an tuarascáil *Workplace Climate in the Defence Forces Phase 2: Results of the Focus Group Research* i mí Iúil 2017 inar rinneadh imscrúdú ar na ceisteanna a tháinig chun solais mar chuid den chéad shuirbhé. Cuirtear san áireamh leis seo pá agus coinníollacha (go háirithe an pá dóibh siúd is lú pá in Óglaigh na hÉireann), folúntais, earcú agus coinneáil, córais ardú céime, bainistiú feidhmíochta, ceannasaíocht, cultúr, misneach, strus agus cothromaíocht oibre is saoil.

Táthar ag dul i ngleic leis na ceisteanna a tháinig chun solais sa suirbhé ar shlite áirithe, lena n-áirítear cur i bhfeidhm mholtaí an Pháipéir Bháin, agus an tuarascáil de chuid an Rialtais a foilsíodh le déanaí (an Plean Ardleibhéil um chur i bhfeidhm Thuarascáil An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí) agus clár oibre Óglaigh na hÉireann. Déanfar na ceisteanna eile a bhaineann leis an Suirbhé maidir leis an Timpeallacht Oibre in Óglaigh na hÉireann a chur chun cinn le próiseas an Idir-réitigh agus Eadrána.

## 5.2 Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020

Moltar arduithe pá ó 6.2% go 7.4% - thar shaolré an chomhaontuithe - sa Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020). Tá na harduithe sin ualaithe i bhfabhar iad siúd atá ar pá íseal. Go dtí seo, faoin gComhaontú, tá na harduithe a gealladh ó 1 Eanáir 2018, 1 Deireadh Fómhair 2018, 1 Eanáir 2019 agus 1 Meán Fómhair 2019, glactha agus íoctha do bhaill an Bhuanfhórsa Cosanta. Tá arduithe pá breise beartaithe don bhliain 2020. Faoi dheireadh an Chomhaontuithe reatha, déanfar scálaí pá sheirbhísigh poiblí (Óglaigh na hÉireann san áireamh) a thuilleann níos lú ná €70,000 in aghaidh na bliana a hathbhunú de réir na leibhéal a leagtar amach sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (BAÉLP). Tá sé beartaithe sa Chomhaontú freisin go n-athbhunófar na ciorruithe 5% do liúntais rinneadh faoi reachtaíocht BAÉLP.

## 5.3 Earcaíocht agus Coinneáil Foirne

Tá an Rialtais tiomnaithe do 9,500 ball foirne ghníomhacha den mBuanfhórsa Cosanta a choinneáil. Faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2019, bhí pearsanra lánaimseartha an Bhuanfhórsa Cosanta de 8,762 a chuireann pearsanra de 7,063 de chuid an Airm, pearsanra ar fiú 738 de chuid an Aerchóir agus pearsanra ar fiú 961 de chud na Seirbhíse Cabhlaí.

Ar mhaithe le filleadh ar bunaíocht mhíleata 9,500 duine a hathbhunú, tá roinnt tionscnaimh earcaíochta nua curtha i bhfeidhm. Mar aon leis sin, bíonn an comórtas earcaíochta do Bhuan-Óglaigh ar oscailt i rith na bliana chun cumas traenála Óglaigh na hÉireann a uasmhéadú agus chun níos mó deiseanna a chur ar fáil d'iarrthóirí.

Léiríonn na dúshláin seo i dtaobh na hearcaíochta in Óglaigh na hÉireann staid an gheilleagair reatha. Anuas air sin, bíonn deiseanna poist mhealltacha sna hearnálacha príobháideacha agus tráchtála leathstáit faoi bhráid iarrthóirí ionchasacha. Bíonn an-éileamh ar bhaill an Bhuanfhórsa Cosanta ag fostóirí san earnáil phríobháideach de bharr an leibhéil traenála agus taithí atá tuillte acu.

Chuir an Rialtas de chúram ar An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí staidéar cuimsitheach a chur i gcrích chun na dúshláin ó thaobh na hearcaíochta agus na coinneála foirne de a

imscrúdú. Chuir An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí an Tríú Tuarascáil faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí an Bhealtaine 2019. Ghlac an Rialtas le Tuarascáil An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí an 4 Iúil 2019. Cuirtear na moltaí seo a leanas san áireamh sa Turascáil:

- Ardú 10% an Liúntais Seirbhíse Mileata (a mhéadóidh pá móraimh phearsanra Óglaigh na hÉireann idir €602 agus €675 i rith na bliana);
- Athbhunú iomlán go leibhéil iar-Haddington Road liúntas áirithe Óglaigh na hÉireann a rinneadh a ghearradh mar chuid den Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2013-2016), mar aon le hathbhunú rátaí arda do dhualgais a chuirtear i gcrích i rith an deireadh seachtaine; agus
- An bónas um choinneáil foirne/dílseachta do phíolótaí an Aerchóir.

Táthar i mbun na moltaí seo a chur i bhfeidhm i ndiaidh do chumainn ionadaíochta an Bhuanfhórsa Cosanta (Cumann Ionadaíochta Chéimnigh Eile na mBuan-Óglach (PDFORRA) agus Cumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta (RACO)) glacadh le tuarascáil de chuid An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí Cumann Ionadaíochta Chéimnigh Eile na mBuan-Óglach.

D'eisigh an Rialtas Plan Ardleibhéil dar teideal “Strengthening our Defence Forces – Phase One”. tar éis foilsiúchán na Tuarascála. Tá sé mar aidhm ag an bPlean moltaí an Tríú Tuarascáil de chuid An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm, ina theannta réimse áirithe feabhsuithe ó thaobh luach saothair de, agus socruithe a dhéanamh chun tuilleadh tionscnaimh a chur ar bun amach anseo. Tá Oifig Bainistíochta Cláir (OBC) chomhpháirteach shibhialta-mhíleata nua curtha ar bun chun an Plean a chur chun feidhme ina iomláine. An toradh a bheidh ar an bPlean nua, atá bunaithe ar mholtaí an CPSP, ná roinnt de na tionscnaimh reatha a bhaineann le hacmhainní daonna sa Pháipéar Bán a chur in ord tosaíochta arís. Déanfaidh an OBC nua cinnte de, faoi stiúir an Aire, go gcomhshamhlófar tionscadail reatha ar shlí éifeachtach sa chlár oibre nua. Cuirfidh an OBC tacaíocht foirne ar fáil d'urraitheoirí tionscadail agus déanfaidh an oifig comhordú dlúth leis na rannpháirtithe, nach den Roinn Cosanta iad, a éascú, is iad sin Roinn an Taoisigh agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 5.4 Comhionannas agus Éagsúlacht

Cuireadh Stráitéis um Ilghnéitheacht agus Chuimsiú d'Óglaigh na hÉireann i 2017.

## 5.5 Oiliúint agus Oideachas

Tá meas ag Óglaigh na hÉireann ar an oideachais agus é a chur chun cinn agus tacaíonn sé le "foghlaim ar feadh an tsaoil" ina ndéantar pearsanra a spreagadh chun uas-scilithe agus athoiliúna sa mhéid is gur féidir leo dul i dtaithí ar éilimh inathraithe chasta agus cumas míleata éifeachtach a sholáthrú. Cuireadh tacaíocht i dtaobh oideachais agus oiliúna ar fáil le linn na tréimhse ó 2016 go 2018. Cuireadh 3,800 cúrsa ar bun chun freastal ar níos mó ná 47,000 ball d'Óglaigh na hÉireann.

Táthar fós i mbun an Clár Bainistíochta Ceannaireachta agus Staidéar Cosanta (LMDS) do phearsanra atá ar seirbhís a fhorbairt agus tá ardmholadh déanta air ag Óglaigh na hÉireann agus a phearsanra. Faoi dheireadh 2018, tá méid an phearsanra Óglaigh na hÉireann atá tar éis clárú don chlár ó cuireadh ar bun i 2012 méadaithe go 2,826. Faoi láthair, táthar i mbun an Clár LMDS d'oifigigh a fhorbairt agus a chur chun cinn toisc go bhfuil ag éirí go maith leis go dtí seo. Tá cáilíochtaí leibhéil 7, leibhéil 8 agus leibhéil 9 bainte amach ag Oifigigh faoin gclár LMDS agus tá Cáilíochtaí Máistreachta bainte amach ag 223 Oifigeach ó cuireadh ar bun é i 2007.

## 5.6 Athbhreithniú ar an Scéim Idir-réitigh agus Eadrána

Cuireann an Scéim Idir-réitigh agus Eadrána (C&A) do bhaill an Bhuanfhórsa Cosanta meicníocht fhoirmiúil ar fáil do Chumainn Ionadaíochta dul i mbun cainte leis an taobh Oifigiúil maidir le gnéithe a thagann chun solais a measfar bheith laistigh de chúraimí na scéime.

Chuir an t-Aire Cosanta athbhreithniú cuimsitheach ar an scéim ar bun i 2018 i bhfianaise na n-athruithe i dtaobh caidrimh thionslcaígh ó cuireadh an scéim ar bun ag tús na 1990í. Foilsíodh tuarscáil an athbhreithnithe an 2 Deireadh Fómhair 2018 agus tá sé le fáil ar [http://www.defence.ie/en/news/publications](http://www.defence.ie/en/news/publications). Ina dhiaidh sin, bheartaigh páirtithe na scéime

próiseas a chur ar bun chun moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm agus tá iarratas curtha isteach ar chúnamh ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

## 5.7 Ombudsman Nua d'Óglaigh na hÉireann

Le héifeacht ó 6 Iúil 2018 agus i ndiaidh d'fheachtas oscailte curtha ar bun ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, ceapadh an Breitheamh Onórach Alan Mahon mar Ombudsman nua Óglaigh na hÉireann ar feadh tréimhse trí bliana.

## 5.8 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Tá An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, i gcomhpháirt leis An Roinn Cosanta agus An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ag plé na mbealaí reachtúla inar féidir gníomhaíochtaí Óglaigh na hÉireann agus An Gharda Síochána a chuimsiú faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997. Tá obair chuimsitheach curtha ar bun ag Óglaigh na hÉireann chun cúraimí oibre an fhórsa a imscrúdú agus chun an bealach is fearr ar féidir an Treoir um Am Oibre a chur i bhfeidhm dá phearsanra a aimsiú. Is próiseas ar leith é cur i bhfeidhm An Treoir um Am Oibre atá fós ag dul ar aghaidh faoi láthair.

## 5.9 Iarshaighdiúirí

Tá an Rialtas an seasamh an fhóid i gcónaí ar son tacaíochta agus soláthair mhaoinithe don Eagraíocht Phearsanra Iarsheirbhíse naisiúnta (ONE) agus don Chumann Sheansaighdiúirí Éireannacha na Náisiún Aontaithe (IUNVA). Sa bhliain 2018, méadaíodh ar an liúntas bliaintiúil do ONE ó €44,000 go €100,000 agus cuirtear liúntas ar fiú €11,000 ar fáil don IUNVA go bliaintiúil.

Bhí an Eagraíocht um Chosaint ag obair i gcomhpháirt le ONE leis an aidhm acu a gcuid pleananna chun Ionaid Thacaíochta d'Iarshaighdiúirí a bhunú timpeall na tíre a thabhairt chun críche. Bunaíodh sé n-ionad nua sa bhliain 2018 agus tá obair curtha ar bun leis an aidhm aici ionaid bhreise a oscailt amach anseo.

## 5.10 Clár Do Rialtas Comhpháirtíochta

Aontaíodh an Clár Do Rialtas Comhpháirtíochta (PfG) i 2016 ina leagtar amach 14 gealltanas ar leith a bhaineann leis an gCosaint (féach Aguisín E). Baineann na pointí seo a leanas le cur i bhfeidhm an PfG:

- Tá 42 tionscnamh cur chun feidhme a luaitear sa Pháipéar Bán curtha ar bun, ar cuireadh tús le 15 acu agus ar tugadh 15 acu chun críche, agus méid áirithe díobh beagnach críochnaithe freisin.
- Soláthraíodh soitheach patróil amach ón gcósta nua mar chuid den chlár um athsholáthar loinge de chuid an tSeirbhís Chabhlaigh i 2016 agus 2018.
- Ordaíodh trí aerárthach fóntais le sciatháin fothaiseacha orthu don Aerchór i 2017 agus táthar ag súil le go seachadófar an chéad dá aerárthach eile i 2020.
- Tá an próiseas um sholáthar dhá Aerárthach patróil mara in ionaid na n-aerárthach CASA de chuid an Aerchóir beagnach tagtha chun deiridh.
- Cuireadh tús le huasghrádú meánaoiseach agus clár cothabhála d'fhlít 80 iompróirí armúrtha pearsanra an Airm (MOWAG) i 2016 agus tá sé fós ar siúl faoi láthair.
- Tá níos mó ná €30m infheistithe in oibreacha tógála i mbunáiteanna míleata agus beairicí ar fud na tíre ó 2016 ar aghaidh.
- Cé nár baineadh an sprioc le haghaidh phearsanra 9,500 duine don Bhuanfhórsa Cosanta amach go dtí seo, tá earcaíocht leanúnach ar siúl (le níos mó ná 2,000 ball ionduchtuithe idir 2016 agus 2018). Tá tuilleadh plé ar na dushláin atá ann ó thaobh earcaíochta agus coinneála foirne de le fáil sa Phlean Ardleibhéil maidir le cur i bhfeidhm Thuarascáil An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí a foilsíodh le déanaí.
- Tá ráta rannpháirtíochta na mban in Óglaigh na hÉireann méadaithe go 6.7% in 2018 agus tá 13.5% d'ionduchtuithe ar dhaltaí airm iad mná.
- Bunaíodh foireann treorach idirghníomhaireachta ar mhaithe le Cosaint Shibhialta a chur chun cinn agus a fhorbairt agus atá tar éis cruinniú faoi chúig go dtí seo.
- Mar aitheantas speisialta ón Rialtas, bronnadh Bonn Comórtha an Chéid 1916 ar bhaill an Bhuanfhórsa Cosanta agus Óglaigh Chúltaca a bhí ar seirbhís le linn na bliana 2016.
- Glacadh moltaí de chuid Shocruithe maidir le Fiontar Deimhnithe um Chosaint mar chuid de Thionscnamh na bhFiontar Deimhnithe um Chosaint, den Bheartas um Mhaoin Intleachtúil agus de Stráitéis na bhFiontar Deimhnithe um Chosaint. Tá sé mar

aidhm ag na moltaí seo caidreamh gníomhach a ghríosadh agus deiseanna comhoibríocha a aithint a chuideoidh le forbairt chumas Óglaigh na hÉireann agus a chuirfidh go mór le taighde, nuálaíocht agus forbairt fiontraíochta a chur chun cinn.

- Bíonn comhlachtaí agus institiúidí taighde i dteagmháil le hÓglaigh na hÉireann go rialta chun leas a bhaint as an saineolas a chuireann siad ar fáil. Tá maoiniú faighte ag trí thionscnamh atá bainteach le hÓglaigh na hÉireann faoin gclár Fís 2020; clár taighde agus nuálaíochta AE a chuireann maoiniú ar fiú €80 billiún é ar fáil ar feadh tréimhse 7 bliana.
- Tá sé leagan den Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óglaigh na hÉireann tugtha ar an bhfód ó bunaíodh i 2016 é. Mar chuid d'athbhreithniú eatramhach na Scéime i 2018, moladh leanúint leis seo ar bhonn go gcuirfí cúrsa amháin ar fáil in aghaidh na bliana.

## 5.11 Ráiteas Stráitéise 2017-2020

Ghlac an Taoiseach, mar Aire Cosanta, le bunú Roinn Cosanta agus le Ráiteas Stráitéise Óglaigh na hÉireann, don tréimhse 2017–2020, in 2017 de réir fhorálacha an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. D'eascair cur le chéile an Ráitis Stráiteise ó chomharliucháin idir fhoirne Eagraíocht um Chosaint, Coiste an Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil, agus Cosaint, chomh maith leis an gCumann Ionadaíochta Óglaigh na hÉireann. Cuirtear creatlach stráitéiseach don Roinn agus d'Óglaigh na hÉireann don tréimhse 2017–2020 ar fáil ann agus tá sé le fáil ar shuíomh greasáin an Roinn Cosanta http://www.defence.ie.

## 5.12 Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO)

Is éard is PESCO ann ná tionscnamh forbartha cumas atá sé mar aidhm aige cur le cumas AE aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna idirnáisiúnta agus tacú míleata a chur ar fáil do na Náisiúin Aontaithe. Ó bunaíodh i Nollaig 2017 é, déanann comhpháirtíocht PESCO na hÉireann, staid Éire mar bhallstát lánthiomanta a dhaingniú agus cuireann sé go mór lenár gcumas bheith in ann tionchar a bheith againn ar chlár oibre AE maidir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC).

Gan cur isteach ar shocruithe slándála agus cosanta reatha na tíre seo, déanfaidh ár gcomhpháirtíocht in PESCO ár gcumas míleata i gcomhair bheith páirteach in oibríocht tacaíochta síochána faoi shainordú na Náisiún Aontuithe a fheabhsú; cur go mór le hidir-inoibritheacht agus, i gcomhpháirt le ballstáit eile AE chun a dheimhniú go gcuirfí an traenáil agus an trealamh is fearr ar fáil dár saighdiúirí. Faoi láthair, tá 47 tionscnamh PESCO á bhforbairt agus tá Éire comhpháirteach in dhá cheann acu - (1) an Lárionad Inniúlachta Misean Oiliúna an Aontais Eorpaigh agus (2) Uasghrádú Faireachais Mhuirí - agus tá Éire ina stát breathnóireachta ar naoi dtionscnamh eile.

## 5.13 An Ciste Eorpach Cosanta

I mí an Mheithimh 2018, mhol an Coimisiún Eorpach rialachán nua maidir le bunú an Chiste Eorpach Cosanta mar chuid den gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 (CAI). Tá sé i gceist ag an CAI a bheith ina uirlis chun iomaíocht agus nuálaíocht a spreagadh don Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Tá sé mar aidhm aige cláir chomhpháirtíochta a thionscnamh - rud nach dtarlódh gan tacaíocht airgid AE - chun gníomhaíochtaí thaighde agus forbairt a sholáthar ar mhaithe leis na dreasuithe riachtanacha chun comhpháirtíocht a spreagadh i ngach céim den phróiseas tionsclaíoch.

Is iad an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (PADR) agus an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) na cláir phíolótacha de chuid an Chiste Eorpach Cosanta. Tugann an rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta "Fuinneoga" an Taighde (PADR) agus an Clár Forbartha Tionscal (EDIDP) den Chiste le chéile i Rialacháin um Chiste Eorpach Cosanta amháin chun cúnamh airgid a chur ar fáil don CAI 2021-2027. Ba é moladh an Coimisiún é go mbeadh buiséad €13 bhilliún ag an gCiste, thar tréimhse seacht mbliana, ach is é an moladh is déanaí ón Uachtaránacht, a rinne go luath i mí na Nollag 2019, ná buiséad de bheagán níos mó ná €6 bhilliún. Tá sé mar aidhm ag na Cláir Phíolótacha agus an Ciste Eorpach Cosanta araon feabhas a chur ar iomaíochas, éifeachtúlacht agus cumas inniúlachta an Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí ar fud an Aontais ag díriú ar chumas nuálaíochta na FBMeanna, ach go háirithe.

## 5.14 Comhaontuithe maidir le Stádas na bhFórsaí

Rinneadh tiomantas na tíre do choimeádaithe síochána a sholáthar d'fheachtais síochánaíochta idirnáisiúnta a athdhaingniú nuair a ghlac an Rialtas agus an Dáil leis an gComhaontú maidir le Stádas na bhFórsaí i gComhpháirtíocht na Síochána AE agus na Náisiún Aontaithe . Tá sé mar aidhm ag an gComhaontú maidir le Stádas na bhFórsaí (SOFA) rialú a dhéanamh ar shocruithe dleathacha agus riaracháin mar a bhaineann siad le baill fhórsaí eachtrannacha ata ar seirbhís laistigh den Stát ina n-imlonnaítear iad. Is éard atá i gceist leis an gComhaontú maidir le Stádas na bhFórsaí AE agus na Náisiún Aontaithe i gComhpháirtíocht na Síochána ná comhaontuithe ceaighdeánacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí bainistíochta géarchéime faoi stiúir AE agus na Náisiún Aontuithe thar lear. Tá foráil iontu na díolúintí agus na pribhléidí céanna atá ag comhpháirtithe eile a thabhairt d'Óglaigh na hÉireann atá ar seirbhís sna hoibríochtaí sin gan an riachtanas a bheith ann i gcomhair chomhaontuithe casta ar leataobh idir Éire agus chomhpháirtithe eile, atá ar seirbhís sna hoibríochtaí sin. B'amhlaidh an cás go dtí gur cuireadh na SOFAanna sin i bhfeidhm ón 1 Aibreán i mbliana.

## 5.15 Breatimeacht

Mar thoradh ar chinneadh na Ríochta Aontaithe an tAE a fhágáil, táthar amhrasach mar gheall ar an cineál Breatimeachta a bheidh ann agus a méadaíodh le himeachta na mionna le déanaí. Tugann sin fócas níos láidre ar na tionchair ar féidir a bheith ag Breatimeacht gan margadh. Tá an Eagraíocht Cosanta fós tiomanta don phleanáil chun dul i ngleic leis na dúshláin ar féidir a eascrú ón mBreatimeacht. Déanann oifigeach sinsireach, atá freagrach as cúrsaí Breatimeachta, ionadaíocht ar an Roinn Cosanta ar Ghasra Oifigeach Sinsearach Idir-rannach agus Grúpaí AE agus Breatimeachta faoi stiúir ag Roinn an Taoisigh atá bainteach le ceisteanna stráitéiseacha, oibríochta agus beartais a thagann chun solais dá bharr. Bíonn Oifigigh na Roinne i láthair ag cruinnithe de chuid Ghrúpa na gComhordaitheoirí Breatimeachta agus Ghrúpaí Rannacha bainteacha eile arna cathaoirleacht ag an Roinn Ghnóthaí Eachtracha agus Trádála. Tá sé beartaithe ag Óglaigh na hÉireann leanúint leis an bpleanáil chúramach faoi réir gach rud a d'fhéadfadh tarlú. Tá idirghabháil leanúnach ar siúl ag An Garda Síochána agus Óglaigh na hÉireann maidir le cúrsaí slándála agus comhordú rialta. Reáchtáiltear cruinnithe idirghabhála go rialta.

## 5.16 Bainistiú Slándála Náisiúnta

Is coiste comhaireachta nua é an Coiste Comh-Aireachta um Shlándáil a chlúdaíonn ceisteanna a bhaineann le ceartas, cosaint, athchóiriú an Gharda Síochána agus slándáil náisiúnta. Déanann an coiste comhaireachta seo deimhin go mbeadh baint ag an Aire i réimsí leathana na slándála chomh maith le réimse áirithe gnéithe ar gá measúnú agus cinneadh ón Rialtas agus ón Aire. I measc iad siúd ná iarbheart ar Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. Bunaíodh an Coimisiún seo faoi chúraim an Rialtais i mí na Bealtaine 2017 ar mhaithe le himscrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar an uile gné den phóilíneacht sa Stát seo agus ar mhaithe le moltaí a thabhairt faoi bhráid an Rialtais maidir le todhchaí na póilíneachta. Foilsíodh an tuarascáil i Meán Fómhair 2018. Tá cur i bhfeidhm na Tuarascála seo de chuid an Choimisiúin faoi stiúr Bhord Stiúrtha Ardleibhéil agus an Grúpa Forfheidhmithe i leith Athchóirithe Póilíneachta, le hionchur ón Roinn Cosanta.

Mar thoradh ar mholtaí an Choimisiúin, cuireadh Lárionad Náisiúnta Anailíse Shlándála ar an bhfód (NSAC) faoi choimirce Roinn an Taoisigh. Ceapadh Stiúrthóir ar an NSAC. Is ceann de phríomhróil an Stiúrthóra ná tacaíocht a chur ar fáil don Choiste um Shlándáil Náisiúnta ar a bhfuil Ard-Runaí an Rialtais ina chathaoirleach. Anuas air sin, beidh an NSAC freagrach as Stráitéis Slándála Náisiúnta a fhorbairt. Déanfaidh an obair atá bainteach le feidhmiú an Ionaid nua ailtireacht slándála náisiúnta a mhúnlú agus an cur chuige ón rialtas i dtaobh an timpeallacht slándála a mheas a fheabhsú, go háirithe i gcomhthéacs oibríocht timthrialla tráthrialta maidir le hathbhreithnithe cosanta. Cuirtear san áireamh le cúraimí an Choiste Comh-Aireachta maoirseacht maidir le cur i bhfeidhm Phlean Ardleibhéil an Rialtais ó thaobh chur i bhfeidhm Thuarascáil an Choimisiúin um Pá na Seirbhíse Poiblí maidir le dushláin i dtaobh earcaíochta agus coinneála foirne sa Bhuanfhórsa Cosanta.

## 5.17 Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála (BSÉ): Struchtúir agus Creat Náisiúnta

Mar chuid den obair atá curtha ar bun ag an Rialtas faoin Tascfhórsa um Phleanáil Éigeandála, cuireadh athbhreithniú ar na struchtúir agus na próisis reatha atá i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta ar bun i 2014 agus baineadh an ceann scríbe amach ina thaobh sin nuair a ghlac an Rialtas le "*Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála (BSÉ): Struchtúir agus Creat Náisiúnta*" i mí Iúil 2017. Tá sé mar aidhm ag an gCreat BSÉ agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis deimhniú

go bhfuil comhlachtaí stáit ar a gcumas éigeandálaí mór scála a fhreagairt go sciobtha agus go héifeachtúil.

### 5.18 Forbairt Inniúlachta– Trealamh agus Bonneagar

Tá foráil sa Phlean Forbartha Náisiúnta do bhuiséad Cosanta ar fiú €541 milliún don tréimhse 2018-2022. Éascóidh an cistiú caipitil seo go mbeidh an Eagraíocht Cosanta in ann tabhairt faoi chlár athsholáthair threalaimh agus forbairtí bonneagair i measc an tArm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh faoi mar a leagadh síos agus a cuireadh in ord tosaíochta sa Pháipéar Bán. Cuireann sé seo le clár infheistíochta suntasach le blianta beaga anuas.

Cuireadh pleananna maidir le trealamh agus bonneagar le chéile ar mhaithe le tosaíochtaí i dtaobh na ngéithe sin a leagtar síos sa Pháipéar Bán a threorú bunaithe ar an maoiniú atá le fáil. Cuirtear na príomhinshealbhuithe agus na hinfheistíochtaí tábhachtacha seo a leanas san áireamh leis sin:

- Clár um uasghrádú agus chothabháil flít 80 iompróirí armúrtha pearsanra an Airm ar fiú €68m.
- Fuair an tSeirbhís Chabhlaigh soitheach patróil amach ón gcósta nua i 2016 agus ceann eile i 2018 faoin gclár athsholáthair loinge. Fuarthas ceithre shoitheach san iomlán faoin gclár seo ar fiú infheistíocht €288m é (ó 2010 ar aghaidh).
- Táthar i mbun pleanála maidir le hinshealbhú Shoitheach Ilfheidhmeach in ionad na loinge ceannais LÉ Eithne de chuid na Seirbhíse Cabhlaí.
- Tá an chéad chéim de Chlár Sínte Meánaoise curtha i gcrích go dtí seo ar dhá cheann d'shoithigh aicme P50 de chuid na Seirbhíse Cabhlaí leis an aidhm iontaofacht na soitheach sin a dheimhniú ar feadh na chéad 15 bliana atá amach romhainn.
- Táthar i mbun trí aerárthach PC12 a thógáil don Aerchór. Beidh na haerárthaigh seo in ann ag tascanna faisnéise, faireachais, fál targaidí agus taiscéalaíochta (ISTAR) a chur i gcrích agus tá siad le bronnadh ó thús 2020.
- Tá cuireadh chun tairiscintí mar gheall ar athsholáthar dhá Aerárthaigh Patróil Mara CASA ag teacht chun deiridh faoi láthair.
- Faoi láthair, tá tionscnaimh forbartha bonneagair ar fiú €37m iad ag céimeanna éagsúla an phróisis chur chun feidhme. Cuirtear san áireamh leis seo uasghrádú agus

nuachóiriú na n-áiseanna arna úsáid Óglaigh na hÉireann, cuir i gcás lóistín, áiseanna itheacháin agus taisceadáin thar an tArm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh.

## 5.19 Oibríochtaí Thar Lear

*5.19.1 Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL)*

Tá baill Óglaigh na hÉireann ar seirbhís faoi láthair mar chuid den UNIFIL. Tá siad lonnaithe i Limistéar Thiar réimse oibrithe an UNIFIL. Mar gheall ar ghealltanais náisiúnta eile, d'aistarraing an Fhionlainn agus an Eastóin ó Chathlán na Fionlainne agus na hÉireann de chuid UNIFIL i Samhain 2018. Imscaradh 106 pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann ar an misean UNIFIL chun áit bhuíon na Fionlainne a aislíonadh ar feadh tréimhse 12 mí ó Shamhain 2018 go Samhain 2019.

Ina dhiaidh sin i 2019, tá grúpaí ón Phólainn agus ón Ungáir le himeascadh chun buíon na Fionlainne a aislíonadh freisin. Tá an Rialtas ag seasamh an fhóid fós ar son chothabháil na síochána agus na slándála sa Liobáin agus is le hÓglaigh na hÉireann a bheith rannpháirteach in UNIFIL amach anseo a deimhneofar seo.

*5.19.2 Fórsa Breathnóireachta Díscoir na Náisiún Aontaithe (UNDOF)*

Tá sé de dhualgas ar an bhfoireann a imscaradh ar Arda Golan mar chuid den UNDOF gníomhú mar Fhórsa Cúltaca Soghluaiste, agus Fórsa Mearfhrithghníomhaithe á chur ar fáil acu. Is Fórsa é seo atá ar fuireachas chun cúnamh a thabhairt d'oibríochtaí reatha a bhaineann le réimse freagrachta an UNDOF. Ina dhiaidh imeachtaí suntasacha i Lúnasa 2014 sa limistéar scartha, aistríodh campa an mhisin ó Champa Faouar ar thaobh na Siria den limistéar scartha go Campa Ziouani ar thaobh an Iosrael de ar bhonn sealadach. Cuireadh tús leis an bpróiseas chun filleadh ar thaobh na Siria i 2016 leis an aidhm bearta um chosaint fórsa ag Camp Faouar a threisiú. D'éirigh le foireann na hÉireann athimscaradh go dtí an Campa Faouar ar thaobh na Siria de.

Is páirt lárnach é láithreacht leantach an mhisin UNDOF i slándáil sna hArda Golan agus i réigiún an Mheán Oirthir go ginearálta a dheimhniú.

*5.19.3 Imlonnú na Seirbhíse Cabhlaí sa Mheánmhuir*

I nDeireadh Fómhair 2017, ghlac an tSeirbhís Chabhlaigh páirt i Misean Cabhlaigh AE (oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir Láir-Theas), Oibríocht Sophia. De réir mhandáid an mhisin, ba iad faireachas agus oibríochtaí um bhailiúchán faisnéise, oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála agus diúscairt bháid imircigh agus Oibríochtaí um Chosaint Fórsaí príomhdhualgais na Seirbhíse Cabhlaí. Imscaradh soithigh de chuid na Seirbhíse Cabhlaí Éireannaí sa Mheánmhuir i rith na tréimhse 2015-2018 mar pháirt den mhisean daonnúil Oibríocht Pontus agus ina dhiaidh sin mar pháirt d'Oibríocht Sophia. Tá sé seo ina gné thábhachtach d'fhreagra na hÉireann ar ghéarchéim na n-imirceach sa Mheánmhuir. Tugadh tarrtháil 18,228 duine sa Mheánmhuir ar shoithigh de chuid na Seirbhíse Cabhlaí Éireannaí san iomlán. Ar an drochuair, thángthas ar 75 corp i rith na tréimhse sin.

Glacadh le cinneadh sa Chomhairle Eorpach an 29 Márta 2019 chun síneadh a chur le mandáid Oibríocht Sophia ar feadh 6 mí agus socmhainní cabhlaigh acu ar fionraí go sealadach sa mhéid is gur féidir leis na Ballstáit leanúint ar aghaidh le teacht ar réiteach maidir le díbhordáil.

*5.19.4 Misean Míleata an Aontais Eorpaigh chun cur le hOiliúint Fhórsaí Armtha Mhailí – EUTM Mali*

Imscaradh foireann de chuid an Bhuanfhórsa Cosanta mar pháirt den EUTM sa Mhailí ó Mhárta 2013. Méadaíodh ar an méid pearsanra ón mBuanfhórsa Cosanta atá ar seirbhís sa mhisean ó 18 go 20 duine i Meitheamh 2017. Tá an pearsanra Éireannach lonnaithe i gceannceathrú an mhisin in Bamako agus i Lárionad Traenála Koulikoro. Is é cuspóir an mhisin seo ná feabhas a chur ar chumas Fhórsaí Armtha Mhailí an tslándáil a chothabháil sa Mhailí agus údarás Rialtais Mhailí a athbhunú mar aon hiomláine chríochach Stáit Mhailí a dheimhniú. In aice láimhe le traenáil chaighdeánach don chathlán coisithe, táthar ag cur traenáil ar fáil mar gheall ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, cosaint shibhialta agus cearta daonna.

I dteannta an mhisin AE agus i nidiadh fhaomhaidh ón Dáil agus ón Rialtas araon, imscradh pearsanra Sciathán Fiannóglaigh an Airm (mar chuid d'Fhórsa Oibríochta Speisialta níos mó atá faoi stiúir na Gearmáine) don Mhisean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún

Aontaithe i Mailí (MINUSMA) i Meán Fómhair 2019. Cuireann an misean seo cúnamh ar fáil do Rialtas Mhailí.

*5.19.5 Réigiúin na Misean Eile Thar Lear*

Chomh maith leis na ceithre misin thar lear a ndéantar cur síos orthu thuas, tá pearsanra Óglaigh na hÉireann ar seirbhís in ocht réigiún misin eile. Seo iad na réigiúin sin:

- Eagras na Náisiún Aontaithe um Maoirseacht ar Shos Cogaidh (UNTSO)
- Misean Cobhsaíochta Eagraíocht na Náisiún Aontaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (MONUSCO)
- Fórsa Chosóiv (KFOR)
- Misean na Náisiún Aontaithe don Reifreann sa Sahára Thiar (MINURSO)
- An tAontas Eorpach sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (AE BiH)
- Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ENASCE)
- Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac (UNNY)
- Foireann Mhíleata AE (EUMS)

Ar an meán, bíonn pearsanra 660 duine imlonnaithe ar fud na 12 réigiúin misin sin ag am áirithe.

## 5.20 Comóradh

Bhí páirt shuntasach le glacadh ag An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann i gcomóradh an chéid 1916 a reáchtáladh i 2016 ar éirigh go mór leo. Anuas air sin, bhronn Óglaigh na hÉireann Bratach na hÉireann agus cóip d'Fhorógra na Cásca ar 3,200 bunscoil sa Stát mar chuid d'fhiontar suntasach a tharla idir Mheán Fómhair 2015 agus Mhárta 2016.

# 6. Uasdátú 2019 ar an bPáipéar Bán - Conclúidí

## 6.1 Réamhrá

Baineann na conclúidí ón Uasdátú ar an bPáipéar Bán leis na saincheisteanna substainteacha a bhreithnítear sa Nuashonrú, ar an gcéad dul síos, agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh maidir leis an bpróiseas de thabhairt faoin Nuashonrú ar an dara dul síos.

Ar an iomlán, tá an Chosaint ríthábhachtach don Stát fós, agus is í dúshraith na cobhsaíochta agus an ratha ar feadh réimsí polaitíochta, sóisialta, geilleagracha agus timpeallachta agus í mar ghné ríthabhachtach de bheartas slándála foriomlán.

## 6.2 Uasdátú – príomhchonclúidí

***6.2.1 Timpeallacht Slándála***

Tá soiléiriú déanta ag an Uasdátú cé nach bhfuil an bunleibhéal comhiomlánaithe bagartha roimh an Stát athraithe ar bhealach a thabharfadh údar cuí don leibhéal sonraithe bagartha foriomlán a mhéadú, tá forbairt agus athrú tagtha ar an staid ó bhí 2015 ann. Tharla bagairtí ar an tslándáil, lena n-áirítear ionsaithe inar cailleadh beathaí, inár ngarchomharsanacht agus is tréith di fós iad bagairtí ar an saol sibhialta. Anuas air sin, is mó an tionchar a bhíonn ag imeachtaí ar fud an domhain ar ár bhfolláine pholaitiúil, shóisialta, gheilleagrach agus thimpeallachta ar bhealaí agus i bpatrúin a bhíonn níos casta agus níos casta fós. Meastar go bhfuil méadú tagtha ar na bagairtí sa chibir-réimse agus ón spiaireacht ó bhí 2015 ann. Tá timpeallacht polaitíochta níos leithne an domhain níos casta agus níos éiginnte. Beidh láithreacht agus gníomhaíochtaí grúpaí in Éirinn a bhfuil rúin sceimhlitheoireachta iarbhír nó uaillmhianacha acu ina n-ábhair imní slándála fós don Rialtas agus do na ranna agus na gníomhaireachtaí ábhartha.

Déantar cur síos ar impleachtaí gach ábhair a mheastar san Uasdátú seo níos déanaí sa Chaibidil seo. Ag an bpointe seo, is leor a rá go n-athdhearbhaíonn an tUasdátú na cineálacha cur chuige sa Pháipéar Bán, lena n-áirítear róil Óglaigh na hÉireann, agus forbairt leanúnach na gcumas cosanta chun réimse riachtanas reatha agus teagmhasacha a chomhlíonadh. Anuas air sin, neartaíonn sé cur chuige gníomhach na hÉireann maidir le rannpháirtíocht

idirnáisiúnta mar riachtanas doshéanta sa timpeallacht slándála mar atá agus is dóigh a bheidh amach anseo. Trí thabhairt faoi mheasúnacht timpeallachta slándála nuashonraithe, mar chleachtadh praiticiúil agus ó thaobh na torthaí de, athdhearbhaítear an gá le cur chuige níos forbartha maidir le bainistíocht shlándáil náisiúnta na hÉireann. Tá na céimeanna a ghlactar chun NSAC a bhunú an-ábhartha sa chomhthéacs sin.

*<u>6.2.2 Bainistíocht Slándála Náisiúnta</u>*

Tá cinneadh déanta ag an Rialtas NSAC a bhunú, faoi choimirce Roinn an Taoisigh, agus tá Stiúrthóir ceaptha. Is tosaíocht é don Stiúrthóir nua NSAC a chur agus a choinneáil ar bun chomh tapa agus is féidir agus é a bhunú mar fhorbairt thábhachtach ar an gcaoi a bhainistítear an tslándáil náisiúnta. Tugadh faoi deara sa Pháipéar Ban an gá le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na socruithe sin. Athdhearbhaíonn an tUasdátú an gá sin agus an ról a bheidh ag an Straitéis Slándála Náisiúnta forbartha sa chomhthéacs sin.

Neartaíonn an tUasdátú, chomh maith leis an tiomantas don NSAC nua, an rannchuidiú a ghabhann le tarraingt ó réimse leathan foinsí faisnéise, agus na torthaí a roinnt, le bonn a chur faoi anailís ardchaighdeáin. Neartaíonn an tUasdátú freisin róil scoite ach comhlántacha na Ranna agus na Gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil freagrachtaí orthu as réimsí slándála náisiúnta. Baineann roinnt de na róil sin le beartas go príomha, agus i gcásanna eile, is róil oibríochtúla iad. D'ainneoin sin, is é an éifeacht fhoriomlán ná cur chuige comhthacúil a éileamh arna stiúradh ag tacar náisiúnta ceanglas atá níos tábhachtaí ná dearcadh aon earnála amháin. Tá rannchuidiú na rannpháirtíochta idirnáisiúnta le hanailís, le hullmhacht agus le freagairt ar bhagairtí ar an tslándáil dearbhaithe ag an Uasdátú freisin. Cuimsítear leis an rannpháirtíocht idirnáisiúnta ár seasamh tríd an rannpháirtíocht i gcomhlachtaí idirnáisiúnta, ár mbainteacht leo siúd agus a bheith ag baint leas as na smaointe is déanaí, maidir le straitéisí a cheapadh, chomh maith le deiseanna cruthaithe cumais.

Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an tUasdátú gné a tugadh faoi deara sa Pháipéar Bán, is é sin an gá le tuilleadh díospóireachta ar shaincheisteanna slándála san fhearann poiblí, agus leibhéil iomchuí rúndachta a choimeád ag an am céanna, go háirithe sa réimse oibríochtúil. Ar aon dul le gach gné den bheartas poiblí, cuirfidh cur chuige níos eolasaí, maidir le

saincheisteanna slándála agus cosanta náisiúnta, le cinnteoireacht níos fearr ar threoir beartais agus leithdháileadh acmhainní.

Leagann an tUasdátú seo béim ar an tábhacht a bhaineann le Straitéis Slándála Náisiúnta freisin. Ba cheart don Straitéis, atá le forbairt faoi choimirce NSAC, idirspleáchais a aithint agus a fhorbairt agus eolas a dhéanamh do dhíospóireacht san fhearann poiblí ar shaincheisteanna slándála agus cuir leis an díospóireacht sin. Sa chomhthéacs sin, maidir leis an gcosaint agus leis an tslándáil níos leithe, athdhearbhaíonn an tUasdátú freisin an gá le bainteacht idir pleanáil, straitéis, seachadadh cumais (reatha agus teagmhasach) agus oibríochtaí.

*6.2.3 Timpeallacht Idirnáisiúnta*

D'fhéadfadh a mheas gurb é an t-idirspleáchas an téama is mó a bhfuil tionchar aige ar sheasamh na hÉireann maidir le saincheisteanna slándála agus cosanta san Eorap agus ar fud an Domhain. Tá sé tugtha faoi deara go coiteann nach bhfuil cur chuige beartais cosanta neodrachta míleata na hÉireann leithliseach. Ní féidir leis a bheith ina mhaolán cosanta ar imeachtaí domhanda ná ar fhorbairtí sa timpeallacht slándála a mbíonn tionchar acu ar an tír seo. Leagann an tUasdátú ar an bPáipéar Bán béim ar thábhacht rannpháirtíocht na hÉireann sa réimse idirnáisiúnta sin mar is é rannpháirtíocht den chineál sin an príomhbhealach inar féidir linn tionchar a imirt ar imeachtaí nó ar bheartais a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu anseo arna nglacadh ag Stáit eile, astu féin nó in éineacht lena chéile.

Tá rianú déanta ag an Uasdátú ar an bPáipéar Bán ar fhorbairtí slándála idirnáisiúnta, cuid acu a raibh tionchar ag Éirinn orthu. Ag leasanna na hÉireann i réimsí polaitíochta, sóisialta, geilleagracha agus timpeallachta, tá gné slándála reatha nó ionchasach a bhféadfadh gné cosanta a bheith mar chuid de. Bailíochtaíonn an tUasdátú ar an bPáipéar Bán an cur chuige gníomhach a ghlactar i réimse na cosanta míleata sibhialta i gcomhar le ceannasaithe Roinne eile, agus a ghlactar lena gcuid tacaíochta go minic.

Tá cruthú beartais cosanta á stiúradh ag a áit athraitheach sa timpeallacht leathan slándála sin. Maidir leis sin, tá ár rannpháirtíocht an-ghníomhach sna NA, san AE, i gComhpháirtíocht na Síochána (PfP) ECAT agus san ESCE ina ngnéithe lárnacha fós dár mbeartas slándála.

Cabhraíonn rannpháirtíocht dhearfach na hÉireann le socruithe iltaobhacha cosanta agus slándála, arna treisiú ag rannchuidiú na hÉireann maidir le hoibríochtaí bainistíochta géarchéime idirnáisiúnta, le beartas agus torthaí slándála a mhúnlú agus an aidhm atá ann ná ár luachanna agus ár leasanna a chur chun cinn agus cur leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta agus le forbairt dhomhanda shóisialta agus geilleagrach, agus béim ar leith ar stáit i mbéal forbartha.

Maidir le cumais chosanta a fhobairt, athdhearbhaíonn an tUasdátú ar an bPáipéar Bán tábhacht na rannpháirtíochta i réimse cosanta agus míleata an domhain chun cur le agus leas a bhaint as idirghníomhaíocht lenár gcomhpháirtithe sna NA, san AE, in PfP ECAT, agus réimse eile de theagmhálaithe Stáit déthaobhacha.

Is léiriú an-fhollasach ar bheartas eachtrach agus slándála na hÉireann iad oibríochtaí tacaíochta síochána thar lear. Baintear iad sin amach le cur chuige láidir atá á threorú ag beartas, chomh maith le cumais ábhartha mhíleata a chinneadh, a fhorbairt agus a choimeád. Tugtar aird ar rannchuidiú pleanála agus cur i ngníomh forbartha cumais níos déanaí sa Chaibidil seo. Bíodh sin mar atá, is gá suntas a thabhairt don tábhacht a bhaineann leis sin as féin sa réimse idirnáisiúnta. Anuas air sin, leis an gcastacht atá ag dul i méid i bhformhór na n-áiteanna ina mbíonn gá le himscaraidh thacaíochta shíochána thar lear, nó is dóigh go mbeidh gá leo, tugtar faoi deara san Uasdátú seo riachtanas breise le pleanáil agus cur i ngníomh láidir cumais. Cuimsítear leis an gcastacht a ndéantar tagairt di réimse tosca a mbíonn tionchar acu a fhágann go mbítear ag súil le hoibríochtaí míleata níos déine, i gcásanna áirithe, chun an timpeallacht sábháilte slán a chruthú don rannpháirtíocht pholaitiúil atá riachtanach chun na torthaí síochána a theastaíonn a bhaint amach.

Agus forbairt na ngnéithe beartais slándála a thaifeadadh, go háirithe san AE le PESCO agus tionscnaimh eile CBSC, gabhann an tUasdátú an cúram atá ag dul i méid a rialaíonn saincheisteanna maidir le leibhéal an chumais mhíleata agus an leibhéal treorach uaillmhéine a bhaineann leis, ar an leibhéal beartais. Cruthaíonn trédhearcacht atá ag dul i méid agus gnéithe praiticiúla de chomhar slándála riachtanas go dtacófaí cumais phraiticiúla cosanta a d'fhéadfaí a bhreathnú go neamhspleách chun freastal ar riachtanais reatha slándála le huaillmhian nó le sprioc beartais.

Ghabh cur chuig chuimsitheach Pháipéar Bán 2015 an réimse tionscadail a chuirfidh le cumais níos láidre ar feadh sraith de réimsí sonraithe. Bailíochtaíonn an tUasdátú an gá leis an obair sin agus, anuas air sin, tugann sé aird ar na bealaí optamacha le cinntiú go mbeidh cumais mhíleata in-imscartha agus éifeachtacha ar fáil amach anseo sna cúinsí inar dócha go mbeidh gá leo sa timpeallacht athraitheach idirnáisiúnta seo chun tosaíochtaí an Rialtais a bhaint amach. Treisíonn an tUasdátú rannpháirtíocht na hÉireann le PfP ESCE, leis an bPróiseas Pleanála agus Athbhreithnithe mar ghné ríthábhachtach chun na rudaí is gá a dhéanamh a shonrú tuilleadh. Ina theannta sin, agus muid inár dtír chomhpháirtíocht, tá rochtain againn ar, agus tá úsáid bainte againn as, an measúnú ar chumais mar chuid den phróiseas Coincheapa Cumas Oibríochtúil (CCO).

Rinneadh an tUasdátú agus Brexit fós ag forbairt. Tá sé deacair fós na himpleachtaí beachta slándála a bheidh ag Brexit a thuar, bíodh is go bhféadfaí drochthionchar a bheith ar an timpeallacht iomlán a bhfuil slándáil ann. Ní soiléir ag an bpointe go dteastaíonn freagairt cosanta ó aon impleacht ar leith, seachas an fhreagairt atá sonraithe sa Pháipéar Bán, trí chur chuige gníomhach á threorú ag beartas in éineacht leis an bhfeabhsú atá ar siúl faoi láthair ar réimse cumas chun róil Óglaigh na hÉireann arna gcinneadh ag an Rialtas a fheidhmiú ar an mbealach is fearr. Sa chomhthéacs sin, tá an-tábhacht ag baint le róil Óglaigh na hÉireann fós i réimse na slándála baile. Is í an phleanáil stuama an príomhchúram ábhartha riachtanach fós i gcomhthéacs sheasamh sonraithe na Ríochta Aontaithe, an Comhaontaithe um Tharraingt Siar agus fhreagracht na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar an gcéad dul síos, in éineacht leis an Garda Síochána, as saincheisteanna slándála inmheánaí agus fhreagracht Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim as saincheisteanna custam.

*6.2.4 Acmhainní Daonna*

Tá caibidil sa Pháipéar Bán ar chur chuige maidir le hacmhainní daonna in Óglaigh na hÉireann a chur i bhfeidhm, ag cur tábhacht iomlán an ghné cumais sin san áireamh. Leagtar béim den chineál céanna ar an mbainistíocht acmhainní daonna i mbrainsí sibhialta na Roinne Cosanta agus na Cosanta Sibhialta. Tá an-aird tugtha fós ar shaincheisteanna acmhainní daonna in Óglaigh na hÉireann le déanaí. Ní haon ionadh é mar ní féidir le hÓglaigh na hÉireann na rudaí a éilíonn an Rialtas a dhéanamh seachas má tá siad in ann an pearsanra riachtanach ag a bhfuil na scileanna cuí a earcú agus a choimeád. Ní bhaineann na dúshláin atá rompu le harm na

hÉireann amháin agus tá siad le feiceáil ar fud an domhain freisin. Is riachtanas doshéanta é go rachfaí i ngleic leis na riachtanais acmhainní daonna sin agus is riachtanas é a bhfuil aird shuntasach tugtha ag an Aire agus lucht bainistíochta sibhialta agus míleata air agus a bhfuil ionchur réimse páirtithe seachtracha, lena n-áirítear an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faighte ina leith. Is soiléir go mbeidh aird gan staonadh ag teastáil ó gach gné de bhainistíocht acmhainní daonna amach anseo. Tá Plean Ard-Leibhéal forbartha chun Tuarascáil an Choimisiúin um Pá na Seirbhíse Poiblí ar shaincheisteanna earcaíochta agus coinneála sa Bhuanfhórsa Cosanta a chur i bhfeidhm agus sin a bheidh mar phríomhfhócas an Pháipéir Bháin i dtaca leis sin.

### *6.2.5 Infheistíocht Chosanta*

Mhéadaigh an clár caipitiúil ilbhliantúil, ar a dtugtar *Tionscadal Éireann 2040*, leibhéal foriomlán na hinfheistíochta sa Chosaint. Ní nach ionadh gur cuireadh ciorruithe suntasacha i bhfeidhm ar infheistíocht sa Chosaint le linn na géarchéime geilleagraí, mar a cuireadh i bhfeidhm i réimsí eile. É sin ráite, cuireann tionchar na tréimhse infheistíochta laghdaithe sin a bhfuil gaol aici leis na leibhéil sách íseal infheistíochta foriomláine srian docht ar chumas a fhorbairt chomh tapa agus a bheadh inmhianaithe. Tá na leibhéil fhoriomlán chaiteachais íseal fós i gcomparáid le tagarmharcanna inchomparáide idirnáisiúnta, fiú leis na méaduithe a bhí mar chuid de *Thionscadal Éireann 2040* san áireamh. Anuas air sin, agus iad arna meas de réir saolré nádúrtha trealaimh, tá roinnt trealaimh i réimsí na cumarsáide sláine, an iompair, na n-aerárthaí agus na long tar éis deireadh a ré a bhaint amach nó tá siad ar tí é a bhaint amach. Cé go gcuireann infheistíocht nua roinnt rudaí leis an gcumas, baineann an-chuid den infheistíocht atá beartaithe le cumas a choinneáil.

Leanann na n-éilimh ar chumas, sa bhaile ach thar lear go háirithe, d'éirí níos sofaisticiúla agus níos éasgúla. Leis na leibhéil maoinithe atá ann faoi láthair, ní athsholáthraítear mórardáin trealaimh ach ar bhonn an-seicheamhach, nó thar tréimhsí fadaithe fála. Tugtar próiseas nuashonraithe chun infheistíocht i dtrealamh a aithint agus túsáite a thabhairt di go meántéarmach sa Phlean nua Forbartha Trealaimh atáthar á thabhairt chun críche faoi láthair. Ní féidir dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt de na riachtanais trealaimh a aithnítear go ceann tamaill, áfach, mar gheall ar na leithdháiltí reatha. Tá roinnt eile, a aithnítear sa Pháipéar Bán mar chinn atá oiriúnach d'infheistíocht, dá gcuirfí infheistíocht bhreise ar fáil, taobh amuigh

go fóill de na nithe is féidir tosaíocht a thabhairt dóibh sna buiséid atá ann faoi láthair. Rud eile a bheidh le cur san áireamh maidir leis an infheistíocht amach anseo ná an gá le cuspóirí athraithe aeráide a chur san áireamh. Eascraíonn an gealltanas sa Pháipéar Báin go rachfar ar aghaidh le Soithí nua Cabhlaigh Ilróil, i bpáirt, as na héifeachtaí, lena n-áirítear dálaí farraige níos deacra, a bhreathnaítear i réimse na mara mar gheall ar an athrú aeráide.

Réimse ina raibh srian ar leith ar infheistíocht ná bonneagar fisiciúil. Chomh maith le tailte agus raonta oiliúna, clúdaítear leis go príomha áiseanna míleata i mbeairicí, lena n-áirítear cóiríocht, tacaíocht, oiliúnt agus gach gné eile d'oibríochtaí cosanta a reáchtáil agus a choinneáil ar an talamh, san aer agus ar mhuir. Cé gur cuireadh tionscadail nuachóirithe an-tábhachtach i gcrích le roinnt blianta anuas, tá acmhainneacht leanúnach ann maidir le hinfheistíocht bhreise in áiseanna míleata den chineál sin. Chun tionscadail a chur chun cinn ar bhealach éifeachtach agus indéanta, seolfar clár infheistíochta cúig bliana, a bhainfidh úsáid as an infheistíocht dá foráiltear i d*Tionscadal Éireann 2040*, in Eanáir 2020. Cuirfidh sin na modhanna ar fáil chun na cistí a bheidh ar fáil a dhíriú áit a mbeidh an tionchar is mó acu, agus aithneofar ann an acmhainneacht maidir le hinfheistíocht bhreise ag an am céanna.

Mar achoimre, ag féachaint don mhéid a d'aithin an Rialtas cheana i bPáipéar Bán 2015, ní haon ionadh é go n-aithneodh an tUasdátú reatha acmhainneacht leanúnach maidir le hinfheistíocht bhreise chaipitiúil i dtrealamh agus bonneagar. Leanann an Eagraíocht Cosanta de gach straitéis a fhiosrú chun na leibhéil foriomlána infheistíochta a mhéadú agus an luach is fearr, agus an t-uasmhéid cumais agus is féidir, a bhaint amach ina cur chuige maidir leis an soláthar.

Beidh tionchar ag forbairtí i ndáil le socruithe maoinithe an AE maidir le gníomhaíocht a bhaineann leis an gcosaint faoin gcéad Chreat Ilbhliantúil eile ar na cineálacha cur chuige infheistíochta amach anseo. Cé nár tháinig cruth mionsonraithe orthu siúd le linn thréimhse an Uasdátaithe seo, tá an seasamh ag forbairt go tapa, lena n-áirítear maidir leis an acmhainneacht d'fhiontair de chuid na hÉireann freagra a thabairt ar dheiseanna gnó a thacódh le cumais Óglaigh na hÉireann, agus leas a bhaint as maoiniú den chineál sin ar bhealach níos ginearálta freisin.

*<u>6.2.6 Cumas agus Pleanáil Cumais</u>*

Ceann de na tátail is tréine a thagann chun tosaigh ón athbhreithniú ar thionscadail an Pháipéir Bháin ar an iomlán ná an gá le cur chuige níos tréine agus níos comhtháthaithe a fhorbairt maidir le pleanáil agus seachadadh cumais. Is í an fhírinne í go ndíreoidh tionscadail aonair ar na gnéithe sin de chumas lena mbaineann siad go príomha, ar an gcéad dul síos. D'ainneoin sin, áfach, ní féidir le haon réimse aonair cumais amháin feidhmiú as féin má táthar chun éirí leis an gcumas a sheachadadh ag leibhéal na heagraíochta Cosanta. Ar an gcaoi sin, mar shampla, d'fheadfadh go mbeadh beart breise bonneagair ag teastáil ó bhearta chun acmhainní daona a fhorbairt le tionscnaimh nua oiliúna. Níl aon mhaitheas i dtrealamh nua agus níos fearr gan pearsanra ábhartha a bhfuil an oiliúint faighte acu chun é a úsáid a bheith ar fáil agus rochtan acu ar an mbonneagar iomchuí chun an trealamh a oibriú, a stóráil agus a chothabháil. Is é anailís chuimsitheach a dhéanamh agus riachtanais cumais thrasnaí a chinneadh an modh is fearr chun beartú tosaíochta iarrachta optamach a bhaint amach.

Tá tionscadal sonrach Páipéir Bháin a dhíríonn ar fhorbairt chumais, lena n-áirítear próiseas a fhorbairt chun í a leabú i bhfeidhm bainistíochta straitéisí na hEagraíochta Cosanta. Treisíonn an tUasdátú seo go mór an gá leis an tionscadal agus an gá le dlús a chur leis. Thabharfadh rannchuidiú gach tionscadail le roinnt gnéithe cumais, in éineacht leis na hidirspleáchais a bhaineann leo, le fios gur cheart tosaíochta níos fearr a thabhairt don Fheidhm Forbartha Cumais sa tréimhse atá díreach romhainn, ag cur an obair atá ar bun cheana féin san áireamh.

Ní bheadh sé indéanta faoi raon feidhme an Uasdátaithe athbhreithniú ó cheann go ceann a dhéanamh ar gach cumas chun cumais atá ann cheana féin a dhearbhú ná a chur in ord nua. Cheadaigh an cur chuige a úsáideadh san athbhreithniú ar Thionscadail Pháipéir Bháin méid áirithe anailíse saincheaptha ar dhul chun cinn agus in éineacht leis an measúnú nuashonraithe ar an timpeallacht slándála, agus athbhreithniú ar athruithe go ginearálta i dtimpeallacht na Cosanta ó bhí 2015 ann, cheadaigh sé ardleibhéal breithmheasa ar réimsí cumais a mbeadh gá ann le haird ar leith a dhíriú orthu. Ar na réimsí siúd a mbeadh gá ann le haird ar leith a dhíriú orthu, tá an tábhacht a bhaineann le cumais fórsaí speisialta a fhorbairt tuilleadh, ISTAR a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar easnaimh maidir le cumais radair ar feadh gach réimse, cibearchumas a fhorbairt don lá atá inniu ann agus don am amach romhainn, chomh maith le riachtanais trealaimh atá ag teacht chun cinn a bhaineann le leibhéil

fheabhsaithe cosanta fórsa a sholáthar lena n-úsáid ar mhisin thar lear amach anseo. Ní mór don phleanáil cumais cur chuige cothrom a choimeád ar feadh róil Óglaigh na hÉireann, ag cur san áireamh riachtanais an réimse slándála idirnáisiúnta agus baile.

Is easnamh cumais neamh-inmhianaithe é féin é láidreacht pearsanra Óglaigh na hÉireann a bheith faoi bhun leibhéil inmhianaithe na bunaíochta. Ar an mbealach céanna, is easnamh cumais is fiú a thabhairt faoi deara as féin é an t-easpa teagmhasachta i gcás easpa pearsanra, teagmhasacht a bheadh ag bunaíocht iomlán. Féadfar an t-easnamh sin a bheith an-soiléir i gcás sainréimsí go háirithe, réimsí atá níos lú ó thaobh an scála de mar gheall go bhfuil speisialtóireacht ag baint leo agus atá níos leochailí ar bhearnaí maidir le láidreacht agus/nó taithí.

*__6.2.7 Eagraíocht Óglaigh na hÉireann__*

I nádúr Uasdátaithe ar Pháipéar Bán, ní raibh sé ar intinn tabhairt faoi athbhreithniú eagraíochta. Tá tionchar díreach ag réimse tionscadail aonair Pháipéir Bháin ar an eagraíocht nó tá impleachtaí acu don eagraíocht. Baineann cuid acu leis an gcaoi a bhfuil an eagraíocht struchtúrtha agus a dhéantar í a bhainistiú agus baineann cuid acu leis an hacmhainní a leithdháiltear ar róil agus ar fheidhmeanna ar leith. Fágann teaglaim d'fhachtóirí go bhfuil bearnaí idir an bhunaíocht dá bhforáiltear sa Pháipéar Bán agus láidreacht iarbhír Óglaigh na hÉireann. Ar an iomlán, coimeádadh oibríochtaí ar bun. I dtaca leis sin, glacadh bearta riachtanacha maolaithe, gan an tslándáil a chur i mbaol. Mar sin féin, tá teagmhasacht laghdaithe ann ar ndóigh agus feidhmítear oibríochtaí a dtugtar fúthu ar bhonn "de réir mar a bheidh ar fáil" ag leibhéal níos ísle ná mar a d'fhéadfadh dá mbeadh an láidreacht iomlán ar fáil. Ta brúnna ar leith ag teacht chun cinn maidir le raon feidhme oibríochtaí Aeir agus Cabhlaigh agus infhaighteacht oibríochtúil roinnt aerárthaí agus líon iomlán na long.

É sin ráite, leanadh d'oibríochtaí thar lear ag ardluas, luas níos airde ná roimhe seo fiú, le himscaraidh mhéadaithe go dtí an Liobáin agus leanadh le himscaradh cabhlaigh go réigiún na Meánmhara ó 2015. Ina theannta sin, comhlíonadh riachtanais shuntasacha phráinneacha nó chriticiúla i réimsí na slándála nó na cabhrach ar an gcumhacht shibhialta ag caighdeán an-ard.

Tá an beartas AD dírithe go príomha ar a chinntiú go mbeidh an pearsanra ag Óglaigh na hÉireann amach anseo sna róil a theastaíonn ag an leibhéal ceart láidreachta foriomlán. Ní hé seo mar atá faoi láthair agus tá easnaimh dheacra ann i bpríomhréimsí áirithe, lena n-airítear píolótaí, rialú aerthráchta, innealtóireacht, léarscáilíocht agus cumarsáide, chomh maith le róil ghinearálta agus sainróil cabhlaigh. Anuas air sin, aithnítear san Uasdátú seo an fhéidearthacht go mbeidh gá le breisíocht i réimsí ar leith, lena n-áirítear fórsaí speisialta, cibear, bainistíocht sábháilteachta, ceanncheathrú (lena n-áirítear forbairt cumais agus comhoibríochtaí) agus sainréimsí eile. Leis an mbearna idir an bhunaíocht atá ann faoi láthair agus an láidreacht mar atá, áfach, ní mór an bhéim láithreach a bheith ar na bearnaí sin atá ann faoi láthair a líonadh chun an láidreacht a luaitear sa Pháipéar Bán a bhaint amach, is é sin 9,500 pearsanra ar a laghad. Agus an staid sin á cur san áireamh, tabharfaidh an tAire Cosanta túsáite do shainghnéithe i gcás go dtiocfadh cás láidir chun cinn agus gníomhóidh sé freisin chun an líon iomlán pearsanra a mhéadú chun láidreacht chomhaontaithe na bunaíochta a bhaint amach.

*<u>6.2.8 Athbhreithniú ar thionscadail shonracha Pháipéir Bháin</u>*

Míníodh an tábhacht a bhaineann le dul chun cinn tosaíochta na Feidhme Forbartha Cumais níos luaithe ach chuir an t-athbhreithniú ar thionscadail Pháipéir Bháin béim shonrach ar roinnt príomh-théamaí eile le breithniú sa chleachtadh foriomlán beartaithe tosaíochta tionscadal a eascraíonn as cur i gcrích an Uasdátaithe.

Aithnítear an tionscadal chun anailís ar bhearnaí a dhéanamh ar thacair sainscileanna sa Bhuanfhórsa Cosanta chun minicíocht na mbearnaí agus bearta cuí chun dul i gleic leo a aithint go háirithe mar ghné thábhachtach maidir le tús a chur le tionscadail áirithe eile, lena n-áirítear roinnt tionscadal a bhaineann leis na hÓglaigh Cúltaca, le Cúltaca na Chéad Líne agus leis an Sainchúltaca atá molta. Tá an tionscadal anailís ar bhearnaí, áfach, ina thionscadal atá curtha san áireamh ag an Aire atá freagrach as an gCosaint ar a liosta beartaithe tosaíochta thionscadail Thráinse 2 atá comharthaithe lena dtosú. Tá pleanáil an tionscadail, chomh maith leis an obair chun modheolaíocht a aontú chun bearnaí a aithint, ar bun anois.

Cé gur sháraigh gealltanais chistithe chaipitúil ina dhiaidh sin, gealltanais a chlúdaíonn an tréimhse go 2022 anois, neasacht an riachtanais le tús a chur le staidéar sonrach ar chistiú na

cosanta, mar a aithníodh sa Pháipéar Báin in 2015, beidh leas le baint as dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal sin d'fhonn é a bheith críochnaithe sula gcuirfear i gcrích an tAthbhreithniú Cosanta Straitéisí atá le teacht aníos.

Is suntasach an ní é freisin gur thug an tArd-Rúnaí agus an Ceann Foirne, atá ina gcomhurraitheoirí ar an athbhreithniú ar cheannas agus rialú ardleibhéil, le fios go bhfuil an tionscadal sin ríthábhachtach.

*6.2.9 Bainistiú na Cosanta*

Pléitear go han-chuimsitheach i gCaibidil 10 den Pháipéar Bán bainistiú na cosanta agus tá réimse tionscnamh ar siúl sa réimse tábhachtach sin. Mar a thugtar achoimre air níos luaithe, léiríonn an dul chun cinn ar an bPáipéar Bán a chur i bhfeidhm, agus tús curtha le 42 mórthionscadal go dtí seo (15 acu atá curtha i gcríoch), rannchuidiú pearsanra shibhialta agus mhíleata ag obair go héifeachtach lena chéile i gcomhfhoirne chun spriocanna coitianta a bhaint amach. Taobh amuigh de thorthaí aonair a bhaint amach, tá leas suntasach le baint ag an eagraíocht níos forleithne as cáilíocht chlaochlaitheach an chur chuige bunaithe ar an mbainistíocht tionscadail. Leanfaidh forbairt agus fás inmheánaigh an chur chuig maidir leis an mbainistíocht tionscadal, in éineacht le ceannaireacht na Roinne (sibhialta agus míleata) ar Ghníomh 10 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 (*An bhainistíocht cláir agus tionscadail a leabú sa tSeirbhís Phoiblí*), de rannchuidiú an chur chuige sin le torthaí tairbheacha poiblí a threisiú.

Is é an tAire atá freagrach as an gCosaint a stiúraíonn bainistiú straitéiseach na Cosanta fós agus chuir na socruithe feabhsaithe, maidir le cruinnithe ardleibhéil, le forbairt dhearfach an bheartais cosanta agus cumais chun tacú le tosaíochtaí an Rialtais. Chuir siad na modhanna ar fáil freisin chun an bhéim cheart a leagan ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, cé nach gá go mbeadh na dúshláin sin fabhrach do réitigh éasca agus tapa, go háirithe i réimse na nacmhainní daonna. Dearbhaíonn an tUasdátú an gá le dlús leanúnach iarrachta ag lucht ardbhainistíochta sibhialta agus míleata ag obair i gcomhar a chéile ar chomhchlár oibre comhaontaithe. Treisíonn forbairt cur chuige beartaithe tosaíochta maidir le saincheisteanna (de réir chreat an Pháipéir Bháin, an Ráitis Straitéise a chlúdaíonn an Eagraíocht Cosanta agus pleananna ábhartha gnó agus bliantúla) cur chuig na comhfhíse agus sraith chumasaithe ghníomhartha.

Dearbhaíonn an tUasdátú freisin an buntáiste, ó thaobh beartas poiblí de, a bhaineann leis an bPáipéar Bán maidir le gach gné den chosaint a thuiscint. I gcomparáid le hearnálacha eile, nach bhfuil creat beartais uile-chuimsitheach acu, déanann an Páipéar Bán, arna fhorbairt tuilleadh ag an tiomantas do phróiseas athbhreithnithe tráthrialta, foráil maidir leis an gCosaint a bhainistiú le comhchreat straitéiseach iomlánaíoch le sraith comhtháite tionscadal, tosaíochtaí agus amlínte.

## 6.3 Tátail maidir le Próiseas an Uasdátaithe

Dearbhaítear leis an bpróiseas de thabhairt faoin Uasdátú seo an luach a bhaineann le staid na Cosanta sa tréimhse ó foilsíodh an Páipéar Bán ar an gCosaint in 2015 a mheas.

Agus measúnú á dhéanamh ar phróiseas an Uasdátaithe, thángthas ar na tátail seo a leanas:

- Is gné chriticiúil de gach gné eile den Uasdátú agus bunús ríthábhachtach leo é an deis chun nuashonrú struchtúrtha a dhéanamh ar an timpeallacht slándála, ag tarraingt ar ionchuir gach Roinne agus Gníomhaireachta ábhartha.
- Bainfidh gach Roinn agus Gníomhaireacht an-leas as a rannchuidiú leis an measúnacht nuashonraithe ar an timpeallacht slándála chun a gcríoch féin agus chun nádúr doroinnte na slándála agus a comhthéacs leathan, i bhfad níos leithne ná aonaracht an tsoláthair cosanta amháin, a chuimsíonn raon leathan réimsí beartais agus oibríochtúla a athdhearbhú.
- Tá deis curtha ar fáil ag an Uasdátú chun seasamh réamhbhreathnaitheacha choinneáil ag an leibhéal straitéiseach leis an bhféidearthacht tuilleadh nuálaíochta a chur chun cinn.
- Cé go raibh cur chuige diongbháilte treoraithe ag an mbainistíocht tionscadail mar chuid de phróiseas cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin, tá na modhanna agus an deis curtha ar fáil ag an Uasdátú dul níos faide ná sin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn foriomlán agus measúnú níos straitéisí a dhéanamh ar na naisc idir tionscadail éagsúla. Tá an cead tugtha aige freisin do na hUrraitheoirí agus na Ceannasaithe Tionscadail a mheas an bhfuil raon feidhme agus ábharthacht bunaidh tionscadal bailí fós.

- Anuas air sin, bhí buntáiste ag baint le cur chuige treoraithe ag an mbainistíocht tionscadail a ghlacadh maidir le ceannaireacht mhíleata shibhialta ar thionscadail a éascú agus a chur chun cinn. Aithnítear go mbeidh leas le baint as gné na hurraíochta sinsearaí a thabhairt isteach mar chuid de struchtúir bhainistíochta tionscadail i dtionscnaimh eile cosanta amach anseo.
- Faoi dhearcadh iomlán na dtionscadal sa Pháipéar Bán, bhí an próiseas Uasdátaithe an-úsáideach ó thaobh na sreafaí ábhartha oibre a bhainistiú, ní hamháin maidir le beartú tosaíochtaí tionscadal agus seicheamhú amach anseo, agus thug sé aitheantas freisin don obair atá ar siúl cheana féin ar feadh na hEagraíochta Cosanta atá ag tabhairt aghaidh ar ghealltanais a rinneadh sa Pháipéar Bán (taobh amuigh den phróiseas foirmeálta bainistíochta tionscadail).
- Tharraing an t-athbhreithniú ar Thionscadail Pháipéir Bháin, mar chuid den Uasdátú , aird ar ábharthacht páirtithe leasmhara tionscadail a aithint i gceart agus chuir sé béim ar rannchuidithe éagsúla na bpáirtithe leasmhara sin. Féadfar é sin a fhorbairt tuilleadh ag féachaint dá róil ar leith agus tráthúlacht optamacha agus módúlachtaí a n-ionchuir a chinneadh.
- Caitheadh níos mó ama leis an Uasdátú ná mar a bhíothas ag súil i dtosach. Is amhlaidh atá mar gheall gurb í an chéad uair a tugadh faoina leithéid agus mar gheall ar bhrúnna eile oibre. Cothabháladh móiminteam lena linn, áfach, cé gur thóg céimeanna aonair oibre níos mó ama ná mar a bhí beartaithe. Baintear de thátal as sin go mbeidh foireann thiomnaithe de dhíth chun tabhairt faoin Athbhreithniú Cosanta Straitéisí amach anseo.
- Ta raon feidhme ann cur chuige níos forbartha a fhorbairt maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin leis an Oireachtas chun an próiseas rannpháirtíochta parlaimintí a fheabhsú agus deiseanna leordhóthanacha a sholáthar d'ionchuir parlaiminteach don phróiseas.
- Léirigh an tUasdátú an riachtanas doshéanta maidir le próiseas na n-athbhreithnithe tráthrialta a bunaíodh leis an bPáipéar Bán agus, anuas air sin, cuireann sé béim ar an ngá le nádúr cuimsitheach beartaithe an chéad athbhreithnithe eile, a bheith ina Athbhreithniú Cosanta Straitéisí.

## 6.4 An tAm atá le Teacht

Cuireann próiseas curtha i gcrích an Uasdátaithe seo, chomh maith leis na saincheisteanna a aithnítear le haird a dhíriú orthu, bailíochtú cuimsitheach ar fáil ar chinneadh Pháipéar Bán 2015 próiseas d'athbhreithnithe tráthrialta a thabhairt isteach. Cuirfear cur i bhfeidhm cur chuige buan maidir leis sin chun cinn go tapa anois.

Cuirfear dlús leis an tionscadal Páipéir Bháin atá ann cheana féin chun an cur chuige fadtéarmach maidir le hathbhreithnithe tráthrialta a dhearadh ionas gur féidir leis an Athbhreithniú Cosanta Straitéisí teacht le chéile agus gur féidir tús a chur leis ar bhonn tráthúil.

# Aguisíní

## A. Tras-scríbhinn ó chruinniú Choiste an Oireachtais

**Díospóireacht an Chomhchoiste ar Ghnóthaí Eachtracha agus Thrádáil, agus Chosaint - Dé Máirt, an 5 Már 2019**

**Nuashonrú ar an bPáipéar Bán ar Chosaint: Plé**

**<u>Brendan Smith, Cathaoirleach</u>**

Sa dara cuid den chruinniú inniu, buailfidh muid leis an Aire Stáit, an Teachta Dála Paul Kehoe, chun plé a dhéanamh ar nuashonrú an Pháipéir Bháin ar athbhreithnithe téarma sheasta. Cuirtear fáilte mhór roimh an Aire Stáit. Freisin cuirim fáilte roimh a chuid oifigeach agus gabhaim buíochas leo as an seisiún eolais roimh an gcruinniú. Sula dtosóimid, iarrtar ar chomhaltaí, fhinnéithe agus ar dhaoine sa Ghailearaí Poiblí a dhéanamh cinnte fad is a bheidh an cruinniú ar siúl go bhfuil fóin phóca múchta go hiomlán nó aistrithe go mód eitleáin, sábháilte nó eitilte, ag brath ar an bhfearas atá acu. Ní leor fóin a chur i mód ciúin, mar go mbeidh siad fós ag cur isteach ar an gcóras craolta ar an mbealach sin.

Tarraingímid aird na bhfinnéithe ar an bhfíric de bhrí alt 17(2)(l) den Acht um Chlúmhilleadh 2009, go bhfuil cosaint acu le pribhléid iomlán i dtaobh a bhfianaise don choiste. Má threoraíonn an coiste dóibh, áfach, éirí as fianaise a thabhairt faoi ábhar ar leith agus má leanann siad orthu á tabhairt, ní bheidh siad i dteideal ach pribhléid shrianta ina dhiaidh sin i dtaobh a bhfianaise. Treoraítear dóibh gan ach fianaise a thabhairt a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí seo agus iarrtar orthu meas a léiriú ar an gcleachtas parlaiminte sa mhéid, áit is féidir, nár cheart dóibh aon duine, daoine ná eintiteas a cháineadh ná a chúiseamh trína n-ainmniú ná ar bhealach ar bith a d'fhágfadh go bhféadfaí iad a aithint.

Meabhraítear do chomhaltaí faoin gcleachtas parlaiminte fadseasmhach, sa mhéid nár cheart dóibh trácht a dhéanamh ar dhuine lasmuigh den Teach ná ar oifigeach, iad a cháineadh ná a chúiseamh trína (h)ainmniú ná ar bhealach ar bith a d'fhágfadh go bhféadfaí é nó í a aithint.

**<u>Aire Stáit sa Roinn Cosanta (An Teachta Dála Paul Kehoe)</u>**

Gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí an chomhchoiste. Cuirim an-fháilte roimh an deis seo plé a dhéanamh leis an gcoiste faoi dhá phróiseas ceangailte a bhfuil mo Roinn ag tabhairt fúthu faoi láthair agus lena ngabhann rannpháirtíocht shibhialta agus mhíleata, is iad sin ná an nuashonrú reatha ar an bPáipéar Bán le haghaidh 2018 agus 2019 agus an tionscadal chun an Páipéar Bán a chur i bhfeidhm, atá dírithe ar thimthriall sheasta d'athbhreithnithe cosanta a bhunú mar ghné bhuan den bheartas cosanta.

Táim ag tnúth le héisteacht leis na comhaltaí coiste atá i láthair inniu agus lena gcuid trácht agus tuairimí a thabhairt faoi deara. Is mian liom ach go háirithe béim a chur ar an bhfíric gur forbairtí nua iad seo inár gcur chuige i dtreo an bheartais chosanta. Tá sé d'aidhm agam ach go háirithe inniu, bheith ag éisteacht, agus tuigim gur cheart, go hidéalach, go mbeadh tacaíocht fhorleathan ar fud na dTithe d'aon bhealach nua le rudaí a dhéanamh, go háirithe i gcás na cosanta. Traidisiún fadseasmhach atá ansin agus is mian liom cloí leis.

Mar is eol do chomhaltaí, soláthraíonn an Páipéar Bán ar Chosaint, a d'fhaomh an Rialtas i mí Iúil 2015, an creat straitéiseach agus cuimsitheach don bheartas cosanta ar feadh an tréimhse deich-mbliana suas go dtí 2025. Dá bharr sin, is é atá sa Pháipéar Bán ná beartas meántéarmach an Rialtais ar chosaint. Is é an dara Páipéar Bán ar Chosaint. Chuaigh an chéad Pháipéar Bhán siar go 2000. Tosaíodh an próiseas cuimsitheach comhchomhairle ar faomhadh an Páipéar Bán reatha mar thoradh air, nuair

a foilsíodh Páipéar Uaine stairiúil ar Chosaint i mí Iúil 2013. Leis sin cuireadh tús le comhchomhairle phoiblí ar an bPáipéar Bán agus lena dhéanamh briseadh talamh úr trí dhíospóireacht oscailte agus smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh maidir le riachtanais bheartas cosanta na hÉireann sa todhchaí. Mar fhreagra ar an bPáipéar Uaine fuair mo Roinn 122 aighneacht scríofa agus ina dhiaidh sin reáchtáladh cruinnithe leantacha le páirtithe leasmhara éagsúla.

Chomh maith leis an bpróiseas comhchomhairle poiblí, bhí idirchaidreamh fairsing ag oifigigh ón Roinn Cosanta le raon leathan de Ranna agus de ghníomhaireachtaí Rialtais a raibh spéis choiteann acu sa tslándáil nó a bhaineann leas as seirbhísí na Roinne, Óglaigh na hÉireann agus na Cosanta Sibhialta. Freisin rinneadh comhchomhairle le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus béim faoi leith curtha ar oibríochtaí idirnáisiúnta thacaíocht na síochána bainteach le tacaíocht agus slándála agus oibríochtaí bainistíochta géarchéime. Ina measc siúd bhí na Náisiúin Aontaithe, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an Ghníomhaíocht Eorpach um Chosaint, agus Comhpháirtíocht na Síochána de chuid NATO.

Ag deireadh an phróiseas comhchomhairle tógadh na páirtithe leasmhara go léir le chéile le haghaidh díospóireachta oscailte ar bheartas, agus bhí deis acu siúd a chuir leis an gcomhchomhairle éisteacht le tuairimí painéalaithe éagsúla agus díospóireacht a dhéanamh agus a gcuid tuairimí a chur in iúl. Reáchtáladh sin i dTeach Farmleigh i mBealtaine 2015. Fuair iad siúd go léir a bhí i láthair gur imeacht spéisiúil a bhí ann ina raibh ábhar machnaimh. Ina theannta sin, tugadh deis dheireanach do Chomhaltaí na Dála plé a dhéanamh faoin bPáipéar Bán a bhí á fhorbairt ag an am agus cur leis agus tógadh ráitis sa Teach ag deireadh mhí an Mheithimh 2015. Rinneadh machnamh cúramach ar thuairimí orthu siúd go léir a chuir leis le linn an phróisis agus níl aon amhras ach go raibh an t-ionchur luachmhar sin chun leas an Pháipéir Bháin.

Tá an creat beartais atá leagtha amach sa Pháipéar Bán deartha le bheith solúbtha agus freagrúil. Is tábhachtach sin, go háirithe mar gheall ar nádúr dinimiciúil an timpeallacht slándála reatha. Freisin tá sé deartha le cur ar chumas na heagraíochta cosanta, a chuimsíonn an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann, le dul in oiriúint do na cúinsí athraitheacha sin agus ár gcuid acmhainní a úsáid ar bhealach chomh héifeachtúil agus is féidir.

Is sa chomhthéacs sin a leagtar amach sa Pháipéar Bán rún an Rialtais próiseas d'athbhreithnithe cosanta téarma sheasta a bhunú. Is rud coitianta iad sin ar fud an domhain agus tugtar dearbhú leo go bhfuil an beartas fós suas le dáta agus ábhartha do chúinsí athraitheacha na todhchaí. Déantar foráil go sonrach sa Pháipéar Bán go mbeidh timthriall trí-bliana i gceist do na hathbhreithnithe sin, agus go mbeidh gach dara athbhreithniú níos cuimsithí agus, dá bharr sin, go dtabharfaí "athbhreithniú straitéiseach ar chosaint" air. Mar atá leagtha amach sa Pháipéar Bán, cuirfear tús le hathbhreithnithe straitéiseacha ar chosaint ag tús 2021.

Sula dtarlóidh sé sin, áfach, sonraítear sa Pháipéar Bán gur nuashonrú ar an bPáipéar Bán a bheidh sa chéad athbhreithniú sa timthriall nua, agus chuir mo Roinn tús leis sin i mí Iúil seo caite. Cuimhneoidh na Comhaltaí gur scríobh mé chuig an gcoiste an fómhar seo caite chun a gcuid tuairimí a iarraidh. Idir an dá linn, tá dul chun cinn déanta maidir le cuid mhór oibre, ach is ábhartha fós tuairimí comhaltaí a fháil, go háirithe maidir leis an gcur chuige fadtéarmach i dtreo phróiseas na n-athbhreithnithe timthrialla-sheasta. Níor tháinig mé chuig an gcoiste seo d'fhonn aon chur chuige áirithe a chur chun cinn, labhairt faoi aon ghné áirithe den Pháipéar Bán ná aon phointe inár bplé a áitiú. Déanaimid díospóireacht faoi go leor saincheisteanna sa choiste seo agus sa Teach agus is iomaí ócáid a bhíonn agam le freagairt do phointí áirithe. Ní hamhlaidh an uair seo, áfach. An cur chuige atá agam inniu, go simplí, ná spás a thabhairt inar féidir leis an nuashonrú ar an bPáipéar Bán an méid atá le rá ag comhaltaí an Choiste a thógáil san áireamh. I dteannta leis sin, agus an rud is tábhachtaí san

fhadtéarma, beidh sé chun leas gach duine más féidir linn cur chuige éifeachtach, struchtúrach agus córasach a chur i bhfeidhm.

Is ionann an Páipéar Bán agus beartas an Rialtais ar chosaint. Níl sé ceaptha leis an nuashonrú go n-osclófar arís gnéithe bunúsacha an bheartais chosanta a bhí socraithe nuair a d'fhaomh an Rialtas an Páipéar Bán i 2015. I measc na ngnéithe bunúsacha sin tá an fhíric go gcoimeádfaidh Éire a beartas neodrachta míleata. Freisin leagtar amach sa Pháipéar Bán prionsabail lárnacha maidir le forbairt cumas arbh é an toradh a bhí orthu ná forbairt pleananna rollacha ilbhliantúla um threalamh agus bonneagar. Tá forbairtí ar leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear cinneadh na hÉireann páirt a ghlacadh i gcomhar buan struchtúrach na hEorpa, PESCO, fós ar aon dul leis an gcur chuige sa Pháipéar Bán. Freisin cuirtear béim láidir sa Pháipéar Bán ar fhorbairt acmhainní daonna na heagraíochta cosanta agus tá go leor oibre ar siúl sa réimse sin.

Agus an nuashonrú á dhéanamh againn, dhírigh muid go príomha ar mheasúnú nuashonraithe ar shlándáil agus ar anailís ar an raon tionscadal a bhfuiltear ag tabhairt fúthu leis an bPáipéar Bán a chur i bhfeidhm. Foilseofar an measúnú nuashonraithe ar shlándáil mar chuid den nuashonrú chun athbhreithniú ar chaibidil 2 den Pháipéar Bán a léiriú. Dá bharr sin tá sé ina thoradh ar ghrúpa idir-roinnte agus idirghníomhaireachta a chuimsíonn ionadaithe ar Ranna agus ghníomhaireachtaí ábhartha, lena n-áirítear An Garda Síochána agus Óglaigh na hÉireann. Beidh measúnú den sórt sin ar an timpeallacht slándála fós ina ghné lárnach d'athbhreithniú timthrialla-sheasta mar go n-úsáidfear é chun freagairt an bheartais chosanta a shuíomh go cuí i dtaobh na ról ceannaireachta nó tacaíochta atá ag an gcosaint.

Go bunúsach, is é a chuirtear ar fáil leis ná dearcadh coiteann measta agus comhaontaithe do gach gné a thugann faoi shlándáil an Stáit a chosaint. Mar a thuigfidh na comhaltaí, ba mhíchuí dom ábhar an mheasúnaithe a phlé agus muid ar feitheamh leis an obair go léir a bheith críochnaithe mar chuid den nuashonrú iomlán, agus sa deireadh, a fhaomhadh ag an Rialtas. Mar is amhlaidh i gcás an Pháipéir Bháin, foilseofar toradh.

Is é atá sa dara snáithe den nuashonrú, a bhfuil go leor dul chun cinn déanta air ag an uair seo, ná athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin. Tar éis gur foilsíodh an Páipéar Bán, aithníodh 88 dtionscadal le críochnú i gcaitheamh thréimhse deich mbliana. Ó thaobh bhainistíocht clár, 95 thionscadal discréideach atá i gceist anois, agus tá comhfhoireann shibhialta-mhíleata um éascú chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin ag tabhairt tacaíochta dóibh agus ag déanamh monatóireachta orthu. Mar chuid den snáithe sin, tá an t-athbhreithniú ar dhul chun cinn miondealaithe i bpróiseas ceithre-chéime, lena mbaineann rannpháirtíocht ardleibhéil shibhialta agus mhíleata. Bhí athbhreithniú ar na 95 thionscadal i gceist leis an bpróiseas seo agus comaoineacha éagsúla tagtha chun cinn agus á gcur san áireamh san athbhreithniú ar gach ceann acu, ag brath ar a stádas reatha, is é sin ná, an bhfuil sé tosaithe nó críochnaithe anois. Tá dhá chéim as na ceithre chéim déanta agus tá obair ar an gcéim dheireanach - tuairisc ina ngabhtar torthaí na n-athbhreithnithe ar gach tionscadal - ar siúl.

Tar éis go mbeidh an dá shnáithe lárnach sin den nuashonrú déanta, agus aird tugtha ar cibé dearcaí a d'fhéadfadh a bheith ag comhaltaí, is é an chéad chéim thábhachtach eile den nuashonrú a bheidh i gceist ná impleachtaí aon athraithe a mheas i gcomhthéacs cheanglais fhoriomlána an bheartais, cúraimí gaolmhara, forbairt cumas agus soláthar acmhainní. Tá maoirseacht á déanamh ar an obair sin go léir, lena n-áirítear an obair atá déanta go dtí seo, ag grúpa stiúrtha ardleibhéil sibhialta-míleata a mbíonn cruinnithe rialta aige chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar an gcur chuige foriomlán. Tá sé de rún agam, nuair a bheidh an obair go léir tugtha chun críche, go dtabharfar an nuashonrú ar an bPáipéar Bán chuig an Rialtas chun an toradh a fhaomhadh agus le haghaidh cinnidh faoi athrú ar bith ar chur chuige a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.

Is é an dara gné den phlé agam leis an gcoiste ná éisteacht le tuairimí comhaltaí faoin tionscadal chun an Páipéar Bán a chur i bhfeidhm, atá dírithe ar thimthriall sheasta d'athbhreithnithe cosanta a bhunú mar ghné bhuan den bheartas cosanta. Chuige sin, leagtar amach sa Pháipéar Bán rún an Rialtais mar atá seasamh nua a thabhairt do na próisis sin um athbhreithniú cosanta ó thaobh bainistíochta poiblí. Déantar foráil go sonrach sa Pháipéar Bán do shraith nua de shocruithe chun déanamh cinnte go nglactar cur chuige straitéiseach láidir i dtreo pleanála don chosaint agus cinnteoireachta. Tá an próiseas leagtha amach agam cheana maidir leis an gcéad nuashonrú ar an bPáipéar Bán agus an gealltanas ag an Rialtas chun tús a chur le hathbhreithniú straitéiseach ar chosaint ag tús 2021.

Tá ceann de na tionscadail um chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin atá ar siúl sa Roinn Cosanta dírithe ar struchtúr foirmiúil a fhorbairt, le bheith faofa ag an Rialtas, le haghaidh na dtimthriall seasta sin d'athbhreithnithe cosanta. Is é atá ar siúl go príomha ag an tionscadal leanúnach sin, a bhfuil foireann shibhialta-mhíleata ag tabhairt faoi, ná na struchtúir agus na próisis a mheas um dhéanamh athbhreithnithe ar chosaint sa todhchaí; agus é sin ar siúl aige tarraingeoidh sé ar an taithí a fuarthas agus an nuashonrú reatha á dhéanamh. Thug an fhoireann tionscadal faoi staidéar fadréimseach, lenar áiríodh athbhreithniú acadúil agus comparáidí idirnáisiúnta, chun na gnéithe lárnacha a aithint a d'fhéadfadh athbhreithnithe cosanta a mhúnlú sa todhchaí. Nuair a bheidh sé tugtha chun críche, tabharfar moltaí chuige sin chuig an Rialtas le faomhadh. Sula dtarlóidh sé sin, áfach, tá sé mar rún dearbhaithe ag an Rialtas sa Pháipéar Bán gabháil do phróiseas comhchomhairle uile-pháirtí faoin gcur chuige foriomlán. Fóram idéalach atá sa choiste seo chun aghaidh a thabhairt ar an ngealltanas sin.

Tá roinnt gnéithe lárnacha á meas mar chuid den tionscadal leanúnach agus, faoi réir dhearcadh an choiste, is faoi na ceisteanna seo a leanas, ach go háirithe, ar mhaith liom tuairimí a chloisteáil: cibé acu ar cheart foráil a dhéanamh sa reachtaíocht chun athbhreithnithe timthrialla-sheasta a dhéanamh; an méid difríochtaí ar cheart a bheith idir athbhreithnithe – mar shampla, an difríocht ar cheart a bheith idir nuashonrú agus athbhreithniú straitéiseach ar chosaint; leibhéal agus fairsinge na comhchomhairle do gach ceann acu; minicíocht agus tráth na n-athbhreithnithe; agus cibé, is cuma faoi na hathbhreithnithe sin, an bhfuil argóint ar son cuir chuige leanúnaigh lena gcuimsítear foráil do Pháipéir Bhána bhreise agus, más amhlaidh, cén uair, laistigh den timthriall nua d'athbhreithnithe.

Tar éis dom an cuspóir a leagan amach i gcomhair an phlé atá á lorg agam leis an gcomhchoiste, agus béim a chur arís eile ar an bpointe gurb é mo chur chuige inniu go simplí, ná an méid atá le rá ag comhaltaí coiste a thógáil san áireamh, táim ag tnúth le héisteacht lena gcuid tuairimí faoi na hábhair thábhachtacha sin a bhaineann leis an bPáipéar Bán ar chosaint agus le hiad a mheas.

**Brendan Smith, Cathaoirleach**
Gabhaim buíochas leis an Aire Stáit as a chur i láthair sonrach ar an obair atá ar siúl agus as an nuashonrú ar an bPáipéar Bán.

**An Teachta Dála Maureen O'Sullivan**
Gabhaim buíochas as an bplé leis an gcoiste. Rud dearfach é go mbíonn cruinnithe minice againn faoi na hábhair seo.

Luaigh an tAire Stáit grúpa stiúrtha sibhialta-míleata ardleibhéil. Cé go díreach iad comhaltaí an ghrúpa sin?

Freisin thagair an tAire Stáit do cibé ar cheart foráil a dhéanamh sa reachtaíocht um stiúradh na n-athbhreithnithe timthrialla-sheasta sin. Cén sórt athruithe a shamhlaíonn sé a mbeadh a leithéid d'fhoráil riachtanach lena n-aghaidh? Tá sé sin á chur i gcomhthéacs tuarascála agam, tuarascáil atá á lua agam le déanaí agus ar ghlac comhghleacaithe an Aire Stáit páirt inti ar leibhéal AE, is é sin ná,

Ireland and the EU: Defending our Common European Home. Tá roinnt trácht ann ar cúis imní iad - mar shampla, faoi choincheap neodracht na hÉireann a athshainiú, ár gcóras glais-thriaraigh a chosaint agus ár dtionscal cosanta a fhorbairt. Ábhar imní é go bhfuil a leithéid de thráchta ag teacht ó roinnt FPEnna agus muidne anseo geallta chun neodracht na hÉireann.

Ba iontach an rud é go bhfuair an tAire Stáit an oiread sin aighneachtaí. Tháinig go leor acu ón tsochaí shibhialta. Táim ag smaoineamh faoi thuilleadh plé mar, i gcás na cosanta, is í an tsochaí shibhialta is éifeachtaí nuair a théann aon rud amú.

Tá méadú tagtha ar chaiteachas míleata. An bhfuil an tAire Stáit ag súil le tuilleadh méaduithe? Tá imní ann chuige sin. Chuir mé ceist ar an Aire Stáit roimhe sin faoin árthach il-róil a rabhthas ag smaoineamh faoi cheannach.

Gabhaim buíochas leis an Aire Stáit as an litir a sheol sé chugam tar éis dom ceist a chur faoi thraenáil. Thug sé cuntas inti ar chuid den traenáil a dhéantar. Aithním an tsárobair a dhéanann ár gcuid fórsaí síochánaíochta agus iad i mbun misean faoi shainordú na Náisiún Aontaithe. Bhain mo cheist le traenáil ar cheistiúchán. Tháinig an tAire Stáit ar ais chugam faoi chuid de na cineálacha eile traenála. Is tábhachtach béim a chur ar thábhacht na traenála faoi chúrsaí inscne agus teifigh. Chonaic muid gurbh mór an difear idir an traenáil, mar a tugadh uirthi, do gharda cósta na Libia, agus an méid ar cheart a bheith i gceist. Tá traenáil i bhfad níos fearr ar ár dtrúpaí. Agus traenáil thrúpaí na hÉireann ar shaincheisteanna ceart daonna agus inscne agus teifigh tógtha san áireamh, an bhféadfaimis bheith níos réamhghníomhaí chuige sin? Bhí an méid a tharla sa Libia agus sa Mheánmhuir thar a bheith míshásúil.

Luaigh an tAire Stáit a ról sa phleanáil i gcomhair an Bhreatimeachta. Bhí mé i mBelfield an tseachtain seo caite le haghaidh sheoladh ár mbeartais ar fhorbairt idirnáisiúnta, A Better World. Ar tharla plé le Roinn an Aire Stáit? Cén chaoi a gcuireann sé le tosaíochtaí sa cháipéis beartais nua leis an méid a fheicimid sa Pháipéar Bán? Ról daonnúil atá againn atá bunaithe ar chearta daonna. Ar tharla aon phlé leis an Roinn Cosanta?

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Níl cur amach agam ar A Better World. Ní heol dom faoi aon phlé. Seans go bhfillfidh mé ar an ábhar sin leis an Teachta Dála.

Bhí cruinniú gach mí ar a laghad ag an ngrúpa stiúrtha um nuashonrú an Pháipéir Bháin ó cuireadh tús leis an nuashonrú mí Iúil seo caite. Déanann rúnaí cúnta ábhartha cathaoirleacht ar na cruinnithe agus freastalaíonn an ceann foirne cúnta agus cinn bhrainse pleanála agus eagrúcháin na Roinne agus brainse pleanála straitéisí na Roinne orthu. Freisin tá grúpa oibre don Pháipéar Bán, a mheasfaidh aon impleachtaí le haghaidh cheanglais iomlána an bheartais chosanta, cúraimí gaolmhara, forbairt cumas agus soláthar acmhainní. Tá an grúpa seo déanta suas de chinn an bhrainse pleanála agus eagrúcháin agus de bhrainse pleanála straitéisí Óglaigh na hÉireann agus d'fhoireann tionscadal an Pháipéir Bháin.

Ní thiocfaidh athrú ar ghnéithe bunúsacha an Pháipéir Bháin ach táim ag iarraidh thuairimí na gcomhaltaí faoi inniu. Cén athruithe ar mhaith leo a fheiceáil? Cén athruithe ar mhaith leo a chur leis nó a bhaint de? Táim ag lorg thuairimí an choiste seachas mo thuairimí féin a thabhairt. Ba cheart go mbeadh mo thuairimí faoin bPáipéar Bán ar eolas ag gach duine mar gur fhaomh an Rialtas é i 2015. Anois táimid ag an gcéim athbhreithnithe. Sheol mé nótaí eolais chuig gach comhalta coiste. Is mian liom smaointe na gcomhaltaí faoin bPáipéar Bán a chloisteáil.

Luaigh an Teachta Dála Maureen O'Sullivan foilsiú a pháipéir féin ag grúpa FPE Fhine Gael ar thodhchaí bheartas neodrachta na hÉireann. Tá sé sin go hiomlán lasmuigh de bheartas an Rialtais. Molaim i

gcónaí do pháirtithe polaitiúla agus do dhaoine aonair, cibé acu gur Comhaltaí Neamhspleácha iad nó a mhalairt, gabháil do dhíospóireacht oscailte agus mhacánta faoi shaincheisteanna a mbíonn éifeacht acu ar gach duine gach lá. Is saincheisteanna iad sin a mbíonn éifeacht acu orainne. Ní thabharfaimis a ceart don tsochaí mura mbeadh plé oscailte agus macánta againn fúthu. Léiríonn an páipéar plé smaointe an ghrúpa FPE féin agus níor sheas mo pháirtí polaitiúil féin leis. Tháinig grúpa FPEnna le chéile agus d'fhoilsigh siad an páipéar. Ní léiríonn sé ar chor ar bith beartas an Rialtais. Cuirim fáilte roimh thráchta gach duine, áfach.

Táimid ag méadú an caiteachas míleata gach bliain. Tagraítear don árthach il-róil a luaigh an Teachta Dála sa Pháipéar Bán. Tá sé sin ag an gcéim phleanála. Tógfaidh sé roinnt ama sula ndéanfaimid cinneadh faoi.

Labhair an Teachta Dála faoi gharda cósta na Libia. Trí mheán Oibríocht Sophia, tá sé á thraenáil againn. Nílim cinnte faoi mhéid na traenála faoi chúrsaí inscne, etc., ach is féidir liom teacht ar ais chuig an Teachta Dála faoin ábhar sin.

Maidir leis an mBreatimeacht, tá eagraíochtaí cosanta i mbun pleanála críonna faoi láthair mar fhreagra ar an mBreatimeacht. Cuimsíonn sé sin rannpháirtíocht ghníomhach i gcreat uile-Rialtais atá ag forbairt freagra ar an mBreatimeacht. Is ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Teachta Dála Flanagan, An Garda Síochána agus Custam agus Mál a bhfuil an fhreagracht phríomha as slándáil inmheánach an Stáit. Ábhar do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Gharda Síochána ar an gcéad dul síos atá i ngainneáil a chosc. Tá foireann Breatimeachta sa Rialtas. Tá rúnaí cúnta ó mo Roinn féin ar an bhfoireann sin. Bíonn cruinnithe sách rialta againn. Is ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais amháin a bhfuil freagracht as slándáil an Stáit. Má fhaigheann sé cúnamh don chumhacht shibhialta, iarrann sé cúnamh ó bhaill d'Óglaigh na hÉireann nó ón Roinn Cosanta.

**An Teachta Dála Maureen O'Sullivan**

Níorbh é a bhí i gceist leis an gceathrar FPEnna ná díreach cúrsaí a brath mar go raibh sé ag baint an bhoinn go huile is go hiomlán dár neodracht. Ábhar imní dom an fhíric go ndearna siad a gcuid trácht i ndíospóireacht i bParlaimint na hEorpa. Is iad páirtí an Aire Stáit atá sa rialtas anseo. Mar sin, níl aon amhras faoin méid a tharla. Tá traidisiúin an-bhródúil ag Éirinn de rannpháirtíocht i misin síochánaíochta faoi shainordú na NA. Ba cheart dúinn leanúint ar aghaidh leis sin seachas bheith ag bogadh isteach i réimsí eile. Is cuma faoin dearbhú atá an tAire Stáit ag tabhairt, tá imní ann go bhfuilimid ag bogadh amach ónár neodracht. Táim den tuairim dhaingean nach mór go mbeadh dearbhú againn go bhfuil ár neodracht doshéanta, mar is cuí do stát neamhspleách, ceannasach, agus nár cheart muid a thabhairt isteach níos mó i gclár oibre slándála an Aontais Eorpaigh, atá ag dul i méid. Ba cheart dúinn filleadh ar bheatha a shábháil sa Mheánmhuir seachas bheith rannpháirteach i gclár oibre trína dtógtar daoine ón Meánmhuir isteach i gcampaí coinneála na Libia.

**An Teachta Dála Jack Chambers**

Gabhaim buíochas leis an Aire Stáit as freastal. Tugann an nuashonrú ar an bPáipéar Bán le fios go bhfuil 42 thionscadal tosaithe, sin díreach níos lú ná leath den líon iomlán mar atá 95. Go dtí seo, níl ach 11 cheann as na 95 thionscadal sin tugtha chun críche. Is léir, mar sin, nár baineadh amach spriocanna ó thaobh an Pháipéir Bháin. Mar atá mé díreach tar éis a rá leis an Seanadóir Ned O'Sullivan, níl mórán eolais shonraigh i ráiteas an Aire Stáit. Níorbh ann ach cleachtadh gramadaí agus teanga. Níor mhínigh sé mórán faoina bhfuil sé ag déanamh i ndáiríre maidir le go leor saincheisteanna lárnacha. Tá roinnt ceisteanna agam faoi roinnt saincheisteanna lárnacha atá ag croílár an Pháipéir Bháin.

Bhí an Ceann Foirne os comhair an Choimisiún Pá le déanaí. Bhí ionadh orm a chloisteáil go raibh beirt oifigeach ón Roinn Cosanta agus beirt oifigeach ón Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí in

éineacht leis an gCeann Foirne. Dar liom féin ba ionann sin agus cosc a chur ar an mbainistíocht mhíleata maidir lena bpléadáil chuig an gCoimisiún ar Phá na Seirbhíse Poiblí. Cén fáth go raibh an tAire Stáit agus a Roinn ag iarraidh freastal ar an gcruinniú sin leis an gCeann Foirne? Cén fáth nár cheadaigh siad dó a rogha a chleachtadh leis an gcoimisiún?

Baineann an dara ceist atá agam leis an ngeit a baineadh asam nuair a chonaic mé an líon foirne éifeachtach amhail mí an Mhárta 2019. Tá líon foirne 45% againn sa Chéad Bhriogáid, líon foirne 45% sa Dara Briogáid, líon foirne 34% in airmheán traenála Óglaigh na hÉireann, líon foirne 22% san Aerchór agus líon foirne 23% sa tSeirbhís Chabhlaigh. Is ionann sin agus scriosadh iomlán an líon foirne éifeachtaigh in Óglaigh na hÉireann. Cén fáth nár thug an tAire Cosanta aghaidh air sin ina nuashonrú ar an bPáipéar Bán. Cén fáth nár thug sé aghaidh ar na saincheisteanna tromchúiseacha mar atá coimeád agus earcaíocht? Níor luaigh an tAire rud ar bith faoin tréigean mór atáimid ag feiceáil agus faoin teip aghaidh a thabhairt air. Tá sceitheadh mór á fheiceáil againn ar bhonn leanúnach.

An bhféadfadh an tAire tuairisc a thabhairt ar an bhfeachtas earcaíochta reatha don tSeirbhís Chabhlaigh agus don Chúltaca. Tá imní ann gur cuireadh ar fionraí é nó gur cuireadh moill leis mar gheall ar fhadhb idir an Roinn agus daoine eile atá rannpháirteach sa phróiseas. An féidir leis an Aire Stáit a shoiléiriú an bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leis an bhfeachtas mar is gnáth? Cad é an seasamh maidir leis an bhfeachtas earcaíochta, a bhí fógartha go maith ag an Aire Stáit agus daoine eile le míonna beaga anuas?

Freisin is mian liom tuairim an Aire a fháil faoi chibearchumas agus faoi chibhearshlándáil. An féidir leis cuntas a thabhairt ar an líon ball foirne atá san aonad cibearshlándála? Cad atá soláthar déanta ag Óglaigh na hÉireann lena aghaidh maidir le cibearshlándáil ó thaobh foirne, acmhainní agus freagrachtaí? Tuigtear dom go bhfuil ceithre sheasamh i gceist. An gcreideann an tAire Stáit gur leor sin chun muid a chosaint ar na bagairtí a bhfuilimid ag tabhairt aghaidhe orthu? Inniu, thug an t-Uachtarán Macron cuntas ar an éifeacht dhíchobhsaithe ar dhaonlathais ar fud na hEorpa mura dtabharfaimid aghaidh ar shaincheisteanna móra cibearshlándála. Cé chomh hullamh is atá an Roinn leis sin? An féidir leis an Aire Stáit eolas a thabhairt don choiste faoin bplean um forbairt cumas chun an cumas sin a bhaint amach?

An féidir leis an Aire tuairisc a thabhairt don choiste faoin measúnú domhain ar chumas míleata na hÉireann atá ar siúl faoi láthair faoi Chomhpháirtíocht ar son na Síochána de chuid an AE. Ar mhaithe le trédhearcacht, an dtabharfaidh sé gealltanas chun a ábhar a fhoilsiú nuair a bheidh sé tugtha chun críche? An féidir leis tuairisc a thabhairt don choiste maidir le cá háit a bhfuil an Roinn i gcomhthéacs an dá thionscadal PESCO a ndeachaigh sí leo a chur i bhfeidhm?

Baineann an chéad cheist eile atá agam le rud éigin a d’fhéadfadh nach mbeadh sé luaite sa Pháipéar Bán ach ar cheart go mbeadh sé luaite ann. Chonaic muid an t-athrú Roinne a tharla sa Roinn Airgeadais le linn an chúlú eacnamaíochta agus thar roinnt Ranna. Cad atá á dhéanamh ag an Roinn chun déanamh cinnte go bhfuil foireann aici ag a bhfuil cáilíochtaí acadúla cuí - mar chéimeanna, chéimeanna máistreachta nó PhDanna- sa chaidreamh idirnáisiúnta agus sa tslándáil agus cosaint? Seo rud éigin a chonacthas i Ranna eile freisin. An bhféadfadh an tAire Stáit a shoiléiriú cé mhéid ball foirne atá cáilithe sna réimsí sin? Cad iad pleananna an Aire Stáit maidir le haon reachtaíocht a thógáil ar aghaidh chun ceadú don Chúltaca am a sholáthar ó thaobh traenála, ar gnáthrud é i dtíortha eile?

Luaigh an cainteoir roimhe seo an Breatimeacht. Cén plé déthaobhach a tharla leis an RA maidir le Breatimeacht crua?

An ndearnadh aon phleanáil teagmhasachta? Is léir go bhfuil comhaontú neamhfhoirmiúil ag Éirinn faoi chumhdach cosanta aeir agus is gá leis an Aire Stáit an seasamh maidir leis a shoiléiriú. Is gá dó a shoiléiriú cén plé a bhí ag a Roinn maidir leis na hábhair sin.

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Is féidir na sonraí go léir atá á lorg ag an Teachta Dála a fháil sa cháipéis. Nílim cinnte ar léigh sé an cháipéis ó thús go deireadh ach tá an t-eolas go léir atá á lorg aige inti.

**An Teachta Dála Jack Chambers**
An bhféadfadh an tAire tuairisc a thabhairt?

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Tháinig mé anseo chun tuairimí an choiste faoin bPáipéar Bán a lorg. Ní bhaineann ceist an phá leis an bPáipéar Bán. Níl á lorg agam ag tuairimí na gcomhaltaí. Ba neamartach dom gan teacht os comhair an choiste i gcomhthéacs an Páipéar Bán a athbhreithniú. Scríobh sé chuig an gcoiste san fhómhar agus shonraigh mé gur mhaith liom an deis teacht os a chomhair chun tuairimí na gcomhaltaí faoin bPáipéar Bán a iarraidh. Beidh mé os comhair an roghchoiste níos deireanaí inniu i ndáil leis na Meastacháin agus ní bheidh fadhb ar bith agam maidir leis na ceisteanna a fhreagairt atá curtha ag an Teachta Dála ag an bpointe sin. Ní bhaineann an chuid is mó dá cheisteanna leis an bPáipéar Bán, áfach. Deirim sin le macántacht. Tionscadal deich-mbliana a dhéanfaimid athbhreithniú air atá sa Pháipéar Bán. Dá mbeinn i mo urlabhraí don Fhreasúra agus mura dtiocfadh an tAire Stáit os comhair an choiste chun smaointe agus tuairimí comhaltaí a lorg faoi ghnéithe sonracha sa Pháipéar Bán-----

**An Teachta Dála Jack Chambers**
Níl mé ag cáineadh an Aire Stáit i gcomhthéacs a theacht os comhair an choiste.

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Rachaidh mé tríd na ceisteanna a chuir an Teachta Dála. Ní saincheist don Pháipéar Bán é pá ach bhí cruinniú ag an Ard-Rúnaí, ag an gCeann Foirne agus oifigigh ón Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí le Coimisiún Pá na Seirbhíse Poiblí ar maidin. Ní mise a chinneann cé a théann os comhair an choimisiúin. Mar a chuir mé in iúl don Teachta Dála go leor uaireanta, tá an coimisiún neamhspleách. Ní deirim “Seol an duine sin isteach” ná “Ná seol an duine sin isteach”. Ní bhaineann sé sin liomsa ar chor ar bith. Ábhar don choimisiún é sin. Ní bhaineann sé ach an oiread leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sin an fáth go bhfuil coimisiún pá neamhspleách againn chun féachaint ar shaincheist fhoriomlán an phá. Níor chuir éinne cosc ar dhuine ar bith. Fágtar faoin gcoimisiún é.

Is é líon foirne foriomlán na heagraíochta ná 94%. Níl aon mhoill le hearcaíocht maidir leis an gCúltaca ná baill liostáilte. Beidh próiseas maidir le comórtas ar siúl go luath. Ar chúiseanna slándála, ní thabharfaidh mé sonraí don Teachta Dála faoin méid ball d’Óglaigh na hÉireann atá leis an gcibearaonad sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

**An Teachta Dála Jack Chambers**
Fad is eol dom, níl ball ar bith ann.

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Dhearbhaigh an Ceann Foirne dom go bhfuil cuid mhór acmhainní aige agus go ndéanaimid ár ndícheall freastal ar aon iarratas a dhéantar orainn. Ábhair slándála don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ata i saincheisteanna faoi chibearshlándáil-----

**An Teachta Dála Jack Chambers**
Cibearchumas.

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Tá an plean um forbairt cumas ina thionscadal leanúnach ach tosaíocht atá ann. Tá cuid mhór oibre déanta ina thaobh. Chuir an Teachta Dála ceist faoi cháilíochtaí in Óglaigh na hÉireann. Tiocfaidh mé ar ais chuige maidir leis sin.

**An Teachta Dála Jack Chambers**
Sa Roinn.

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
I gcomhthéacs leasuithe atá riachtanach don DFR R5, struchtúr na n-Óglach Cúltaca, OCT, agus DFR S7, bunú Chumann Ionadaíoch na n-Óglach Cúltaca, RDFRA, cuimsíonn na rialacháin raon leathan ábhar ó airgeadas go hacmhainní daonna go cúrsaí traenála go critéir éifeachtachta. Tá leasuithe ar DFR S7 nasctha le DFR R5. Ní féidir an chéad cheann a thabhairt chun críche gan an dara ceann a bheith críochnaithe. Bíonn leasuithe an-chasta, tógann siad go leor ama agus teastaíonn comhchomhairle fhairsing lena n-aghaidh. Meastar go mbeidh an chéad dhréacht den DFR R5 athbhreithnithe ar fáil laistigh de na míonna atá le teacht. Tá Oifig an Ard-Aighne báite in obair mar gheall ar an mBreatimeacht, agus chuir sé sin moill leis an reachtaíocht go léir. Nílim ag sonrú gur chuir sé moill leis seo go sonrach agus braithimid go hiomlán ar fhoireann Oifig an Ard-Aighne chun cabhrú linn le reachtaíocht a dhréachtú. Reachtaíocht an-chasta atá anseo. Níl ach deis amháin againn lena déanamh i gceart agus is mian linn bheith cinnte go ndéanaimid sin. Táim ag súil go mbeidh an DFR R5 athbhreithnithe ar fáil laistigh de na míonna atá le teacht.

**An Teachta Dála Jack Chambers**
Níor freagraíodh cúpla ceist a bhí agam. Chuir mé ceist faoi-----

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Mo leithscéal, chuir an Teachta Dála ceist faoin mBreatimeacht agus faoin meabhrán tuisceana. Baineann aon chomhchomhairle a bhí agam le mo chuid comhghleacaithe Aire sa RA le meabhrán tuisceana. Níl tionchar ar bith ag an mBreatimeacht air sin. Síníodh sin i 2015 agus tá sé ag feidhmiú go han-mhaith. Bíonn go leor cumarsáide idir mo Roinn, Aireacht Cosanta na Breataine, Óglaigh na hÉireann dár gcuid agus Fórsaí Armtha na Breataine. Seasfaidh an meabhrán tuisceana a síníodh idir a n-Aire, Michael Fallon, agus an t-Aire a bhí againn ag an am, an Teachta Dála Simon Coveney. Níl tionchar ar bith ag an mBreatimeacht air sin.

**An Teachta Dála Jack Chambers**
Bhain an cheist dheireanach a chuir mé leis an measúnú domhain ar chumas míleata na hÉireann faoi Chomhpháirtíocht ar son na Síochána de chuid an AE, rud atá fós ar siúl. An bhfoilseodh an tAire Stáit é?

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Tiocfaidh mé ar ais chuig an Teachta Dála maidir leis sin.

**An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh**
Ó foilsíodh an Páipéar Bán, bhí plé agam leis trí mheán roinnt ceisteanna parlaiminte. Measaim go bhfuil an Páipéar Bán leagtha amach ar bhealach aisteach. Níl aon dochar ann. Má leánn duine tríd, is ar éigean go bhfaighidh siad amach céard iad na cúraimí agus na spriocanna. Luaigh an tAire Stáit an figiúr 95. Dúradh linn ar dtús gur 88 a bhí i gceist. Níl aon liosta sa Pháipéar Bán féin agus mar sin tá sé an-deacair é a mheas uaireanta. I gcás an chuid is mó de cháipéisí eile den scála sin faightear an sprioc, an cuspóir agus t-amfhráma a bhfuiltear ag súil go mbainfear na spriocanna amach laistigh de ag an deireadh. Tá a fhios agam gur chuir an tAire Stáit cuid den ábhar sin ar fáil dom ó sin. Ciallaíonn sé gur deacair é do dhaoine atá ag féachaint isteach a mheas an bhfuil ag éirí leis an Aire Stáit, an Roinn agus

na húdaráis mhíleata an méid a bhí leagtha amach a bhaint amach. Is léir nach bhfuil roinnt spriocanna á mbaint amach againn.

Tá caibidil ann faoi choimeád saighdiúirí. Tá earcaíocht á baint amach. Chonaic muid daoine á n-earcú agus daltaí ag glacadh mionna le déanaí. Déanaim comhghairdeas leo. Tá cruachás ann a phléigh muid sa choiste, maidir le hearcaíocht agus coimeád agus na fadhbanna a chruthaíonn sé d'údaráis mhíleata agus iad ag iarraidh pleanáil don todhchaí. Má tá cohórt de shaighdiúirí níos sine ag a bhfuil níos mó taithí ag imeacht agus earcaithe nua ann ciallaíonn sé go mbíonn sé deacair pleanáil i gcomhair imeachtaí móra, oibríochtaí thar lear, oibríochtaí um chosaint iascaigh nó pleanáil i gcomhair cibé scileanna atá ar iarraidh ansin. Le blianta beaga anuas, ní raibh otharchairr aeir in ann an cumhdach iomlán a sholáthar a mbíonn an pobal ag súil leis ó Óglaigh na hÉireann. Braitheann sé ar iad a bheith ar fáil, ach bíonn, nó bhí, an pobal den tuairim go bhfuil Óglaigh na hÉireann ar fáil mar chúnamh don chumhacht shibhialta. Ní féidir leis na húdaráis mhíleata é sin a dhéanamh ach má tá an fhoireann agus an trealamh acu atá riachtanach. Chonaic muid roinnt uaireanta go raibh siad srianta nó go raibh deacrachtaí maidir le heaspa saighdiúirí nó trealaimh.

Fadhb atá agam maidir le ról Óglaigh na hÉireann ná gur cheart go ndíreofaí níos mó ar Óglaigh na hÉireann a ullmhú i gcomhair oibríochtaí thar lear, mar fhóirithint anachaine agus oibreacha bonneagair. Tá sé léirithe acu in Éirinn gur féidir leo sin a dhéanamh. Bíonn siad an-mhaith, mar shampla, i gcás go dtéann droichead síos.

Leis an athrú go córas dhá bhriogáide cailleadh ceann de na haonaid innealtóireachta agus tá easpa trealaimh ann um fhóirithint anachaine agus faoiseamh daonnúil. Tá tuairim dhifriúil agam i gcomparáid leis na Rialtais is deireanaí, ar cosúil go bhfuil fáilte curtha acu roimh ról an chathghrúpa AE d'Óglaigh na hÉireann seachas síochánaíocht agus cabhrú i gcriosanna tubaiste ar fud na tíre.

Is é an cáineadh atá agam ar an athbhreithniú ná gur cheart an Páipéar Bán a dhéanamh níos inrochtana. Leag an tAire Stáit amach na 95 sprioc nó cúram ionas, nuair a thagann na hathbhreithnithe timthriallacha suas, go mbeidh sé níos éasca do dhaoine lasmuigh de trácht a dhéanamh agus a rá go bhfuil siad ag iarraidh go gcuirfí níos mó béime ar ábhair áirithe. Tá go leor dá bhfuil leagtha amach sa Pháipéar Bán athraithe de thoradh an Bhreatimeachta. Tá an tAire Stáit anseo an tseachtain seo agus b'fhéidir gur trua é nach é an mhí seo chugainn, mar go mb'fhéidir go mbeidh níos mó cinnteachta againn faoi ansin. Beidh tionchar aige sin ar an nglao ar Óglaigh na hÉireann maidir le dualgais Teorann. Tá scéalta ann faoi thraenáil na ngardaí. Tá plean curtha i bhfeidhm cheana chun roinnt earcaithe nua a chur i réigiún na Teorann chun ullmhú i gcomhar teorann crua féideartha. Chonaic muid ceist na n-iascach an tseachtain seo caite. Beidh sé sin ina fadhb nó ina dualgas níos mó d'Óglaigh na hÉireann roimh i bhfad mura mbeidh an comhaontú againn atá beartaithe againn. Ní raibh a fhios ag Óglaigh na hÉireann ná an Roinn, agus iad ag ullmhú an Pháipéir Bháin, go raibh an Breatimeacht le teacht. Ní bheadh siad ag díriú go mór ar an ngné sin den tslándáil. Cé gurb eol dom go ndearnadh é, tugtar le tuiscint gur gá athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcás slándála de réir mar a fhorbraíonn ceist an Bhreatimeachta.

D'ardaigh mé an t-ábhar sin roimhe seo agus mar sin trácht atá ann seachas ceist. Is é céad dhualgas na n-údarás míleata agus na Roinne ná meas a thabhairt ar bhaill Óglaigh na hÉireann, iad a chosaint agus misneach a thabhairt dóibh. Tá roinnt cúrsaí agus imeachtaí a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas atá ag baint den mhisneach sin. Níor chuala mé faoi fhadhb ar bith maidir le cosaint saighdiúirí. Ceapaim go bhfuil siad sásta leis an gcosaint. Caitheadh amhras ar cheist an mheasa ar shaighdiúirí mar gheall ar an easpa pá chirt agus an easpa caighdeán ceart um shláinte agus shábháilteacht san am atá thart.

**Brendan Smith, Cathaoirleach**
Glacfaidh mé leis an Seanadóir O'Sullivan. Tá srianta ama againn agus beidh an roghchoiste againn go luath.

**An Seanadóir Ned O'Sullivan**
Ní labhróidh mé ró-fhada. Cuirim fáilte roimh an Aire Stáit agus a chuid oifigeach. Is maith an rud é go raibh an tAire Stáit ag iarraidh plé linn. Agus é sin ráite, b'fhéidir nach raibh mé réidh leis an gcruinniú nó go raibh mé ag súil le rud difriúil, ach ábhar díomá dom an méid atá le rá ag an Aire Stáit linn. Deir sé go bhfuil sé ag iarraidh éisteacht lenár gcuid tuairimí ach ag an am céanna, le haghaidh aon duine atá ag breathnú isteach ón taobh amuigh, tá Páipéir Bhána agus Páipéir Uaine cosúil le damhsa ar cheann bioráin. Is mian le daoine go mbeadh a fhios acu cén t-adhmad a bhainfear as agus cad é fís an Aire Stáit d'Óglaigh na hÉireann. Ní féidir linn déileáil le Páipéir Bhána agus Páipéir Uaine mar chiorcal leanúnach maorlathais.

Tá an-mheas ag an bpobal ar Óglaigh na hÉireann, agus is ceart sin. Mar a dúirt an Teachta Dála Maureen O'Sullivan, tá sárobair ar siúl acu i gcoimeád na síochána sna Náisiúin Aontaithe agus ábhar bróid dúinn go léir é. Freisin táimid bródúil as an bpróifíl a bhíonn ag an Arm i go leor ócáidí Stáit. Chuir mé fáilte ach go háirithe roimh a ghníomhaíochtaí le scoileanna le linn chomóradh céad bliain ó 1916. Tá sé go deas an banna Airm a fheiceáil i bpobail. Nuair a tharlaíonn géarchéimeanna aimsire agus aeráide, glacann an t-Arm ról agus táthar buíoch as sin freisin. Sin iad na gnéithe dearfacha fad is a fheictear domsa iad ach tá roinnt gnéithe thar a bheith diúltach i gceist freisin. Dúirt an tAire Stáit nach é an Páipéar Bán an áit cheart le labhairt faoi phá an Airm ná faoi na scoir agus faoin gceannach amach go léir ón Arm. Seans go mbeidh lá eile againn dó sin. An bhfuil imní ar an Aire Stáit faoi mheanma Óglaigh na hÉireann? Is tábhachtach meanma fórsa ar bith, cibé acu gurb iad an Garda Síochána, an t-Arm nó an tSeirbhís Chabhlaigh atá i gceist. Tá sé tábhachtach dúinne mar chomhaltaí coiste go mbeadh a fhios againn an bhfuil an tAire Stáit sásta le meanma Óglaigh na hÉireann.

Sa mhéid is go ndéileálann an Páipéar Bán leis, an dtabharfaidh an tAire tuairisc dúinn ar an seasamh maidir le réadmhaoin an Airm? Chualathas go leor cainte faoinár gcuid dúnta móra, mar Dhún Chathail Bhrugha, agus é ráite go n-úsáidfear iad do thithíocht. Nílim a rá gur dea-rud ná drochrud é; ní hé ach gur mhaith liom go mbeadh sé ar eolas agam cad atá i ndán do réadmhaoin an Airm i mbailte tuaithe mar Lios Tuathail, áit a mbíodh hallaí slua agus réadmhaoin FCA againn. Cad atá i ndán don chineál sin réadmhaoine, dar leis an Aire Stáit?

An bhfuil sé ar intinn ag an Aire Stáit beatha nua a chur sna hÓglaigh Chúltaca? Go déanaí sa Seanad luaigh mé leis gur cheap mé gur fórsa eiseamláireach a bhí san FCA a thug oiliúint ar scileanna saoil, mothú tírghrá agus rud éigin úsáideach do go leor daoine óga in Éirinn. Tá próifíl an-íseal ag an Arm sa tír seo. Ní gá gur drochrud é sin. Níl míleatú á lorg agam. Tá próifíl an-íseal ag an Arm, go háirithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Seo rud a d'fhéadfadh an tAire Stáit féachaint air trí fhórsaí cúltaca deonacha, mar a bhíodh sa FCA, a athbheochan agus níos mó maoinithe a chur iontu.

Tá ag éirí go han-mhaith leis an Arm go dtí seo leis na cuimhneacháin chothrom céad bliana. Táimid leathbhealach tríd an gcuimhneachán ar Chogadh na Saoirse. Go luath, bogfaimid ar aghaidh chun an Cogadh Sibhialta a chomóradh. Ní raibh aingeal ar bith ar cheachtar taobh den deighilt uafásach bhrónach sin agus rinne poblachtaigh, cosúil le gach duine eile, ainghníomhartha. D'ainneoin sin rinne an Stát agus arm an tSaorstáit roinnt ainghníomhartha móra in ainm na ndaoine. Thug an tAire Cosanta ráitis sa Dáil ag an am nach mór a cheartú. An bhfuil tuairim shofaisticiúil glactha ag an Aire Stáit faoin gcaoi a ndéanfar sin a láimhseáil? Réimse an-íogair atá inti agus níl duine ar bith, mé féin ach go háirithe, ag iarraidh an bua a fháil chuige sin. Bheadh sé chomh maith don Aire Stáit plean a bheith aige le déileáil leis na saincheisteanna sin mar nach bhfuil aon amhras ach go dtiocfaidh siad chun cinn.

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Freagróidh mé don Teachta Dála Ó Snodaigh ar dtús. Tá 88 dtionscadal sa Pháipéar Bán ach tá fothionscadail ag gabháil le roinnt acu agus seachas bheith ag iarraidh an figiúr 88 a cheilt, dúirt mé 95. Tá súil agam go míníonn sé sin é.

Dúshláin d'Óglaigh na hÉireann iad earcaíocht agus coimeád ach is dúshlán é d'fhórsaí cosanta ar fud na hEorpa agus d'fhórsaí armtha ar fud an domhain. Nuair a labhraím le mo chomh-Airí san Eoraip, tá siad ag tabhairt aghaidhe ar na fadhbanna céanna. Tá maoiniú againn le haghaidh líon foirne iomlán de 9,500. Sholáthair an Rialtas sin. Beidh earcaíocht oscailte go luath. Níl an dáta beacht agam ach tarlóidh sé go luath. Bainfidh an earcaíocht sin le foireann an Chúltaca, pearsanra liostáilte agus daltaí.

Maidir leis an tseirbhís otharchairr amach ó Bhaile Átha Luain, nílim cinnte an raibh srianta ann. Tá sé go hoibriú go hiomlán agus tá ag éirí go han-mhaith léi. Ní dúirt duine ar bith liom nach raibh sé in ann eitilt. Mura raibh sé in ann eitilt, caithfidh go raibh cúis shonrach leis sin.

Nuair atá an héileacaptar á sheirbhísiú déanann sé iarracht-----

**An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh**
Anuraidh, mar shampla, bhí srian le heitiltí san oíche-----

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Is é an fáth leis sin ná nach n-eitlímid san oíche mar gheall ar an gcineál héileacaptair atá againn.

**An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh**
Uaireanta tharla sé mar nach raibh foireann ar fáil le heitilt oícheanta áirithe.

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Tá meabhrán tuisceana againn leis an FSS go gcuirfimid an tseirbhís ar fáil nuair a bhíonn sí ar fáil.

**An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh**
Ní cáineadh a bhí ann-----

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Tá a fhios agam.

**An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh**
Cuirtear ar fáil é nuair a bhíonn sé ar fáil ach mura mbíonn sé ar fáil, tugann sé sin le tuiscint go bhfuil ganntanas ann nach mór aghaidh a thabhairt air.

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Go dtí seo, bhí Óglaigh na hÉireann in ann gach iarratas an Rialtais a chomhlíonadh, sa bhaile nó thar lear. Labhair an Teachta Dála faoi oibríochtaí thar lear agus faoi chabhrú thar lear b'fhéidir áit a dtarlaíonn tubaiste. Faoi láthair, áit a bhfuilimid i mbun na síochánaíochta bíonn teagmháil againn leis na pobail.

Freisin labhair an Teacht Dála faoin atheagrú agus faoi líon na n-innealtóirí. Laghdaigh muid an líon ó thrí bhriogáid go dhá bhriogáid ach ní dhearnadh aon laghdú ar líon na n-innealtóirí. I measc na ngnéithe lárnacha den atheagrú bhí aonaid nach raibh neart foirne acu a chomhdhlúthú i líon níos lú aonad a bhfuil foireann iomlán acu agus laghdú ar líon na gceanncheathrúna agus aslonnú gaolmhar foirne ó fheidhmeanna riaracháin agus tacaíochta chuig aonaid oibriúcháin.

Maidir leis an mBreatimeacht, nuair a foilsíodh an Páipéar Bán ar Chosaint, ní raibh a leithéid de rud agus an Breatimeacht i gceist. Tá go leor athruithe tar éis tarlú ó sin. Ní thiocfaidh mé roimh an méid a tharlóidh an tseachtain seo chugainn. Tá na heagraíochtaí cosanta i mbun pleanála críonna mar fhreagra ar an mBreatimeacht. Cuimsíonn sé sin rannpháirtíocht ghníomhach i gcreat uile-Rialtais a forbraíodh mar fhreagra ar an mBreatimeacht. Is ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, mo chomhghleacaí, an Teachta Dála Flanagan, An Garda Síochána agus na Coimisinéirí Ioncaim a bhfuil an fhreagracht phríomha as slándáil inmheánach an Stáit. Leanann an Garda Síochána agus Óglaigh na hÉireann ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt lena chéile maidir le cúrsaí slándála agus bíonn comhordú rialta chomh maith le cruinnithe idirchaidrimh ar siúl eatarthu.

D'ardaigh an Teachta Dála ceist na n-iascach. Tá impleachtaí ann maidir le méadú ar mhonatóireacht, phatróil agus chigireacht ar uiscí faoi smacht na hÉireann. Braithfidh sé sin ar an toradh nuair a imeoidh an RA. Ábhar a bheidh ann don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Mar a luaigh mé tamall ó sin, tá oifigeach sinsearach ar leibhéal rúnaí chúnta sa Roinn i gceannas ar an ionchur sa phlé maidir leis an gcreat a bunaíodh ar fud an Rialtais. Freisin déanann an bord bainistíochta maoirseacht ar gach ábhar a bhaineann leis an mBreatimeacht sa Roinn.

Tá sé ríthábhachtach teorainn chrua a sheachaint ar an oileán maidir leis an dréacht-chomhaontú Breatimeachta ar tháinig an t-AE agus Rialtas an RA air. Níl sé beartaithe dún Airm nua ná bunáit nua d'Óglaigh na hÉireann a thabhairt isteach chuig réigiún mór na Teorann. Déanann Óglaigh na hÉireann athbhreithniú leanúnach ar phleananna oibriúcháin, áfach. Creidim gur leor réidhe oibriúcháin agus in-imscarthacht Óglaigh na Éireann go mbeidh siad in an freagairt go héifeachtach do cibé rud a theastaíonn ón Stát nó ón Rialtas. Ba i 2015 ar dtús a cuireadh an Páipéar Bán le chéile agus tá an cás slándála ina chuid bhunúsach den athbhreithniú ar an bPáipéar Ban. I mo ráiteas oscailte luaigh mé athbhreithniú ar chás slándála an Stáit. Má léann an Seanadóir Ned O'Sullivan an méid a dúirt mé faoi chuspóirí an Pháipéir Bháin, sin bun agus barr an scéil. Sin an fhís atá agam. Is í fís an Rialtais faoina shamhlaímid d'Óglaigh na hÉireann i gcaitheamh na deich mbliana atá romhainn. Sin an fáth, mar a luaigh mé tamall ó sin, go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaimis athbhreithniú ar an bPáipéar Bán. Tá sé sin leagtha amach go han-soiléir sa ráiteas straitéise.

Tá meanma an-tábhachtach in eagraíocht ar bith, cibé acu gur páirtí polaitiúil, Óglaigh na hÉireann, An Garda Síochána, Roinn nó an FSS atá i gceist. Tá ceannaireacht chomh tábhachtach le meanma, áfach. Is é sin ná mo cheannaireacht féin agus ceannaireacht na bainistíochta míleata agus na bainistíochta sibhialta. Tá sárfhoireann agam timpeall orm, idir foireann mhíleata agus shibhialta. Tá sé an-tábhachtach go léireoimis ceannaireacht. Ar ndóigh bíonn dúshláin againn ach bíonn dúshláin ag gach eagraíocht.

Maidir le ról na n-Óglach Cúltaca, tá sé ráta agam go leor uaireanta gur ardán tábhachtach iad don eagraíocht ina hiomlán agus go bhfuil ról fíorthábhachtach acu san eagraíocht. Tá an líon ag dul i laghad mar go mbíonn níos mó deiseanna ag daoine óga anois ná mar a bhíodh 20 nó 30 bliain ó sin. Tá an maoiniú curtha ar fáil ag an Rialtas le haghaidh laethanta traenála iomlána do na hÓglaigh Chúltaca. Níl aon easpa maoinithe dá gcuid laethanta traenála. Maoinítear go maith iad.

Le 25 bliana anuas, rinne mo Roinn raon réadmhaoine a dhiúscairt a measadh go raibh sé sa bhreis ar riachtanais mhíleata. Ó bhí 1998 ann, faoin gclár um chomhdhlúthú dúnta, tá 12 dhún as na 14 dhún a dúnadh faoin gclár seo díolta. Ba iad na dúnta sin ná Mainistir Fhear Maí, Baile na Lurgan, An Nás, Baile an Chollaigh, Dún Mhic Fhlanncha i mBaile Átha Cliath, Muineachán, Longfort, An Cabhán - dúnta nua a bhí iontu - Leitir Ceanainn, Cill Dara, Cluain Meala agus Leifear. Beidh díolachán dhún Chaisleán an Bharraigh le Comhairle Contae Mhaigh Eo déanta go luath.

D'aithin an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, LDA Dún Columb i Muileann gCearr, a dúnadh i 2012, mar réiteach inmharthana um sholáthar aonad cónaithe, agus cuirfidh sé go mór leis na 3,000 aonad a bhfuil an ghníomhaireacht chun díriú orthu sa chéad thráinse sin den soláthar. Leanann an brainse bainistíochta tionscadail ar aghaidh, agus é treoraithe agam féin, ag déanamh idirchaidrimh leis na hoifigigh ábhartha sa LDA agus tosaíocht é aistriú an láithreáin chuig an ngníomhaireacht, faoi réir téarmaí agus coinníollacha a bhfuiltear le haontú orthu fós.

Faoi láthair tá tionscadail chaipitil ar luach €37 milliún ag céimeanna éagsúla, ó dhearadh go tairiscint go tógáil. Ina measc siúd tá athsholáthar na mórshaoráide um stóráil shlán, céim 2 agus 3, in airmheán traenála Óglaigh na hÉireann, €10.2 milliún; tógáil giomnáisiam nua i ndún an tSairséalaigh i Luimneach agus i ndún Mhic Stiofáin i gCill Chainnigh, €6 milliún; athchóiriú ar bhloc taisceadán i ndún Chathail Bhrugha, Baile Átha Cliath, €3.8 milliún; oibreacha uasghrádaithe agus athchóirithe i dteach an chócaire agus sa halla bia i ndún Chostúim, Baile Átha Luain, €4.1 milliún, atá á dtógáil faoi láthair; uasghrádú ar bhloic chóiríochta i ndún an Phiarsaigh sa Churrach, €3.1 milliún; oibreacha uasghrádaithe agus athchóirithe in Aeradróm Mhic Easmuinn, Baile Dhónaill, €3.3 milliún; an t-uasghrádú ar an gcé ola agus suiteáil córais um brath agus chosc dóiteáin agus um chomhrac dóiteáin sa bhunáit chabhlaigh in Inis Sionnach, €2.4 milliún; uasghrádú ar shaoráidí cóiríochta aon agus dá bhloic i ndún Chathail Bhrugha, €2.4 milliún; agus uasghrádú ar shaoráidí cóiríochta seacht-mbloic i ndún Uí Chonghaile in airmheán traenála Óglaigh na hÉireann, €2.1 milliún.

Tá tionscadal an Pháipéir Bháin ar siúl freisin chun plean cúig-bliana a chur i bhfeidhm don chlár. Tabharfar tosaíocht don liosta oibreacha atá aitheanta mar chuid den tionscadal ar bhonn riachtanas míleata agus déanfar nuashonrú air gach bliain chun bheith mar bhonn um roghnú tionscadal caipitil faoin gclár go ceann i bhfad, agus beidh na tionscadail mar bhonn do thionscadail túis nua atá le tosú i 2020.

**<u>An Seanadóir Ned O'Sullivan</u>**
Thaitin an cheist sin leis an Aire Stáit.

**<u>An Teachta Dála Paul Kehoe</u>**
Go deimhin. Freisin is mian liom a chur in iúl go soiléir nach bhfuil sé beartaithe dún Chathail Bhrugha a dhíol.

Is ar an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Teachta Dála Madigan a bhfuil freagracht as deich mbliana na gcuimhneachán. Tar éis na hoibre a rinneadh ar chuimhneacháin 1916, ar éirigh go han-mhaith leo, tá coiste uile-pháirtí ann le haghaidh cuimhneachán. Ní mór dúinn bheith an-chúramach i gcomhthéacs na deich mbliana de chuimhneacháin. Má d'éirigh go maith le coiste uile-pháirtí le haghaidh chuimhneacháin 1916, ba cheart go n-éireodh leis freisin le haghaidh dheich mbliana na gcuimhneachán.

**<u>Brendan Smith, Cathaoirleach</u>**
Gabhaim buíochas leis an Aire Stáit. Tá vóta ar siúl sa Dáil. Déanfaidh mé díreach trácht amháin go scioptha leis an Aire Stáit. Is minic go mbíonn sé de nós ag Ranna agus gníomhaireachtaí reachtúla ná gnáthchomhairlithe a bheith acu maidir le forbairt Páipéar Uaine nó Páipéar Bán. Ní bhíonn neart measa againn ar eolas corparáideach. Ba bhreá liom a fheiceáil go mbeadh an deis bheith rannpháirteach ag daoine a d'fhéadfadh gur imigh siad ón Roinn agus ó Óglaigh na hÉireann agus iad siúd a sheirbheáil thar lear. Rud amháin nach n-aithnímid mórán ná eolas corparáideach agus a thábhachtaí is atá sé. Thagair an Teachta Dála Ó Snodaigh don ábhar sin chomh maith.

Tá cruinniú roghchoiste againn ar Mheastacháin láithreach-----

**An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh**
A Chathaoirligh-----

**Brendan Smith, Cathaoirleach**
An trácht amháin tapa é?

**An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh**
Níor pléadh le pointe a chuir mé in iúl. Nuair a léitear an Páipéar Bán, níl na 88 nó na 95 thionscadal le feiceáil go soiléir. Ní mór an cháipéis iomlán a léamh, rud atá ceart go leor, ach i gcás ball den phobal atá ag iarraidh a mheas an bhfuil ag éirí linn agus an bhfuil na tionscadail sin á gcur i gcrích againn, ba chleachtadh úsáideach é dá mbeidís ar fáil leis an bPáipéar Bán nó mar aguisín nó rud éigin amach anseo.

**Brendan Smith, Cathaoirleach**
Gabhaim buíochas leis an Teachta Dála Ó Snodaigh. An féidir liom díreach-----

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
A Chathaoirligh-----

**Brendan Smith, Cathaoirleach**
Go tapa.

**An Teachta Dála Paul Kehoe**
Is fíor don Teachta Dála. Seans go mbeimid in ann é sin a dhéanamh. Chun plé le pointe an Chathaoirligh, tá mo rúnaí cúnta ar chlé ag obair ar an bPáipéar Bán ó bhí 2000 ann agus mar sin tá nach mór 20 bliain d'eolas corparáideach sa réimse sin aige. Tá sé an-chleachtaithe i-----

**Brendan Smith, Cathaoirleach**
Níl a mhalairt á rá agam. Is minic, áfach, go bhfágtar an dea-eolas atá ann amach ón script i dtaobh gach rud, ní hamháin sa Roinn.

Gabhaim buíochas leis an Aire Stáit agus leis na comhaltaí as bheith rannpháirteach inniu. Tá an comhchoiste curtha ar atráth go dtí an Déardaoin, an 4 Aibreán 2019, nuair a bheidh cruinniú aige leis an iar-Thánaiste, an tUas. Eamon Gilmore, chun réiteach coimhlinte agus próiseas síochána na Colóime a phlé. Cuirim i gcuimhne do chomhaltaí go mbeidh cruinniú ag an roghchoiste díreach tar éis an vóta sa Dáil.

Cuireadh an comhchoiste ar atráth ag 2.55pm go dtí 10 a.m. ar an Déardaoin, an 4 Aibreán 2019.

## B Cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin – na staitisticí is deireanaí

| **Staitisticí is deireanaí** | |
|---|---|
| Líon iomlán Tionscadal | **95** |
| Líon iomlán na dTionscadal atá tosaithe faoi láthair | **42** |
| Líon iomlán na dTionscadal atá Dúnta go foirmiúil | **15** |
| Líon iomlán Tionscadal atá Stadta faoi láthair | **6** |

## C: Liosta Thionscadail an Pháipéir Bháin

| Uimh. an Tionscadail | Tionscadail de réir Caibidlí<br>Caibidil 3 | Uimh. Leathanaigh | Stádas Faoi Láthair[16] |
|---|---|---|---|
| 1 | Tá sé tábhachtach go gcoinneofar an cur chuige maidir le slándáil á mheas agus na socruithe a bhaineann le slándáil a rialú faoi athbhreithniú. Glacfar cibé bearta is gá a ghlacadh le cur leo sin ag brath ar fhorbairtí agus ar chuir chuige ar leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur san áireamh. | 24 | Tá rannpháirtíocht sheachtrach ar shiúl maidir le sainmhíniú an tionscadail |
| 2 | Déanfaidh an Roinn Cosanta cumais agus acmhainní a fhorbairt, idir shibhialta agus mhíleata, thar réimse iomlán na ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear beartas agus riarachán slándála, ionas go dtabharfar tacaíocht don chur chuige cuimsitheach i dtaca le bainistíocht géarchéime, cobhsúchán iar-choinbhleachta agus athchóiriú san Earnáil Slándála. Chuige sin, déanfaidh an Roinn comhthionscnaimh a fhorbairt in éineacht le comhpháirtithe agus le stáit eile a bhfuil an dearcadh céanna acu. | 29 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 3 | Athbhreithniú a dhéanamh ar ranníocaíocht Éireann a dearbhaíodh do Chóras Socruithe Cúltaca na Náisiún Aontaithe agus do Phríomhsprioc AE; in-imscarthacht ionchasach raon iomlán chumas Óglaigh na hÉireann le cur san áireamh lena n-áirítear cumais agus sócmhainní an Airm, an Aerchóir agus na Seirbhíse Cabhlaí i ndáil le hoibríochtaí tacaíochta síochána agus oibríochtaí bainistíochta géarchéime. | 29 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 4 | Roghanna a chur chun cinn le cur leis an gcaidreamh déthaobhach atá ann cheana trí mhalartuithe foirne, fiosrú a dhéanamh ar an rogha maidir le ceapacháin an Ataisé Chosanta chuig ballstáit thábhachtacha AE/tríú tíortha más cuí, meabhráin tuisceana dhéthaobhacha a fhorbairt chomh maith le socruithe níos rialta ina mbeidh foirne sibhialta agus míleata le chéile ann. | 29 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 5 | Plé le Tionscnamh na bhFórsaí Nasctha, leis an bPróiseas Pleanála agus Athbhreithnithe agus le OCC (Operational Capabilities Concept). | 30 | Dúnta |
| 6 | Leanfar de dheiseanna a aithint chun rannpháirtíocht Éireann a mhéadú i dtionscadail ilnáisiúnta chun cumas a fhorbairt laistigh de chreat GEC (an Ghníomhaireacht | 31 | Níor cuireadh tús leis seo fós |

[16] Bunaithe ar thoradh an Athbhreithnithe ar Chur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin (féach Caibidil 3 agus Aguisín D), déanfar roinnt athruithe ar bheartú iomlán tosaíochta agus ar ord tionscadail áirithe thíos. Chomh maith leis sin, maidir le Plean Ardleibhéil an Rialtais Tuarascáil an Choimisiúin um Pá na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm, beidh sé mar thoradh air sin go ndéanfar athbheartú tosaíochta ar thionscadail áirithe a bhaineann leis na hacmhainní daonna agus le comhshamhlú na dtionscadal sin sa chlár oibre nua.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Eorpach um Chosaint) i dtacú le hoibríochtaí, acmhainní agus cumas Óglaigh na hÉireann..... | | |
| 7 | Dul i mbun plé le páirtithe leasmhara eile, mar fhreagra ar cheisteanna tógtha ag Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, chun an t-ionchur ag beartais dírithe ar inscne sa tsíochánaíocht, go háirithe mar a bhaineann sin le himlonnú cuí pearsanra ar mná iad. | 31 | Ar siúl |
| 8 | An Institiúid nua um Thacaíocht Síochána agus Oiliúint Cheannaireachta i gCampa an Churraigh a fhorbairt sna dá bhealach seo a leanas: (1) An coincheap nua a mheas; (2) Dul chun cinn a dhéanamh ar na cuspóirí a bhaineann leis; d'fhonn an coincheap tosaigh a chur i láthair le linn 2016. | 34 | Ar siúl |
| 9 | Réimsí eile a fhiosrú ina bhféadfaí níos mó sineirge a bheith ann le ranna agus le gníomhaireachtaí a bhfuil freagracht orthu as réimse na muirí le cinntiú go mbainfear an úsáid is fearr is éifeachtúla as acmhainní an stáit. Mar chuid de seo beidh cur chuige atá bunaithe níos mó ar riosca agus bainfear úsáid as teicneolaíochtaí nua. | 40 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 10 | Iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Náisiúnta um Shlándáil Mhuirí breithniú a chur ar bun faoi shocruithe slándála muirí, socruithe rialachais san áireamh, agus é a bheith mar chuspóir go dtabharfar moltaí, más gá, chun soláthar slándála muirí a fheabhsú. | 40 | Stadta |
| 11 | Athbhreithniú a dhéanamh ar Mheasúnú Riosca Náisiúnta na hÉireann, lena n-áirítear na héigeandálaí/géarchéimeanna sin a bhféadfaí bagairt roimh an tslándáil náisiúnta nó tionchar a bheith acu ar an tslándáil. Foghrúpa ó Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála a thabharfaidh faoin athbhreithniú go déanach in 2015. | 41 | Dúnta |
| 12 | Comhaontú Seirbhíse a fhorbairt leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le tacaíocht a thabhairt don Fhoireann Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí – Éire. | 43 | Dúnta |
| 13 | Comhaontú Seirbhíse a fhorbairt le Cúnamh Éireann maidir le rannpháirtíocht a bheith ag baill Óglaigh na hÉireann sa tionscnamh um Fhoireann Chomhar Éigeandála Sibhialta. | 47 | Dúnta |
| | **Caibidil 4** | | |
| 14 | Déanfaidh an Roinn agus Scoil Eachaíochta an Airm socruithe níos foirmiúla a fhorbairt le comhlachtaí eachaíochta cuir i gcás Eachspórt Éireann, Teagasc, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, an Campas Náisiúnta Spórt agus Institiúid Spórt Éireann. Déanfar athbhreithniú ar an Scoil chun teacht i dtír ar a cuid ábaltachta buanna a chothú agus chun capaill na Éireann a chur chun tosaigh. | 51 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 15 | Forbairt a dhéanamh ar Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann, naisc fhéideartha le hinstitiúidí ábhartha oideachais san áireamh. | 51 | Níor cuireadh tús leis seo fós |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 16 | Maidir le seirbhís bhuan a bhunú, rinne an Rialtas sin a fhaomhadh i mí Iúil 2015, bunaithe ar thoradh na treoirscéime, agus i ndiaidh an tuarascáil a thug Meitheal na Seirbhíse Éigeandála Aeraileighis a mheas. Mar chuid de chinneadh an Rialtais, leanfar de mhúnla reatha na seirbhíse, agus san am céanna beidh an tseirbhís faoi réir athbhreithniú i rith an ama le cinntiú go mbeidh socrú fadtéarmach inbhuanaithe seirbhíse ann. | 52 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 17 | Déanfaidh an Roinn deiseanna a aimsiú ar féidir teagmháil chomhoibritheach a bheith ann idir Óglaigh na hÉireann agus institiúidí fiontraíochta agus taighde, coláistí tríú leibhéal san áireamh. | 53 | Stadta |
| 18 | Forbairt níos mó a dhéanamh ar an Tionscnamh Fiontar um Chosaint, agus mar chuid de sin Grúpa Fiontar Slándála agus Cosanta a bhunú le tacú le fiontair bunaithe in Éirinn agus iad ag plé leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, agus chun páirt a ghlacadh i gcláir na gníomhaireachta sin agus an clár Fís 2020, a rachaidh chun tairbhe do chumas Fiontar Éireann agus do chumas Óglaigh na hÉireann. | 54 | Stadta |
| 19 | Sa chomhthéacs ina bhfuil teagmháil fós ar siúl beidh sé riachtanach ceisteanna a bhaineann le cearta maoine intleachtúla a réiteach, chomh maith le ceisteanna a bhaineann le formhuiniú táirgí mar sin nó taighde. Beartas a fhorbairt ar chearta maoine intleachtúla agus ar fhormhuiniú. | 54 | Dúnta |
| 20 | I gcomhairle le Fiontraíocht Éireann, déanfaidh an Roinn agus Óglaigh na hÉireann breithniú ar na próisis reatha earcaíochta d'fhonn cur leis an deis atá ann Fiontair Éireann a bheith san iomaíocht do chonarthaí Cosanta. | 54 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 21 | Le linn don Roinn a cuspóir féin a bhaint amach agus i gcomhréir le riachtanais maidir le cumas, déanfaidh an Roinn gréasáin nuálaíochta a spreagadh mar is cuí, ina bhféadfaí gníomhaithe stáit, institiúidí ardoideachais, ionaid taighde agus cuideachtaí forásacha fiontraíochta a bheith curtha san áireamh. | 55 | Stadta (cumaiscthe le 17) |
| 22 | Scéim tacaíochta fostaíochta nua a fhorbairt lena mbeidh baint dhíreach ag Óglaigh na hÉireann. | 55 | Dúnta |
| 23 | Déanfaidh an Roinn machnamh domhain i dtaca le réitigh fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt do thailte cosanta agus ar shuiteálacha cosanta. | 56 | Dúnta |
| 24 | Déanfaidh an Roinn Bille nua a thionscnamh a dhéanfaidh reachtaíocht reatha na Croise Deirge a aisghairm, agus coinníollacha áirithe a bheith ann. | 56 | Stadta |
| | **Caibidil 6** | | |
| 25 | Faisnéis ó na réimsí talún, aeir agus muirí a chur le chéile i gComhphictiúr Oibríochtúil amháin. | 62 | Ar siúl |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 26 | Tabharfaidh an tArd-Rúnaí agus an Ceann Foirne le chéile faoi athbhreithniú ar na struchtúir reatha ardleibhéil le haghaidh ceannais agus comhordaithe in Óglaigh na hÉireann, ag féachaint don dea-chleachtas idirnáisiúnta le haghaidh ceannais agus comhordaithe agus úsáid á baint as saineolas seachtrach. Mar chuid de sin beidh athbhreithniú ar na struchtúir a bhaineann le hoibríochtaí comhpháirteacha agus faisnéis chomhpháirteach a bhainistiú. | 63 | Ar siúl |
| 27 | Ó dhearcadh náisiúnta agus ag féachaint ar an ngá bagairtí ar shlándáil phearsanra a laghdú, déanfaidh an Roinn Cosanta breithniú ar an rogha maidir le cumas mear-imscartha a choinneáil, le tacú le buíonta thar lear nó iad a neartú más gá de réir an cháis. | 65 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 28 | Glacfar céimeanna chun cumais Sciathán Fiannóglaigh an Airm a threisiú, go háirithe maidir leis an aidhm neart an Aonaid a threisiú cuid mhór. | 65 | Ar siúl |
| 29[17] | Na nithe mar chuid de phlean níos leithne chun cumas a fhorbairt. | 66 | ---- |
| 29A | An cur chuige is éifeachtaí ó thaobh costais de a chur ar bun chun cumais Iompróirí Armúrtha Pearsanra a chaomhnú | 66 | Ar siúl |
| 29B | Maidir leis na cúig Cessna atá ann faoi láthair, cinn nua a chur ina n-ionad sin, ina mbeadh trí aerárthach níos mó feistithe mar is cuí le haghaidh tascanna a bhaineann le Faisnéis, Faireachas, Fáil Targaidí agus Taiscéalaíocht. | 66 | Ar siúl |
| 29C | Cinn nua a chur in ionad aon CASA 235 reatha atá ann, agus go ndéanfaí machnamh maidir lenar chóir aerárthaí níos mó níos cumasaí a úsáid. | 66 | Ar siúl |
| 29D | Líon beag d'Fheithiclí Armúrtha Lóistíochta a fháil do mhisin Thar Lear | 66 | Dúnta |
| 29E | Árthach Ilróil a chur in ionad LÉ Eithne a bheidh cumasaithe le haghaidh oibríochtaí héileacaptair, agus a mbeidh cumas iompair lasta ann. | 66 | Ar siúl |
| 29F | Maidir leis an dá Árthach Patróil amach ón gCósta atá ann cheana, LÉ Ciara agus LÉ Orla, árthaí ar an nós sin a chur ina n-ionad sin a mbeidh cumais um fhrithbhearta mianach agus cumais um bearta in aghaidh Feistí Pléascacha Seiftithe acu. | 66 | Stadta |
| 29G | Más amhlaidh go mbeidh cistiú breise ar fáil, níos mó ná an méid a bheadh ag teastáil chun na cumais reatha a chaomhnú, déanfar measúnú maidir lena dtiocfadh na nithe seo a leanas a fhorbairt: cumas i ndáil le radar príomhúil faireachais, longa breise a fháil don tSeirbhís Chabhlaigh chomh maith le hiompróirí armúrtha pearsanra breise agus leaganacha eile, Feithiclí Armúrtha Oirbheartaíochta Éadrom | 66 | Níor cuireadh tús leis seo fós |

[17] Ní tionscadal é féin atá anseo ach is é an teideal uileghabhálach do na seacht dtionscadal um chumais, 29A go G.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | agus cumais bhreise aerchosanta don Arm i gcomhréir leis an bPlean Forbartha Cumais. | | |
| 30 | Measúnú a dhéanamh faoinar féidir cumas aerchomhraic nó tascradh aeir níos cumasaí a fhorbairt mar chuid d'uasdátú an Pháipéir Bháin. | 68 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 31 | Déanfaidh an Roinn Plean Forbartha Cumais a fhorbairt, lena bhforbrófar an obair a cuireadh chun críche mar chuid de phróiseas an Pháipéir Bháin. | 68 | Ar siúl |
| 32 | An ceanglas a chomhlíonadh athchóiriú mór tógála a dhéanamh i láithreacha lena n-áirítear Inis Sionnach, Aeradróm Mhic Easmainn, Dún Mhic Aoidh agus Campa an Churraigh. | 69 | Ar siúl (cumaiscthe le 33) |
| 33 | Plean Forbartha Bonneagair cúig bliana comhordaithe a fhorbairt a léiríonn, faoi mar is gá de réir tosaíochtaí, cur chuige do riachtanais uile a bhaineann le bonneagar a fhorbairt i rith shaolré an Pháipéir Bháin. An chéad chéim den phlean ná na príomh-Dhúin agus áiseanna a mheas. | 70 | Ar siúl |
| 34 | Athbhreithniú a dhéanamh ar réimse reatha na dtailte oiliúna agus an bonneagar a bheadh ag teastáil chun iad a fhorbairt d'fhonn na caighdeáin a theastaíonn ó Óglaigh na hÉireann a bhaint amach. | 71 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 35 | Tabhairt faoi athbhreithniú ar an gcreat reachtaíochta le cinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. | 71 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| | **Caibidil 7** | | |
| 36 | Creat inniúlachtaí Óglaigh na hÉireann a chur ar bun, atá á fhorbairt faoi láthair, do na nithe seo a leanas: earcaíocht, forbairt, bainistíocht feidhmíochta agus arduithe céime. | 73 | Ar siúl |
| 37 | Córas ardaithe céime bunaithe ar thuillteanas do gach céim a dhearadh, a fhorbairt agus a chur ar bun. | 73 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 38 | Tabhairt faoi athbhreithniú sa mheántéarma ar róil agus feidhmeanna sibhialta agus míleata chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an meascán is fearr pearsanra míleata, sibhialta agus ón státseirbhís le bheith ann le dul i ngleic le róil feidhmíochta agus tacaíochta san Eagraíocht Chosanta. | 74 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 39 | Anailís ar bhearnaí a dhéanamh ar thacair sainscileanna laistigh den Bhuanfhórsa Cosanta chun líon na mbearnaí a aimsiú agus le céimeanna cuí a shocrú le dul i ngleic leo. | 74 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 40 | Tabhairt faoi athbhreithniú sa mheántéarma ar pholasaithe Acmhainní Daonna a bhaineann le hearcaíocht, oiliúint agus oideachas, bainistíocht feidhmíochta, córais luaíochta agus polasaithe coinneála agus scoir, chomh maith le próifíl chuí aoise do phearsanra ar fud Óglaigh na hÉireann go léir. | 75 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 40A | Athbhreithniú a dhéanamh ar chonarthaí seirbhíse do gach céim de phearsanra liostáilte Óglaigh na hÉireann d'fhonn na riachtanais ó thaobh cumais de agus an phróifíl chuí aoise a bhaineann leo a thuiscint. | 75 | Níor cuireadh tús leis seo fós |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 41 | Déanfaidh Óglaigh na hÉireann riachtanais phleanála oibre sa mheántéarma a athbhreithniú agus a fhorbairt ar bhonn reatha d'fhonn meascán éifeachtach éifeachtúil oibrithe a sholáthar. Déanfar polasaithe reatha pearsanra le tacú leis sin a fhorbairt a thuilleadh agus a chur i bhfeidhm. | 75 | Dúnta |
| 42 | Déanfaidh Óglaigh na hÉireann daoine a chur ar an eolas agus earcaigh a mhealladh ó gach cúlra ionas go mbeidh Óglaigh na hÉireann, idir Bhuan agus Chúltaca, mar léiriú ar an sochaí a ndéanann siad freastal air. Déanfaidh Óglaigh na hÉireann an tionchar atá ag tionscnaimh reatha a mheas sa mheántéarma. | 75 | Dúnta |
| 43 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chreidiúnú seachtrach le cinntiú go mbainfear amach cothromaíocht chuí maidir le scileanna riachtanacha agus cumas riachtanach, chomh maith le cuspóirí coinneála agus scoir/imeachta. | 76 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 44 | Déanfaidh Óglaigh na hÉireann athbhreithniú ar na córais atá ann don bhainistíocht feidhmíochta agus don breithmheas bliantúil, le cinntiú go dtacaíonn siad go huile le riachtanais Óglaigh na hÉireann ó thaobh cumais de agus le cinntiú go bhfuil siad i gcomhréir le Creat nua Comhtháite na gCumas. (Nasctha le hUimh. 36) | 77 | Ar siúl (cumaiscthe le 36) |
| 45 | Scéim d'oifigigh choimisiúnaithe ó chéimeanna pearsanra liostáilte a fhorbairt agus a ionchorprú. | 77 | Dúnta |
| 46 | Plé a dhéanamh ar scéim a chuirfeadh ar a gcumas do phearsanra athruithe poist a dhéanamh go déanach in Óglaigh na hÉireann sna trí sheirbhís ar fad. | 77 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 47 | Pleanáil comharbais agus próisis níos réidhe a fhorbairt chun poist thábhachtacha a líonadh. | 77 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 48 | Baic a aithint agus a mheas chun réimse líon na n-iarrthóirí a uasmhéadú i gcomhréir le seirbhís agus feidhmíocht. | 78 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 49 | Tabharfaidh an Roinn faoi athbhreithniú ar na struchtúir iomlána tuarastail agus liúntais, agus é mar aidhm go ndéanfaí córas íocaíochta Óglaigh na hÉireann a shimpliú agus a chaighdeánú. | 78 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 50 | Clár athbhreithnithe a dhéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha atá i bhfeidhm sna seirbhísí, sna céimeanna agus san fhoireann theicniúil d'fhonn caighdeánú níos leithne a chur i gcrích sa chóras ina iomláine. | 78 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 51 | Réimsí de chórais, nósanna imeachta agus oiliúint sceidealaithe a chur ar bun le cinntiú go mbeidh baill den Bhuanfhórsa Cosanta ullamh don aistriú chuig saol sibhialtach i ndiaidh na seirbhíse míleata. | 78 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 52 | Ardán no tairseach do shlite beatha a fhorbairt do phearsanra atá ag imeacht chun nasc díreach le fostóirí a thabhairt dóibh le cuidiú leo an t-aistriú a dhéanamh slí bheatha a bheith acu sa saol sibhialtach. | 78 | Níor cuireadh tús leis seo fós |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 53 | Déanfaidh Acmhainní Daonna Óglaigh na hÉireann portfóilió slí bheatha a chur le chéile do bhaill den Bhuanfhórsa Cosanta ar spéis leo a leithéid. Liostófar a chuid cáilíochtaí míleata chomh maith le leibhéal na cáilíochta ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nuair is cuí. | 78 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 54 | Tabharfaidh brainse Acmhainní Daonna na Roinne tacaíocht maidir le CV a ullmhú d'fhostaithe sibhialta atá ag dul ar scor. | 78 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 55 | Tionscnaimh bhreise a fhorbairt chun níos mó ban a spreagadh iarratas a chur isteach chuig Óglaigh na hÉireann agus le rannpháirtíocht na mban a mhéadú i ngach céim. | 79 | Dúnta |
| 56 | Suirbhé a dhéanamh chun aon bhaic atá ann a aimsiú a sheasann roimh mhná a thabhairt chun cinn sa Bhuanfhórsa Cosanta. | 79 | Ar siúl |
| 57 | Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht in Óglaigh na hÉireann a fhorbairt agus a bhainistiú go gníomhach, ina bhforbrófar polasaithe atá ann cheana a bhaineann le heitneacht, inscne, gnéaschlaonadh agus comhionannas. | 79 | Dúnta |
| 58 | Déanfar athbhreithniú ar riachtanais oibríochta, postú thar lear, cúrsaí oiliúna, cúrsaí slite beatha agus ar dheiseanna forbartha a bheith ar fáil, le cinntiú nach ndéanann ceann ar bith díobh leatrom bunaithe ar inscne nó ar fhreagracht teaghlaigh, agus san am céanna caighdeán an chúrsa agus an riachtanais oiliúna a chaomhnú. | 79 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 59 | Forbairt bhreise a dhéanamh ar na tacaíochtaí arna gcur ar fáil do phearsanra ag imeacht agus d'iarbhaill. | 85 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 60 | Cuirfidh an Roinn tús le hathbhreithniú ar chumas eagraíochta laistigh de na dá mhí dhéag le teacht. | 87 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 61 | Déanfaidh an Roinn deiseanna a fhiosrú d'oiliúint chomhpháirteach le pearsanra Óglaigh na hÉireann i bhfianaise "Cur Chuige Cuimsitheach" a bheith ann. | 88 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 62 | Maidir le folúntais d'Fhostaithe Sibhialtacha, cuirfidh an Roinn tús, ar bhonn gearrthéarmach, le clár earcaíochta dírithe chun dul i ngleic le folúntais tosaíochta. Ar bhonn meántéarmach, déanfaidh an Roinn na réimsí is mó gá a aithint. | 89 | Dúnta |
| 63 | Déanfaidh an Roinn grúpa pleanála a bhunú ina mbeidh ionadaithe ó na hAcmhainní Daonna Sibhialta agus ó na húdaráis mhíleata chun anailís ar bhearnaí a dhéanamh chun soláthar agus éileamh a aithint agus chun riachtanais bhunúsacha a aimsiú. Déanfaidh an grúpa an tsamhail seachadta seirbhíse reatha a bhreithniú agus déanfar moltaí maidir le creat seachadta seirbhíse. | 89 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 64 | Déanfaidh an Roinn breithniú ar an gcur chuige reatha nuair a dtógtar gortú tromchúiseach agus beidh sé mar chuspóir ag an Roinn córas a chruthú nach mbeidh chomh naimhdeach céanna. | 92 | Níor cuireadh tús leis seo fós |

| Caibidil 8 | | | |
|---|---|---|---|
| 65 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha do bhallraíocht Chúltaca na Chéad Líne agus breithniú a dhéanamh ar an gcás maidir leis an aisce faoi láthair. | 97 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 66 | Na hathruithe rialála is gá a dhéanamh chomh maith le critéir seirbhíse Chúltaca na Chéad Líne a fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir. | 97 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 67 | Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar fhorálacha na nAchtanna um chosaint agus moltaí a chur chun tosaigh ar féidir gá a bheith leo mar léiriú ar na heachtraí géarchéime a dtiocfadh a bheith ann nuair is féidir go mbeadh sé oiriúnach baill an Chúltaca a fheidhmiú. | 98 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 68 | Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaí a bhunú, méadaithe go 300. | 99 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 69 | Déanfar breithniú féachaint an ndéanfar Fo-Aonaid Cúltaca a fheidhmiú chun tréimhsí gearra oiliúna a dhéanamh le hAonaid an Bhuanfhórsa Cosanta nó le haghaidh tascanna eile tacaíochta. | 99 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 70 | Painéal ar a mbeidh baill an Chúltaca atá cáilithe go gairmiúil, agus ar a dtabharfar an Cúltaca Speisialtóirí. | 100 | Stadta |
| 71 | Suirbhé ar scileanna a dhéanamh chun daoine a bhfuil cáilíochtaí cuí gairmiúla acu a aimsiú i gCúltaca na Chéad Líne, Cúltaca an Airm agus Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaí agus le fáil amach chomh minic is a bheadh siad ar fáil, ar bhonn féideartha. | 100 | Stadta (cumaiscthe le 70) |
| 72 | Déanfaidh an Roinn na roghanna atá ar fáil a aithint chun rannpháirtíocht na mBall den Chúltaca Speisialtóirí a bhunú, baill a bhfuil cúrsaí pearsanta acu a fhágfadh go mbeidís in ann tabhairt faoi thascanna ar gá leo, ar mhisin thar lear san áireamh. | 100 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 73 | Na deiseanna a bheadh ann do bhaill den Chúltaca a bhfuil sainscileanna acu cúnamh a thabhairt don Bhuanfhórsa Cosanta ar bhonn deonach gan phá a chur chun cinn, i gcomhairle le Cumainn na nIonadaithe. | 100 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 74 | Cuirfidh an tArd-Rúnaí moltaí chun tosaigh, in éineacht leis an gCeann Foirne, chun scéim a chur a bun a chuireann ar a gcumas ag líon beag ball ó na hÓglaigh Cúltaca tabhairt faoi dhualgais oibríochta sa bhaile agus thar lear. | 100 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 75 | An téarma “gníomhach” a chur in ionad an téarma “éifeachtach”. | 100 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 76 | Déanfar breithniú féachaint an ndéanfar bunachar sonraí a bhunadh ina mbeidh sonraí iarbhall ó Chúltaca an Airm, Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaí, Cúltaca na Chéad Líne agus ón mBuanfhórsa Cosanta, féachaint ar féidir glao orthu liostáil go deonach i gcás géarchéime. Dhéanfaí iad a liostú ina “Cúltaca Neamhghníomhach”. | 100 | Níor cuireadh tús leis seo fós |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 77 | Déanfaidh an Roinn an t-athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm thorthaí Athbhreithniú 2012 ar na hÓglaigh Cúltaca a ionchorprú sa phróiseas athbhreithnithe ar fad. | 101 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| **Caibidil 9** | | | |
| 78 | Reachtaíocht nua a bhaineann le Cosaint Shibhialta a chur chun cinn d'fhonn píosa níos nua-aimseartha reachtaíochta rialála a chur ar fáil. | 104 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 79 | Beidh an príomhról ag an Roinn (Brainse na Cosanta Sibhialta) san fhoireann nua de chuid an Rialtais, Foireann Idirghníomhaireachta um Threoir, atáthar á bunú d'fhonn teagmháil a fheabhsú faoin mBainistíocht Móréigeandála. | 104 | Dúnta |
| 80 | Deiseanna a fhiosrú le haghaidh comhaontuithe seirbhíse eile don Chosaint Shibhialta. | 105 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| **Caibidil 10** | | | |
| 81 | Déanfaidh an tArd-Rúnaí agus an Ceann Foirne plean a fhorbairt a mbeidh sé d'aidhm ann an leas is mó a bhaint as sineirgí sibhialta-míleata agus ina ndéanfar samhlacha eile a mheas ar féidir a bheith ag obair go dlúth idir brainsí éagsúla na Roinne, idir shibhialta agus mhíleata. (cill lárnach earcaíochta le meas san áireamh) | 110 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 82 | Déanfaidh an tArd-Rúnaí, in éineacht leis an gCeann Foirne, athbhreithniú sonrach gearrthéarmach a ullmhú chun an méadú cumais atá ag teastáil ó thaobh cúrsaí earcaíochta ar bhonn idirnáisiúnta de. | 110 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 83 | Cuirfidh an Roinn agus Óglaigh na hÉireann tionscnaimh bhreise oiliúna chomhpháirteacha shibhialta-mhíleata ar bun, ina bhforbrófar an cúrsa nua ionduchtaithe. | 110 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 84 | Déanfaidh an Roinn a chinntiú go soláthrófar an chomhpháirt chosanta de na Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais go sásúil. | 111 | Ar siúl |
| 85 | An leagan amach a bheidh ag an Roinn a mheas, na nithe seo a leanas á gcur san áireamh: an t-athbhreithniú atá le teacht maidir le cumas eagraíochta sna brainsí den státseirbhís, agus an toradh agus am ag forbairtí breise sna seirbhísí comhroinnte. | 112 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 86 | Tá sé beartaithe ag an Rialtas timthriall tráthrialta nua d'athbhreithniú cosanta a chur ar bun; beidh uasdátú an Pháipéir Bháin ann gach trí bliana agus athbhreithniú straitéiseach um chosaint ann gach 6 bliana. Déanfaidh an Rialtas breithniú féachaint an gcuirfear an próiseas athbhreithnithe nua ar bhonn reachtaíochta, bíodh is gur tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin leis na páirtithe go léir d'fhonn na moltaí don athbhreithniú um chosaint a bheith ar bhonn na comhthola. | 114 | Ar siúl |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 87 | Cuir chuige earcaíochta eile a fhorbairt a bhfuil níos mó den chomhoibriú iontu nó a bhfuil earcaíocht chomhpháirteach mar chuid díobh. Beidh teagmháil le tíortha eile chun seo a bhaint amach, nó leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, agus rachfar i mbun ceannach díreach ar bhonn Rialtas le Rialtas. | 116 | Níor cuireadh tús leis seo fós |
| 88 | Tá an Rialtas chun staidéar a chur ar bun a bhainfidh go sonrach le cistiú cosanta, agus a gheobhaidh amach i slí nua na costais fhadtéarmacha atá tuartha chun dul i ngleic le riachtanais na hÉireann um chosaint. Úsáidfear téarma pleanála deich mbliana a bheidh nasctha leis an gcreat beartaithe nua athbhreithnithe timthrialla tráthrialta. Ní mór do chur chuige cuimsitheach, bainteach leis an gcreat nua athbhreithnithe cosanta, léargas iomlán a chur ar fáil don Rialtas de na roghanna agus na himpleachtaí ó thaobh acmhainní de. | 117 | Ar siúl |

## D Tuarascáil an athbhreithnithe ar chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin[18]

**Athbhreithniú ar thionscadail Chaibidil 3: Slándáil Náisiúnta - Freagairt an Bheartais Chosanta**

Tráinse 1/Tionscadail Ghníomhacha

Rinneadh athbhreithniú ar thrí thionscadal faoin gcatagóir seo agus d'aontaigh na hurraithe nárbh gá tionscadal uimhir 7, 8 ná 10 a phlé níos mó ag Céim 2. Maidir le tionscadal 7 go sonrach, thug na hurraithe faoi deara go bhfuil an tionscadal seo nach mór dúnta.

Tionscadail Stadtha

Rinneadh athbhreithniú ar thionscadal ábhartha amháin, uimhir 13 faoin gcatagóir sin agus d'aontaigh na hurraithe, ós rud é go raibh Plean Tionscadail tugtha chun críche i mí Lúnasa 2018, nárbh ghá an tionscadal seo a phlé a thuilleadh ag Céim 2. Ina dhiaidh sin, críochnaíodh an obair agus tá an tionscadal sin dúnta go foirmiúil anois.

Tionscadail Thráinse 2

Rinneadh athbhreithniú ar thionscadal amháin, uimhir 3, faoin gcatagóir sin agus d'aontaigh na hurraithe, i bhfianaise forbairtí, lena n-áirítear an fhíric go ndeachaigh an Córas Réidhe um Chumas Síochánaíochta in ionad Chóras Socruithe Fuireachais na Náisiún Aontaithe (United Nations Standby Arrangements System/UNSAS), ba cheart an tionscadal sin a chur siar ar feadh 12 mhí agus, dá bharr sin, nach raibh gá le cruinniú Chéim 2.

Tionscadail Dúnta

Bhí trí thionscadal le hathbhreithniú faoin gcatagóir seo agus d'aontaigh na hurraithe nach raibh gá le cruinniú Chéim 2 i dtaobh thionscadail uimhir 5, 11 ná 12.

Tionscadail Chumaiscthe

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

[18] Rinneadh an t-athbhreithniú seo ar chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin, mar atá curtha i láthair san Aguisín seo, thar roinnt míonna agus, dá bharr sin, léiríonn sé stádas gach tionscadail ag an am. Tá "Stádas Reatha" gach tionscadail léirithe in Aguisín C.

Tionscadail nach bhfuil tosaithe fós

Rinneadh athbhreithniú ar cheithre thionscadal faoin gcatagóir seo agus d'aontaigh na hurraithe nárbh gá tionscadal 2 ná 4 a phlé níos mó ag Céim 2 mar go bhfuil obair ar siúl sna réimsí sin cheana ar aon chaoi. D'aontaigh na hurraithe freisin nach raibh gá le cruinniú Chéim 2 le haghaidh thionscadal 6 ná 9 ach, maidir le huimhir a 6, d'aontaigh siad nárbh ceart smaoineamh faoi thosú ach i bhfianaise an toraidh ar thionscadal uimhir 31 (féach Athbhreithniú ar Thionscadail Chaibidil 6), agus i bhfianaise Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil a AE ar Chosaint (ACBC) agus Buanchomhar Struchtúrach (Permanent Structured Co-operation/PESCO).

**Athbhreithniú ar thionscadail Chaibidil 4: Ceanglais Bheartais Eile**

Tráinse 1/Tionscadail Ghníomhacha

Rinneadh athbhreithniú ar dhá thionscadal faoin gcatagóir sin. D'aontaigh na hurraithe nárbh gá tionscadal uimhir 19 a bhreithniú níos mó ag Céim 2 ach thug siad faoi deara go raibh tionscadal uimhir 17 agus 18 ar feitheamh dhúnadh uimhir 19 sular féidir tosú orthu arís (tá an dá cheann stadta). D'aontaigh na hurraithe freisin ar an mbonn ar ar féidir le tionscadal uimhir 19 dul ar aghaidh go dúnadh *vis*. go dtabharfaí aghaidh sa Tuarascáil Dúnta ar cheist na ndreasachtaí le haghaidh nuála. Go gairid ina dhiaidh sin, dúnadh an tionscadal sin go foirmiúil.

Ar an gcaoi chéanna, thug na hurraithe faoi deara go raibh tionscadal uimhir 23 nach mór críochnaithe agus, dá bharr sin, d'aontaigh siad nárbh gá an tionscadal sin a bhreithniú níos mó ag Céim 2. Ina dhiaidh sin, críochnaíodh an obair agus tá an tionscadal sin dúnta go foirmiúil anois.

Tionscadail Stadtha

Rinneadh athbhreithniú ar thrí thionscadal, uimhir 17, 18 agus 24, faoin gcatagóir sin. D'aontaigh na hurraithe nárbh gá na tionscadail sin a phlé ag Céim 2 ach d'aontaigh siad gur cheart an seicheamh seo a leanas a chur i bhfeidhm: Is gá tionscadal uimhir 19 (tionscadal Gníomhach faoi láthair – féach thuas) a chríochnú ar dtús agus, tar éis sin, is féidir tosú arís ar

uimhir 18 le hathbhreithniú ar an bplean tionscadail agus, ag an gcéim sin, ba cheart smaoineamh faoi chumasc le huimhir 17. Mura bhfuiltear chun uimhir 17 (atá cumaiscthe cheana le huimhir 21) a chumasc le huimhir 18, áfach, go cheart go bhfanfadh sé ina stad, ar feitheamh uimhir 18 a bheith críochnaithe.

Shonraigh na hurraithe freisin go bhfuil tionscadal uimhir 24 stadta faoi láthair i bhfianaise an ghá le roghanna a mheas ag eascairt ó chomhairle dlí a fuarthas.

Tionscadail Thráinse 2

Rinneadh athbhreithniú ar dhá thionscadal faoin gcatagóir seo agus d’aontaigh na hurraithe nárbh gá na tionscadail uimhir 15 ná 16 a phlé níos mó ag Céim 2. Thug na hurraithe faoi deara go raibh obair tionscadail ar uimhir 15 tosaithe le déanaí agus go bhfuiltear chun tosú ar obair ar uimhir 16 go luath.

Tionscadail Dúnta

Rinneadh athbhreithniú ar thionscadal amháin, uimhir 22 faoin gcatagóir sin. D’aontaigh na hurraithe gur cheart an tionscadal sin a phlé níos mó ag Céim 2 leis an mbeirt cheannairí tionscadail. Ag an gcruinniú Chéim 2 ina dhiaidh sin, pléadh toradh an athbhreithnithe dheireanaigh ar an Scéim Tacaíochta don Fhostaíocht agus anois tá sé chun leanúint ar aghaidh ar bhonn aon leagain amháin gach bliain. Cuireadh i bhfeidhm go rathúil an Scéim a d’eascair ón tionscadal sin, rinneadh í a chórasú agus tá sé idir lámha agus, dá bharr sin, aontaíodh nach raibh gá le cruinniú Chéim 3.

Tionscadail Chumaiscthe

Thug na hurraithe faoi deara go ndearnadh tionscadail uimhir 17 agus 21 a chumasc agus d’aontaigh siad ar an seicheamh beartaithe atá leagtha amach thuas (faoi thionscadail stada i dtaobh uimhir 17).

Tionscadail nach bhfuil tosaithe fós

Rinneadh athbhreithniú ar dhá thionscadal faoin gcatagóir seo agus d’aontaigh na hurraithe nárbh gá na tionscadail uimhir 14 ná 20 a phlé níos mó ag Céim 2. Maidir le huimhir 14, cé nár tosaíodh fós é, tugadh faoi deara go leantar ar aghaidh le hobair chuige sin sa chúlra agus,

ar an gcaoi chéanna, maidir le huimhir 20, go gciallaíonn bearta a ghlac an Oifig um Sholáthar Rialtais go bhfuil sé níos éasca do chuideachtaí dul san iomaíocht le haghaidh conarthaí cosanta.

**Athbhreithniú ar thionscadail Chaibidil 6: Riachtanais Chumais**

Tráinse 1/Tionscadail Ghníomhacha

Rinneadh athbhreithniú ar sheacht dtionscadal faoin gcatagóir sin. Ghlac an tArd-Rúnaí agus an Ceann Foirne ról an urraí i dteannta a chéile maidir le tionscadal uimhir 26. Cé gur aontaigh siad nach raibh gá le cruinniú Chéim 2, leag siad béim freisin ar an bpointe go bhfuil an tionscadal sin fíorthábhachtach, agus go mbeidh gá leis na himpleachtaí do thionscadail eile agus d'fhorbairtí beartais mar chur i bhfeidhm Thuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, a mheas in am is i dtráth.

Maidir leis na sé thionscadal eile, d'aontaigh na hurraithe ábhartha tionscadail, mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo nárbh gá tionscadail 28, 29A, 29B, 29D, 31 ná 33 a bhreithniú ag Céim 2. Maidir le huimhir 28 thug na hurraithe faoi deara go raibh dréacht-thuarascáil le bheith curtha isteach agus go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh leis na tionscadail chaipitil uimhir 29A, 29B agus 29D agus, dá bharr sin, nárbh gá é a bhreithniú a thuilleadh. Ina dhiaidh sin, críochnaíodh an obair ar thionscadal uimhir 29D agus tá an tionscadal sin dúnta go foirmiúil anois.

Maidir le tionscadal uimhir 31, thug na hurraithe faoi deara go bhfuil obair an fhoireann tionscadail chuige sin faoi lán seoil ach gur léir go bhfuil níos mó ama ag teastáil chun é sin a chríochnú. D'aithin na hurraithe é sin mar thionscadal lárnach ar gá tosaíocht a thabhairt dó, d'ainneoin an ghá le síneadh ama. Nuair a bheidh sé críochnaithe, cuirfidh toradh an tionscadail sin creat ar fáil do roinnt tionscadal lárnach eile.

Idir an dá linn, thug na hurraithe faoi deara go raibh dul chun cinn á dhéanamh le hobair ar thionscadal gaolmhar, uimhir 33, agus go ndearnadh é sin a chumasc le huimhir 32 roimhe sin (atá nasctha le huimhir 34). Cé gur aithníodh cruinniú ag na ceannairí tionscadail mar riachtanas chun dul ar aghaidh le tionscadal uimhir 33, d'aontaigh na hurraithe go bhfuil na

saincheisteanna laistigh de chreat an phlean tionscadail, agus dá bharr sin nach raibh gá le cruinniú Chéim 2. Thug na hurraithe faoi deara an dul chun cinn atá déanta go dtí seo i dtreo plean cúig-bliana a fhorbairt, lena n-áirítear measúnú ar riachtanais gach bunáite míleata sa todhchaí i gcomhthéacs gníomhaíochtaí oibriúcháin tuartha.

Tionscadail Stadtha

Rinneadh athbhreithniú ar thionscadal amháin faoin gcatagóir sin. D'aontaigh na hurraithe gur cheart go bhfanfadh tionscadal uimhir 29F ina stad, ar feitheamh cinntí eile a d'fhéadfadh socrú cén chaoi a rachaidh sé ar aghaidh agus, dá bharr sin, nárbh gá é a bhreithniú níos mó ag Céim 2.

Tionscadail Thráinse 2

Rinneadh trí thionscadal a athbhreithniú faoin gcatagóir sin agus d'aontaigh na hurraithe, mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo nárbh gá tionscadail 25, 29C ná 29E a bhreithniú ag Céim 2. Go sonrach maidir le huimhir 25, thug na hurraithe faoi deara, cé nár tosaíodh an tionscadal fós, go bhfuil obair ar siúl ar Chomhíomhá Oibriúcháin, d'ainneoin sin, agus go bhfuil sí nach mór críochnaithe. Tugadh dul chun cinn maith faoi deara maidir le tionscadal caipitil uimhir 29C agus tá obair ar siúl ar thionscadal uimhir 29E.

Tionscadail Dúnta

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail Chumaiscthe

Rinneadh athbhreithniú ar thionscadal amháin faoin gcatagóir sin. Mar a luadh thuas faoi Thráinse 1/Tionscadail Ghníomhacha, rinneadh tionscadal uimhir 32 a chumasc roimhe sin le huimhir 33 agus tá sé gníomhach faoi láthair mar chuid den tionscadal sin. Dá bharr sin, d'aontaigh na hurraithe nárbh gá an tionscadal a thuilleadh ag Céim 2.

Tionscadail nach bhfuil tosaithe fós

Rinneadh cúig thionscadal a athbhreithniú faoin gcatagóir sin agus d'aontaigh na hurraithe nárbh gá tionscadal uimhir 27, 29G, 30, 34 ná 35 a bhreithniú ag Céim 2. D'aontaigh siad, áfach, gur cheart smaoineamh faoi uimhir 27 a thosú go luath agus gurbh ceart an riachtanas

iarbhír a scrúdú mar cheann de na torthaí tosaigh. Maidir le huimhir 29G, sonraíodh cé gur maoiníodh feithiclí armúrtha breise, nach ndéantar soláthar do na tosaíochtaí sin arna stiúradh ag an tseirbhís sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018 go 2027, ina sholáthraítear maoiniú caipitil de €541m le haghaidh Cosanta i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2022. Aithníodh tabhairt chun críche an Phlean um Forbairt Cumas agus an Phlean um Forbairt Trealaimh mar riachtanach chun féachaint cén chaoi a bhféadfadh go rachadh ceann ar bith acu siúd ar aghaidh, i gcás go gcuirfí maoiniú breise ar fáil. Sa bhreis air sin, d'aontaigh na hurraithe nach féidir tionscadal uimhir 30 a mheas le tosú ach amháin má tá an ghné um forbairt radair d'uimhir 29G curtha ar aghaidh agus go dtí sin.

Thug na hurraithe faoi deara, mar atá luaite thuas faoi Thráinse 1/Tionscadail Ghníomhacha, go bhfuil tionscadal uimhir 34 nasctha le tionscadal uimhir 32 a rinneadh a chumasc roimhe sin le huimhir 33 - a bhfuiltear ag súil leis go ndúnfar go luath é. Thug siad faoi deara freisin go mbeidh cleachtadh mór chun scóip a mheas ag teastáil le haghaidh uimhir 35 agus gur fiontar mór a bheidh ansin ann féin. D'aontaigh na hurraithe, áfach, nach raibh aon ghá práinneach le tosú an tionscadail sin a mheas mar go bhfuil saincheisteanna dá dteastaíonn athrú ar an reachtaíocht á láimhseáil faoi láthair ar bhonn leanúnach.

## Athbhreithniú ar thionscadail Chaibidil 7: Acmhainní Daonna Cosanta

Tráinse 1/Tionscadail Ghníomhacha

Bhí cúig thionscadal le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin agus d'aontaigh na hurraithe go bhfuil ceithre cinn acu, tionscadail uimhir 41, 42, 55 agus 57 (ar sonraíodh go bhfuil sé nasctha le huimhir 58) nasctha agus go bhfuil siad go léir sceidealaithe le dúnadh go luath. Dá bharr sin, d'aontaigh na hurraithe nárbh gá na tionscadail sin a phlé a thuilleadh ag Céim 2. Ó sin, tugadh na ceithre thionscadal sin chun críche agus dúnadh go foirmiúil iad.

Sonraíodh go bhfuil na tionscadail thuas go léir nasctha le tionscadal uimhir 45, a bhí nach mór críochnaithe ag an am agus atá dúnta ó sin. Dá bharr sin, níorbh gá plé leis ag Céim 2.

Tionscadail Stadtha

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail Thráinse 2

Rinneadh athbhreithniú ar dhá thionscadal faoin gcatagóir seo agus d'aontaigh na hurraithe nárbh gá tionscadal uimhir 56 a phlé a thuilleadh ag Céim 2 mar go raibh obair ar tí tosú.

D'aontaigh na hurraithe freisin gurbh gá tionscadal uimhir 39 (atá nasctha le huimhir 70) a phlé a thuilleadh, leis na ceannairí tionscadail, ag Céim 2 mar gur mheas siad go raibh gá le soiléire maidir le nádúr agus scóip an tionscadail sin. Ag an gcruinniú Céim 2, tugadh faoi deara gur aithníodh foireann tionscadail, go bhfuil an Brainse um Forbairt agus Tacaíocht Cumas (Daoine) chun idirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe míleata agus go mbeidh sé riachtanach an Cháipéis Tosaithe Tionscadail (CTT) a athshaothrú sula dtabharfar Plean Tionscadail chun críche. Thug na hurraithe faoi deara go bhfuil gá le haontú ar mhodheolaíocht chun bearnaí a aithint, go bhfuil obair ar siúl chuige sin agus, ar na cúinsí sin, chinn siad nárbh gá go gcuirfí an tionscadal sin ar aghaidh go Céim 3.

Maidir le tionscadal uimhir 40A, d'aontaigh na hurraithe gurbh gá an tionscadal sin freisin a phlé leis na ceannairí tionscadail, ag Céim 2, agus thug siad faoi deara go raibh CTT agus Plean Tionscadail riachtanach. Ag an gcruinniú Céim 2, d'aontaigh na hurraithe nach raibh gá le Céim 3. Thug siad faoi deara gur seoladh CTT athbhreithnithe arna dréachtú ag an Roinn, le cúnamh ón bhForas Riaracháin, chuig an mBrainse Acmhainní Daonna (J1) a chomhlíonfaidh an ról comhordaithe le haghaidh Óglaigh na hÉireann ina n-iomlán maidir leis an tionscadal sin. D'aontaigh na hurraithe go raibh gá le hamfhráma docht mar gur gá an tionscadal sin a chur ar aghaidh mar gur tosaíocht é don Aire. D'aontaigh siad freisin, más gá, go bhféadfar cúnamh a lorg ón IPA.

Tionscadail Dúnta

Rinneadh athbhreithniú ar thionscadal amháin faoin gcatagóir seo agus d'aontaigh na hurraithe nárbh gá tionscadal uimhir 62 a phlé níos mó ag Céim 2. Ós rud é go bhfuil an tionscadal sin dírithe ar fholúntais tosaíochta, áfach, d'aontaigh na hurraithe freisin go bhfuil gá leanúnach le cinntiú go bhfuil na torthaí á mbaint amach a bhfuiltear á n-iarraidh ón tionscadal agus go bhfuil siad cuimsithe i gcleachtais oibre reatha.

Tionscadail Chumaiscthe

Rinneadh tionscadal amháin a athbhreithniú faoin gcatagóir seo agus gurbh gá tionscadal uimhir 36, atá cumaiscthe le huimhir 44, a phlé a thuilleadh le ceannairí tionscadail. Ag Céim 2, thug na hurraithe faoi deara, mar gheall ar urghaire, gur cuireadh srian ar dhul chun cinn scéime píolótaí ach tá an tionscadal á chur ar aghaidh arís agus grúpa oibre Óglaigh na hÉireann tar éis teacht le chéile arís agus, le hamlínte athbhreithnithe agus leasuithe ar an bPlean Tionscadail, rachfar ar aghaidh leis an obair in dá chéim – a bpléitear sa chéad cheann acu le hoifigigh. D'aontaigh na hurraithe, ós rud é go bhfuiltear ag dul ar aghaidh leis an tionscadal anois, gur cheart é a fhágáil mar thionscadal neamhspleách agus nach bhfuil gá le tuilleadh gnímh. D'aontaigh siad freisin nárbh gá Céim 3 a thosú.

Tionscadail nach bhfuil tosaithe fós

Rinneadh 19 dtionscadal san iomlán a athbhreithniú faoin gcatagóir sin agus d'aontaigh na hurraithe nárbh gá 13 de na tionscadail sin, tionscadal uimhir 37, 38, 40, 43, 49, 50, 54, 58 (nasctha le 57), 59, 60, 61, 63 ná 64, a thógáil ar aghaidh le haghaidh tuilleadh plé ag Céim 2.

Maidir le tionscadal uimhir 37, áfach, aontaíodh nach mór fanacht go mbeidh tionscadal uimhir 36 (atá cumaiscthe le 44 - féach thuas) agus 56, a bhfuil an dá cheann ar siúl faoi láthair, go dtosófar é. Ar an gcaoi chéanna maidir le tionscadal uimhir 38, tugadh faoi deara go raibh roinnt nasc le tionscadail eile agus d'aontaigh na hurraithe nárbh inmhianaithe an tionscadal seo a thosú go mbeidh uimhir 39 (féach ar Thionscadail Thráinse 2 thuas) críochnaithe.

Maidir le tionscadal uimhir 43, thug na hurraithe faoi deara go bhfuiltear ag dul ar aghaidh le roinnt gnéithe de sin ar aon chaoi trí IT Cheatharlach agus Ollscoil Mhá Nuad. Ní chuimseodh an dul chun cinn sin, áfach, an gá le meas an bhfuil cothrom cuí á bhaint amach, lena n-áirítear i bhfianaise an ghá le raon cuí de sholáthar traenála agus oideachais a chinntiú.

D'aontaigh na hurraithe gur cheart tionscadail nasctha, uimhir 46, 47 agus 48, a thógáil ar aghaidh go Céim 2, le gur féidir cumasc idir na trí cinn a mheas. Ag Céim 2, tar éis plé, aontaíodh na trí cinn a fhágáil mar thionscadail neamhspleácha go fóill mar, faoi láthair, níl aon ghá práinneach le tosaíocht a thabhairt do na trí cinn agus, dá bharr sin, nach féidir

cumasc a mheas i ngnáthchúrsa phróiseas chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin. D'aontaigh na hurraithe freisin nárbh gá Céim 3 a thosú i dtaobh ceann ar bith de na tionscadail sin. D'aontaigh na hurraithe, ós rud é go rachaidh Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí in éag ag deireadh 2020, gur cheart smaoineamh faoi thionscadal 49 a thosú roimh sin, agus mar chuid b'fhéidir, dá bhféadfadh teacht chun bheith mar Thráinse 3.

Maidir le tionscadal uimhir 51, 52 agus 53, d'aontaigh na hurraithe gur cheart iad a phlé a thuilleadh leis na ceannairí tionscadail ag Céim 2. Maidir le huimhir 51, tugadh faoi deara ag an gcruinniú Chéim 2 cé go bhfuil an tionscadal fós le tosú go bhfuil obair ar ghnéithe de ar siúl cheana i ngnáthchúrsa imeachtaí. Dá bharr sin, measadh nach mbeadh an gá leis an tionscadal ábhartha le himeacht ama. Freisin pléadh sa chruinniú an bhféadfaí na trí thionscadal a chumasc. Measadh, áfach, ós rud é nach dóchúil go gcuirfear ceann ar bith de na tionscadail sin i leataobh le tosú go luath, nach gá déileáil leis sin faoi láthair agus ina áit gur féidir é a mheas i ngnáthchúrsa phróiseas Chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin. Aontaíodh freisin nárbh gá Céim 3 den phróiseas a thosú i dtaobh ceann ar bith de na tionscadail sin.

**Athbhreithniú ar thionscadail Chaibidil 8: Na hÓglaigh Chúltaca (OCT)**

<u>Tráinse 1/Tionscadail Ghníomhacha</u>

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

<u>Tionscadail Stadtha</u>

Bhí tionscadal amháin, uimhir 70 atá cumaiscthe le huimhir 71 (agus atá nasctha le tionscadal uimhir 39 agus 72), a bhí le hathbhreithniú faoin gcatagóir seo. D'aontaigh na hurraithe nárbh gá uimhir 70 a phlé ag Céim 2. D'aontaigh siad freisin gur cheart go bhfanfadh an tionscadal seo stadta, ar a laghad go mbeidh tionscadal uimhir 39 dúnta, mar gur gá na bearnaí sa PDF a thuiscint sular cheart leanúint ar aghaidh le hobair tionscadail.

<u>Tionscadail Thráinse 2</u>

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail Dúnta

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail Chumaiscthe

Bhí tionscadal amháin le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin. Tá tionscadal uimhir 71 cumaiscthe le huimhir 70 a fhanfaidh mar thionscadal stadta (féach thuas).

Tionscadail nach bhfuil tosaithe fós

Rinneadh 11 tionscadal san iomlán a athbhreithniú faoin gcatagóir sin.

D'aontaigh na hurraithe nárbh gá tionscadal uimhir 69 ná 73 a bhogadh ar aghaidh go Céim 2 ach go bhféadfaí, in am is i dtráth, smaoineamh faoi uimhir 69 a chumasc le tionscadail chumaiscthe eile na n-OCT. D'aontaigh na hurraithe freisin nach gá tionscadal uimhir 72 (atá nasctha le huimhir 70) a phlé ag Céim 2 ach chinn siad go mbeidh gá le tionscadal uimhir 39 agus 67 a thabhairt chun críche sula mbeifear in ann an tionscadal sin a thosú.

Maidir le tionscadal uimhir 65, 66, 67, 68, 74, 75, 76 agus 77, d'aontaigh na hurraithe gur cheart iad siúd go léir a phlé ag Céim 2 leis na ceannairí tionscadail i gcomhthéacs, b'fhéidir, líon mór tionscadail OTC a chumasc. Ag an gcruinniú Céim 2, tar éis plé maidir le huimhir 65, thug na hurraithe faoi deara cé nach bhfuil an tionscadal sin tosaithe fós, gur aithníodh an Cúltaca Céad Líne mar acmhainn fhéideartha chun déileáil le bearnaí san Aerchór agus sa tSeirbhís Chabhlaigh agus, dá bharr sin, go bhfuil dul chun cinn maith déanta ar ghnéithe áirithe den tionscadal seo. Thug na hurraithe faoi deara, freisin, gur gá an tionscadal sin a mheas i gcomhthéacs níos leithne na n-OCT go ginearálta agus, dá bharr sin, gur gá seicheamh na hoibre a bhainistiú chun dúbailt nó forluí a sheachaint nach bhfuil gá leo. Dá réir sin, ar an gcéad dul síos, aontaíodh gur cheart an tionscadal a chumasc le huimhir 66.

Maidir le huimhir 67, tugadh faoi deara go mbaineann gné den tionscadal sin leis an FLR agus go bhfuil sé, mar sin, nasctha leis na tionscadail nua-chumaiscthe, tionscadal uimhir 65 agus 66. Mura mbaineann an tionscadal sin (uimhir 67) leis an OCT iomlán, áfach, aontaíodh nárbh cuí na trí cinn go léir a chumasc. Is é an toradh a bheidh ar uimhir 65 agus 66 a chumasc, áfach, ná an obair a fhrithchúiteamh a bhaineann le huimhir 67 agus, dá bharr sin, thug na

hurraithe faoi deara go mbeidh feasacht faoi thosaíochtaí agus faoi sheicheamh na dtionscadal sin riachtanach. D'aontaigh na hurraithe gur cheart uimhir 75 a chumasc le huimhir 67 agus, dá barr sin, go mbeadh sé sin mar an tionscadal "uileghabhálach" le haghaidh na gceanglas reachtach a ghabhann le huimhir 65 (atá le cumasc le huimhir 66). Pléadh cumasc idir tionscadal uimhir 68 agus uimhir 67 ag Céim 2 freisin ach aontaíodh iad siúd a fhágáil mar thionscadail neamhspleácha, d'ainneoin imní an urraí shibhialta faoi shrianta acmhainne. Freisin pléadh ábharthacht leantach uimhir 68 i gcomhthéacs líon foirne reatha an Chúltaca Seirbhíse Cabhlaigh. Maidir le cén uair ar cheart tosú ar an tionscadal sin, d'aontaigh na hurraithe gur cheart é a nascadh le huimhir 39 mar go mbeidh sé riachtanach an tionscadal um anailís ar an mbearna BO a chríochnú sula dtosófar obair ar an tionscadal seo. D'aontaigh siad freisin go mbaineann an méid céanna le tionscadal uimhir 74 a fhanfaidh mar thionscadal neamhspleách ach nach dtosóidh sé go dtí go mbeidh uimhir 39 tugtha chun críche. D'aontaigh na hurraithe freisin, tar éis plé ag Céim 2, tionscadal uimhir 76 agus 77 a fhágáil mar thionscadail neamhspleácha.

Sa deireadh, d'aontaigh siad freisin nárbh gá Céim 3 a thosú do cheann ar bith de na tionscadail sin.

### Athbhreithniú ar thionscadail Chaibidil 9: Cosaint Shibhialta

Tráinse 1/Tionscadail Ghníomhacha

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail Stadtha

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail Thráinse 2

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail Dúnta

Bhí tionscadal amháin, uimhir 79, le hathbhreithniú faoin gcatagóir seo agus cinneadh nárbh gá é sin a phlé níos mó ag Céim 2.

Tionscadail Chumaiscthe

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail nach bhfuil tosaithe fós

Bhí dhá thionscadal le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin agus, cé nach bhfuil tionscadal uimhir 78 tosaithe fós, tugadh faoi deara go bhfuil an tAire ag dul i gcomhairle le bainistíocht agus baill na Cosanta Sibhialta. I bhfianaise an mhéid sin, cé gur cinneadh nárbh gá é sin a phlé a thuilleadh ag Céim 2, aontaíodh go bhféadfaí an tionscadal sin a mheas le tosú go luath.

Ar an gcaoi chéanna, cinneadh freisin nach raibh gá le cruinniú Chéim 2 do thionscadal uimhir 80 ach aontaíodh nár cheart go dtosódh sé go mbeidh uimhir 78 tugtha chun críche, ar feitheamh cinntí faoi athrú reachtach agus treoir beartais ina dhiaidh sin.

**Athbhreithniú ar thionscadail Chaibidil 10: Cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin**

Tráinse 1/Tionscadail Ghníomhacha

Rinneadh athbhreithniú ar dhá thionscadal faoin gcatagóir sin. D’aontaigh na hurraithe nárbh gá tionscadal uimhir 84 agus 86 a mheas a thuilleadh ag Céim 2. Mar a aontaíodh air roimhe, áfach, agus mar a thug an Rialtas faoi deara i 2018, ba cheart tionscadal uimhir 86 a thabhairt chun críche tar éis go mbeidh an nuashonrú reatha ar an bPáipéar Bán tugtha chun críche.

Tionscadail Stadtha

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail Thráinse 2

Bhí tionscadal amháin, uimhir 88, le hathbhreithniú faoin gcatagóir seo d’aontaigh na hurraithe nárbh gá é a phlé níos mó ag Céim 2. Thug na hurraithe faoi deara, maidir leis an

ngá práinneach leis an tionscadal sin a thosú, mar a aithníodh sa Pháipéar Bán, gur baineadh an aird de ag foilsiú, níos deireanaí i 2015, Plean Infheistíochta Caipitiúla an Rialtais 2016 go 2021 agus leaganacha eile ó sin, lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta 2018 go 2027 ina soláthraítear €541m de mhaoiniú caipitiúil don Chosaint i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2022.

Tionscadail Dúnta

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail Chumaiscthe

Ní raibh aon tionscadail le hathbhreithniú faoin gcatagóir sin.

Tionscadail nach bhfuil tosaithe fós

Rinneadh athbhreithniú ar chúig thionscadal faoin gcatagóir seo agus d'aontaigh na hurraithe nárbh gá na tionscadail uimhir 81,82, 83, 85 ná 87 a phlé níos mó ag Céim 2.

Maidir le huimhir 82, d'aontaigh na hurraithe gur gá Cáipéis Tosaithe Tionscadail a thabhairt chun críche maidir le huimhir 83, thug siad roinnt tionscnamh dearfach faoi deara agus, i bhfianaise an mhéid sin, mhol siad do Bhrainse Traenála Óglaigh na hÉireann (J7) agus don Bhrainse Acmhainní Daonna sibhialta leanúint ar aghaidh le socruithe agus plé leanúnach ar cheart go mbeadh tionscnaimh bhreise mar thoradh orthu. D'aontaigh na hurraithe má leantar ar aghaidh leis an dul chun cinn sna réimsí sin go bhféadfadh go mbeadh neart fuinnimh le smaoineamh faoin tionscadal sin a thosú. D'aontaigh na hurraithe freisin, i dtaobh uimhir 87, gur cheart a shonrú sa Nuashonrú sin go gcoimeádann an tionscadal sin a thábhacht d'ainneoin forbairtí éagsúla, agus leanúnacha, a tharla, ar aon chaoi, rud a chiallaíonn go bhfuil brú níos láidre sa treo sin anois ar leibhéal AE.

## E. Clár do Rialtas Comhpháirtíochta – Gealltanais faoi cheannas na Roinne Cosanta

| **Cur síos ar an nGealltanas CrC** |
|---|
| Tabharfaimid isteach scéim phíolótach um thacaíocht fostaíochta i 2016, trína gcuirfear scileanna agus oiliúint a shamhlaítear le hÓglaigh na hÉireann ar fáil do 30-40 rannpháirtí. |
| Leibhéal méadaithe de rannpháirtíocht ban in Óglaigh na hÉireann, agus é mar aidhm an ráta rannpháirtíochta a dhúbailt ón 6% mar atá ann faoi láthair go 12% sna 5 bliana amach romhainn. |
| Scrúdóidh an Oifig Pleanála Éigeandála an cheist an féidir Aonad Mearfhreagartha a bhunú, a mbeadh an Roinn Comhshaoil, a d'fhéadfaí a imscaradh nuair ba ghá, chun comhordú a dhéanamh ar thairiscintí cabhrach agus cúnaimh, dóibh siúd a mbeadh i gcruachás tar éis imeacht aimsire crua. |
| An Páipéar Bán ar Chosaint a chur i bhfeidhm. |
| Soláthar a dhéanamh d'aistriú ó chabhlachán ocht go naoi loinge, infheistíocht in iompróirí armúrtha pearsanta, feithiclí loighistice, nuachóiriú dúnta agus Dún Chostúim Baile Átha Luain san áireamh, athsholáthar aerárthaí mar is gá agus soláthar a dhéanamh d'fheabhsúcháin ar Aeradróm Mhic Easmuinn, Baile Dhónaill. |
| Déanamh cinnte go bhfuil 9,500 ball foirne ar a laghad in Óglaigh na hÉireann chomh maith le cúltaca ina bhfuil líon iomlán foirne. |
| Tacaíocht a thabhairt dár n-iarshaighdiúirí mar gheall ar an tseirbhís phoiblí agus a gcuid iarrachtaí den chéad scoth thar ceann an Stáit. |
| Déanamh cinnte go ndéantar líon foirne, bonn scileanna agus ról na n-Óglach Cúltaca chomh mór agus is féidir agus díriú ar rannpháirtíocht iomlán an RDF ag 4,000 ball foirne. |
| Tús áite a thabhairt don ghá le déileáil leis an mbearna ó thaobh rannpháirtíocht ban in Óglaigh na hÉireann. |
| Tacaíocht a thabhairt do Chosaint Shibhialta agus í a fhorbairt, an reachtaíocht a rialaíonn a ról a thabhairt suas le dáta, agus foireann chomhordaithe um threoir idirghníomhaireachta a bhunú chun déileáil le saincheisteanna móra ó thaobh bhainistíocht éigeandála. |
| Institiúid nua um Thacaíocht Síochána agus Oiliúint Cheannaireachta a fhorbairt sa Churrach. |
| Comhpháirtíochtaí a spreagadh idir Óglaigh na hÉireann agus an earnáil phríobháideach agus é mar aidhm taighde, nuáil agus forbairt fiontraíochta a mhéadú. |
| Bonn 1916 a bhronnadh ar gach ball de na Buan-Óglaigh atá i mbun seirbhíse i 2016 agus ar bhaill seirbheála de na hÓglaigh Chúltaca i 2016 mar chuid de choincheap an fhórsa aonair. |
| Oibreoimid le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann chun aontú ar phlean maoinithe do thionscnamh Atlantic Youth Trust, arb é a bheidh i gceist leis ná árthach nua um oiliúint seoltóireachta chun go mbeifear in ann forbairt, meantóireacht agus oiliúint daoine óga a dhéanamh ar fud an oileáin |